EUROJUST

Tuarascáil Bhliantúil 2013

© Eurojust, 2014

Clúdaíonn an foilseachán seo an tréimhse 1 Eanáir 2013 go dtí 31 Nollaig 2013

Uimhir chatalóige: QP-AA-14-001-GA-C

ISBN: 978-92-95084-58-2
ISSN: 1831-4279
DOI: 10.2812/5714

Fiosrúcháin:

Guthán: + 31 70 412 5000
R-phost: info@eurojust.europa.eu
Láithreán Gréasáin: www.eurojust.europa.eu

Tuarascáil Bhliantúil Eurojust 2013

Tá Tuarascáil Bhliantúil Eurojust le haghaidh 2013 tar éis a bheith aistrithe ón mbunleagan Béarla go Gaeilge ag an Ionad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Tá sé mar mhisean ag Eurojust tacú le comhordú agus comhoibriú agus iad a neartú idir údaráis áitiúla sa chomhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach thrasteorann a théann i bhfeidhm ar an Aontas Eorpach

Clár ábhair

Nóta maidir le Cinneadh Eurojust 5
Acrainmneacha agus giorrúcháin 5
Réamhrá 7
Achoimre Feidhmiúcháin 8

2013 AR LEAGAN NA SÚL 10

1. FAOI EUROJUST 12

1.1. Misean, fís, agus prionsabail treoracha 13

1.2. Deasca Náisiúnta, an Coláiste, Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó thríú Stáit 13
1.2.1. Comhdhéanamh 13
1.2.2. Inniúlachtaí, taisc agus cumhachtaí 13
1.2.3. Rialachas agus modhanna oibre 14
1.2.4. Oiliúint 15
1.2.5. ENCS agus an fiches suédoises 15

1.3. Riarachán Eurojust 15

1.4. Eurojust agus líonraí cleachtóirí 17
1.4.1. An Gréasán Breithiúnach Eorpach 17
1.4.2. Líonra JITanna 18
1.4.3. Líonra Cinedhíothaithe 18
1.4.4. Fóram Comhchomhairleach 19

2. CONAS A OIBRÍONN EUROJUST 20

2.1. Cruinnithe comhordúcháin Eurojust 21

2.2. Ionaid chomhordúcháin Eurojust 23

2.3. Malartú faisnéise agus CMS 24
2.3.1. Forbairt an CMS 24
2.3.2. Foirm 'cliste' Airteagal 13 24
2.3.3. Naisc idir ENCS agus CMS 25

2.4. Eurojust agus JITanna 25
2.4.1. Cásobair Eurojust 25
2.4.2. Cruinniú Bliantúil Saineolaithe JITanna 27
2.4.3. Maoiniú/cúnamh airgeadais do JITanna 27

3. OBAIR OIBRÍOCHTÚIL EUROJUST 28

3.1. Cásobair Eurojust i réimsí tosaíochta na coireachta 29
3.1.1. Gáinneáil ar dhrugaí 29
3.1.2. Inimirce neamhdhleathach 30
3.1.3. Gáinneáil ar dhaoine 31
3.1.4. Calaois 32
3.1.5. Éillitheacht 33
3.1.6. Cibearchoireacht 33

3.1.7. Sciúradh airgid *35*
3.1.8. Sceimhlitheoireacht *36*
3.1.9. Grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste) *37*

3.2. Cúnamh Eurojust i réimsí eile de ghníomhaíocht choiriúil 39
3.2.1. Cionta coiriúla a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais an AE (cionta PIF) *39*
3.2.2. Coireacht chomhshaoil *40*
3.2.3. Píoráideacht mhuirí *41*
3.2.4. Pointe Teagmhála Eurojust le haghaidh Cosaint Leanaí *41*

3.3. Caidreamh Eurojust 42
3.3.1. Caidreamh le tríú Stáit agus eagraíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach *42*
3.3.2. Comhar le Europol agus OLAF *43*

3.4. Dúshláin agus dea-chleachtas i dtaca le cásobair 44

4. Focás Eurojust na Bliana: measúnú JITanna 46

Téama: Forbairtí reachtúla 50

Aguisín 1 – Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid 54

Aguisín 2 - Bearta mar gheall ar Chonchlúidí na Comhairle 55

Aguisín 3 – Staidreamh cáis Eurojust 56

Figiúr 1 – Cásobair 2009 go 2013 ..... *56*
Figiúr 2 – Cásanna déthaobhacha agus iltaobhacha ó 2009 go 2013 ..... *56*
Figiúr 3 – Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha tionscanta ag Ballstát *57*
Figiúr 4 – Ballstáit iarrthach/iarrtha *57*
Figiúr 5 – Cásanna de réir Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó 2009 to 2013 ..... *58*
Figiúr 6 – Cineálacha coireachta tosaíochta Eurojust *58*
Figiúr 7 – Tríú Stáit i gcásobair Eurojust *59*
Figiúr 8 – Rannpháirtíocht tíortha nach Ballstáit iad, comhpháirtithe an AE & eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcásobair Eurojust *59*
Figiúr 9 – Príomhchineálacha coireachta a bhaineann le tríú Stáit *60*
Figiúr 10 – Cruinnithe comhordanáidithe: Ballstáit *60*
Figiúr 11 – Cruinniú ar chomhordú: tíortha nach Ballstáit iad, comhpháirtithe den AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta *61*
Figiúr 12 – Tarlú cineálacha coireachta i gcruinnithe comhordúcháin *61*
Figiúr 13 – Ionaid chomhordúcháin *62*
Figiúr 14 – Eurojust agus JITanna *62*
Figiúr 15 – Líon cásanna Airteagal 13 ..... *63*
Figiúr 16 – EAWanna a chur i gcrích: Ballstát iarrthach/iarrtha *63*

Nóta maidir le Cinneadh Eurojust

Cinneadh Eurojust – déanfar tagairt don Chinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh Eurojust d'fhonn an comhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach a threisiú, mar a bhí leasaithe an uair dheireanach ag Cinneadh ón gComhairle 2009/426/JHA an 16 Nollaig 2008 ar neartú Eurojust, déanfar tagairt dó sa tuarascáil seo mar 'Chinneadh Eurojust'. Tá leagan comhdhlúite de Chinneadh Eurojust, arna ullmhú ag Ardrúnaíocht na Comhairle chun críocha faisnéise amháin, ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.eurojust.europa.eu.

Acrainmneacha agus giorrúcháin

CMS	Córas Bainistíochta Cásanna
EAW	Barántas Gabhála Eorpach
EC3	Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa
EJN	An Gréasán Breithiúnach Eorpach
ENCS	Córas Náisiúnta Comhordúcháin Eurojust
EMPACT	Clár Oibre Ildisciplíneach na hEorpa i gcoinne Bagairtí Coireachta
EPPO	Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hEorpa
JIT	Meitheal Imscrúdúcháin Chomhpháirteach
JSB	Comhchomhlacht Maoirseach Eurojust
MASP	Plean Straitéiseach Ilbhliantúil
MLA	Cúnamh dlíthiúil frithpháirteach
MOCG	Grúpa Coiriúla Eagraithe (Soghluaiste)
MoU	Meabhrán Tuisceana
MPJM	Monatóir Breithiúnach Píoráideachta Muirí
MTIC	Calaois Thrádálaithe ar Iarraidh laistigh den Chomhphobal
OAP	Plean Gníomhaíochta Oibriúcháin
OCC	Comhordúcháin Glaodhualgais
OCG	Grúpa Coiriúil Eagraithe
OLAF	Oifig Eorpach Frith-chalaoise
PIF	Cosaint shainleasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh
SOCTA	Measúnú ar Bhagairt Coireachta Eagraithe Tromchúisí
TCM	Monatóir Ciontuithe Sceimhlitheoireachta
TE-SAT	Staid agus Treocht maidir le Cúrsaí Sceimhlitheoireachta
TFEU	Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
THB	Gáinneáil ar dhaoine

Déanaimid ár ndícheall na torthaí oibriúcháin is fearr a bhaint amach trí sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil atá sofhreagrach ar riachtanais páirtithe leasmhara

Réamhrá

Is áthas liom an dara Tuarascáil Bhliantúil déag a chur i láthair, rud a thugann léargas ar an gcaoi a mbíonn Eurojust ag feidhmiú agus ag oibriú, agus ar a chásobair agus a ghnío--mhaíochtaí straitéiseacha in 2013. Is príomhpháirtí aitheanta é Eurojust anois i dtacú le Ballstáit an Aontais Eorpaigh sa chomhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach thrasteorann. Tá an taithí agus an saineolas atá faighte againn le 11 bhliain anuas mar bhuntáiste breise d'ionchúisitheoirí agus údaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta nuair a bhíonn siad ag déileáil le hiarratas ar chúnamh dlí frithpháirteach trasnáisiúnta, cur chun feidhme ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh agus comhordú cásanna coiriúla. Tháinig méadú 2.8 faoin gcéad ar líon na gcásanna ar iarr Ballstáit cúnamh Eurojust ina leith ó 1,533 cás in 2012 go 1,576 cás in 2013.

Agus cruinnithe ar chomhordú agus ionaid chomhordúcháin á gcur ar fáil aige, rudaí atá mar uirlisí uathúla aige, tugann Eurojust údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha le chéile ó Bhallstáit agus ó thríú Stáit, éascaíonn sé comhoibriú i ngníomhartha straitéiseacha agus oibriúcháin, agus réitíonn sé deacrachtaí nós imeachta agus praiticiúla a bhíonn mar thoradh ar na difríochtaí sa 30 córas dlí atá san Aontas Eorpach faoi láthair. Is iad príomhbhuarthaí Eurojust ná freastal ar riachtanais cleachtóirí, agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an eagraíocht agus tacaíocht a thairgtear i rith a leithéid d'iarrachtaí comhordúcháin.

Lean Eurojust dá thacaíocht chuimsitheach i mbunú agus reáchtáil comhfhoirne imscrúdaithe (JITanna), agus d'fheabhsaigh sé a ról mar ionad saineolais an AE ar JITanna. Tá Rúnaíocht Líonra na JITanna ag Eurojust tar éis forbairt mar mhol eolais i gcúrsaí JIT trí shineirgí a chothú leis an Líonra Saineolaithe JITanna agus Deasca Náisiúnta Eurojust. Léirigh Eurojust tuilleadh dá thiomantas chomh maith do mhaoiniú JIT ar mhaithe le tairbhe dhíreach cleachtóirí sna Ballstáit, trí chostais ghaolmhara a íoc lena bhuiséad féin tar éis do dheireadh teacht leis an bhféidearthacht a bhí ann deontais speisialta a fháil as sin a dhéanamh.

Tháinig méadú ar chásobair Eurojust in 2013, go háirithe maidir le cásanna a bhain le gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, calaois, caimiléireacht, sciúradh airgid, cionta coiriúla a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais anAE agus grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste). Chomh maith le dul i ngleic le tosaíochtaí coireachta an AE, tá Eurojust tiomanta do fhreagra a thabhairt ar iarratais a fhaightear ó údaráis náisiúnta agus ar fheiniméin nua choireachta, agus tuilleadh dá chuid oibre a chur ar fáil d'institiúidí an AE nuair a bhítear ag athbhreithniú na gcreat cuí dlí agus beartais.

Chomh maith leis an *Monatóir Ciontuithe Sceimhlitheoireachta*, sheolamar an *Monatóir Breithiúnach Píoráideachta Muirí i mbliana*. Tá an dá fhoilseachán mar fhoinsí eolais do chleachtóirí. Bhí trí cheist *Nuacht Eurojust,* rud a bhí foilsithe ar shuíomh gréasáin Eurojust in 2013, bhí siad tiomanta *d'Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hEorpa*, *Comhfhoirne Imscrúdaithe*, agus *Coireacht chomhshaoil*. Cuireann na nuachtlitreacha seo eolas ar fáil ar chreat dlí, comhthéacs beartais, cion oibre saineolaithe agus ról Eurojust i réimsí téamacha ar leith.

Cuireadh tús le forbairt eagraíochtúil Eurojust le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin agus na deiseanna nua a bhaineann leis chun Eurojust a neartú ar láimh amháin, agus Oifig Ionchúisitheora Phoiblí na hEorpa (EPPO) a bhunú *'ó Eurojust' ar an láimh eile*. Is cinnte go mbeidh torthaí na measúnuithe leanúnacha frithpháirteacha ar chur chun feidhme chreat dlí reatha Eurojust sna Ballstáit ina spreagadh tábhachtach eile dá fhorbairt, in éineacht leis an measúnú ar Eurojust, rud atá le bheith coimisiúnaithe an bhliain seo chugainn. Tugadh céim ríthábhachtach in Iúil 2013 nuair a sheol an Coimisiún Eorpach athchóiriú Eurojust chun a creat dlí a fheabhsú, agus chun a chumas a neartú i ndeireadh na dála. Ag an am céanna, tosaíodh togra chun an EPPO a chruthú. Caithfidh an dá thionscnamh a bheith forbartha mar 'phacáiste' chun comhlántacht a chinntiú, agus chun bearnaí gan baol pionóis a sheachaint.

Chuireamar fáilte roimh ár gcéad Chomhalta Náisiúnta ar son na Cróite, is é sin, an tUas. Josip Čule, agus tar éis don Uas. Francisco Jiménez-Villarejo agus an tUas. Ladislav Hamran a bheith ceaptha mar Leas-Uachtaráin nua, tá Foireann na hUachtaránachta, foireann an Choláiste agus Eurojust ag súil go mór le bliain rathúil agus tháirgiúil in 2014.

Michèle CONINSX
Uachtarán Eurojust

Achoimre Feidhmiúcháin

- Tháinig méadú 2.8 faoin gcéad ar líon na gcásanna inar iarr Ballstáit cúnamh Eurojust le dul i ngleic le coireacht thromchúiseach thrasteorann, ó 1,533 cás in 2012 go 1,576 cás in 2013.

- Chomhchruinnigh cleachtóirí úsáid uirlisí comhordúcháin – cruinnithe comhordúcháin, ionaid chomhordúcháin agus comhfhoirne imscrúdaithe.

- Tháinig méadú ar líon na gcruinnithe ar chomhordú, 206 san iomlán, d'fhan líon na n-ionad comhordúcháin mar an gcéanna agus seacht gcinn i gceist, agus ba é líon na JITanna ar thacaigh Eurojust leo ná 102, agus bhí 42 acu seo mar JITanna nua. Bhí na 60 a bhí fágtha ina JITanna ó bhlianta roimhe sin.

- Ba é 217 an líon cásanna cláraithe a bhain le feidhmiú na mBarántas Gabhála Eorpach.

- Tháinig méadú ar chásobair Eurojust sna réimsí coireachta seo a leanas in 2013: gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, calaois, caimiléireacht, sciúradh airgid, cionta coiriúla a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais an AE agus grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste).

- Bhí dhá chruinniú straitéiseach ag Eurojust in 2013:

- *Calaois mháil thrasteorann: bagairtí éiritheacha san Aontas Eorpach*, ar 14 agus 15 Samhain, á gcur i láthair i gcomhar le hUachtaránacht na Liotuáine ar an AE; agus

- *I dtreo comhordú feabhsaithe ionchúisimh choireachta comhshaoil ar fud an AE: Ról Eurojust*, ar 27 agus 28 Samhain, agus iad á gcur i láthair i gcomhar leis an Líonra Eorpach Ionchúisitheoirí don Chomhshaol.

- D'óstáil Eurojust dhá chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach, in Aibreán faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus i mí na Nollag faoi Uachtaránacht na Liotuáine ar an AE.

- Cuireadh tús leis an tionscadal chun *Monatóir Breithiúnach ar Phíoráideacht Mhuirí a fhorbairt*in 2012, agus bhí sé mar thoradh air seo gur foilsíodh an chéad eagrán i Meán Fómhair 2013. Nuashonrófar an foilsiú gach 18 mí.

- Tacaíonn Eurojust go gníomhach le gach tionscadal den Ardán Eorpach Ildisciplíneach in aghaidh Bagairtí Coiriúla (EMPACT) chun tosaíochtaí na Comhairle a fhorbairt. Bhí Eurojust páirteach chomh maith in ullmhú na bPleananna Straitéiseacha Ilbhliantúla (MASPanna) don timthriall nua beartais, 2014-2017, agus don aistriú go Pleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin.

- Cuireadh tús le EC3 Europol in Eanáir 2013. Cheap Eurojust Comhalta Náisiúnta do Bhord an Chláir agus shann sé ball foirne go sealadach don EC3.

- Shínigh Eurojust comhaontú comhoibrithe le Prionsacht Lichtinstéin ar 7 Meitheamh 2013.

- Shínigh Eurojust Meabhrán Tuisceana le Interpol ar 15 Iúil 2013 agus le Frontex ar 18 Nollaig 2013.

- Chuir Eurojust tacaíocht airgeadais ar fáil do 34 JIT. Chomh maith leis sin, seoladh tionscadal ar mheasúnú JITanna ó thaobh na dtorthaí a baineadh amach. Feabhsóidh bailiú sonraí measúnachta an cuardach réiteach ar dhúshláin dhlíthiúla agus phraiticiúla.

- Ba é buiséad Eurojust in 2013 ná EUR 32.2 milliún. Ba é an méid cur chun feidhme den bhuiséad ná 99.6 faoin gcéad, agus ba é seo an céatadán ba mhó riamh.

Gabhaim buíochas le **Carlos Zeyen**, iar-Leas-Uachtarán agus Comhalta Náisiúnta do *Lucsamburg*, **Lampros Patsavellas**, iar-Chomhalta Náisiúnta don *Ghréig*, agus **Hans-Holger Herrnfeld**, iar-Chomhalta Náisiúnta don *Ghearmáin*, as a n-obair agus an cion oibre luachmhar a rinne siad do Eurojust

C. Zeyen, 1 Aibreán 2007 – 1 D.F. 2013

L. Patsavellas,
1 Meitheamh 2005–31 Bealtaine 2013

H. Herrnfeld,
1 M.F. 2010 – 31 Bealtaine 2013

Gabhaimid buíochas le **Raivo Sepp** as a chion oibre iontach mar Leas-Uachtarán Eurojust

Leas-Uachtarán, 1
3 M.F. 2007 – 8 Samhain 2013

Coláiste Comhaltaí Náisiúnta Eurojust, 2013

Michèle Coninsx, an Bheilg

Mariana Ilieva Lilova, an Bhulgáir

Lukáš Starý, Poblacht na Seice

Jesper Hjortenberg, an Danmhairg

Annette Böringer, an Ghearmáin

Raivo Sepp, an Eastóin

Robert Sheehan, Éire

Nikolaos Ornerakis, an Ghréig

Francisco Jiménez-Villarejo, an Spáinn

Sylvie Petit-Leclair, an Fhrainc

Josip Čule, an Chróit

Francesco Lo Voi, an Iodáil

Katerina Loizou, an Chipir

Gunārs Bundzis, an Laitvia

Laima Čekelienė, an Liotuáin

Olivier Lenert, Lucsamburg

László Venczl, an Ungáir

Donatella Frendo Dimech, Málta

Jolien Kuitert, an Ísiltír

Ingrid Maschl-Clausen, an Ostair

Mariusz Skowroński, an Pholainn

João Manuel Da Silva Miguel, an Phortaingéil

Daniela Buruiană, an Rómáin

Malči Gabrijelčič, an tSlóivéin

Ladislav Hamran, Poblacht na Slóvaice

Harri Tiesmaa, an Fhionlainn

Leif Görts, an tSualainn

Frances Kennah, RA

2013

ar leagan na súl

7 Meitheamh Lucsamburg
Comhaontú Comhoibrithe idir Eurojust agus Lichtinstéin

19 agus 20 Meitheamh
Cruinniú idirbheartaíoch agus straitéiseach ar sceimhlitheoireacht: Creat-Chinneadh Comhairle 2008/919/JHA an 28 Samhain 2008: luach agus tionchar breise

27 agus 28 Meitheamh *9ú Cruinniú Saineolaithe JITanna*

EANÁIR | FEABHRA | MÁRTA | AIBREÁN | BEALTAINE | MEITHEAMH

11 Feabhra
Cuairt Choistí LIBE agus CRIM ó Pharlaimint na hEorpa

17 agus 18 Aibreán *Cruinniú líonra pointí teagmhála in aghaidh cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh*

25 agus 26 Aibreán *Cruinniú d'Fhóram Comhchomhairleach d'Ionchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí um Ionchúiseamh Poiblí*

9 Meán Fómhair
Dearadh deiridh áitreabh nua Eurojust

29 Meán Fómhair
Lá Idirnáisiúnta na Háige

27 agus 28 Samhain
Cruinniú straitéiseach Eurojust agus ENPE: "I dtreo comhordú feabhsaithe ionchúisimh choireachta comhshaoil ar fud an AE: Ról Eurojust"

14 agus 15 Samhain
Uachtaránacht na Liotuáine & Seimineár de chuid Eurojust: "Calaois mháil thrasteorann: bagairtí éiritheacha san Aontas Eorpach"

IÚIL

1 Iúil
Tháinig an Chróit isteach san Aontas Eorpach

15 Iúil An Háig *Cuairt Ard-Rúnaí Interpol agus síniú an MoU idir Eurojust agus Interpol*

17 Iúil
Foilsiú Thogra an Choimisiúin Rialachán a dhéanamh ar Eurojust

LÚNASA

MEÁN FÓMHAIR

DEIREADH FÓMHAIR

14 agus 15 Deireadh Fómhair
Eurojust seimineár: "Feabhsú ar an gcomhrac in aghaidh coireacht thrasteorann?"

29 agus 30 Deireadh Fómhair
Cruinniú líonra pointí teagmhála in aghaidh cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh

SAMHAIN

13 Nollaig
Cruinniú Fóram Comhchomhairleach d'Ionchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí um Ionchúiseamh Poiblí

NOLLAIG

18 Nollaig Vársá
MoU idir Eurojust agus Frontex

29 Deireadh Fómhair agus 10 Nollaig
Toghadh Leas-Uachtaráin

Faoi Eurojust

1

1.1. Misean, fís, agus prionsabail treoracha

Ár misean

Is é misean Eurojust ná tacú le comhordú agus comhoibriú idir údaráis náisiúnta, agus iad a neartú sa chomhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach thrasteorann a théann i bhfeidhm ar an Aontas Eorpach.

Ár bhfís

Tá sé mar fhís ag Eurojust a bheith ar an bpríomhpháirtí agus príomh-ionad saineolais ar an leibhéal breithiúnach le haghaidh gníomhú éifeachtach in aghaidh coireacht eagraithe thrasteorann san Aontas Eorpach.

Treoirphrionsabail

Treoraíonn na prionsabail seo a leanas Eurojust ina cuid oibre:

- Bunaímid ár dtodhchaí ar iontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt le Ballstáit, comhlachtaí den AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú Stáit, agus ar obair le dreamanna eile chun comhspriocanna a bhaint amach.
- Féachaimid le comhordú agus comhoibriú a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile sa Limistéar Eorpach Saoirse, Slándála agus Cirt.
- Déanaimid ár ndícheall na torthaí oibriúcháin is fearr a bhaint amach trí sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus iad sofhreagrach ar riachtanais páirtithe leasmhara.
- Bailímid an cleachtas is fearr agus roinnimid ár n-eolas le húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha agus comhpháirtithe eile le cur leis an gcomhrac in aghaidh coireacht thromchúiseach.
- Cuirimid cur chun feidhme ceart ionstraimí reachtúla do chomhoibriú breithiúnach chun cinn, agus cuirimid lena bhforbairt bhreise.
- Cuirimid prionsabail an dea-rialachais, costéifeachtachta, éifeachtúlachta, ceannaireachta agus trédhearcachta I bhfeidhm, agus muid ag cur le gairmiúlacht agus tiomantas ár bhfoirne agus leis an mbainistíocht is fearr ar acmhainní daonna.

1.2. Deasca Náisiúnta, an Coláiste, Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó thríú Stáit

1.2.1. Comhdhéanamh

Tá 28 Comhalta Náisiúnta in Eurojust, is é sin, duine amháin ó gach Ballstát, agus iad ar iasacht i gcomhréir lena gcórais dlí féin. Is é fad téarma oifige Comhalta Náisiúnta ná ceithre bliana ar a laghad. Tá a n-áit rialta oibre ag Comhaltaí Náisiúnta ag ceanncheathrú Eurojust sa Háig.

Chomh maith leis sin, bíonn Leas-Chomhalta agus Cúntóir ag cuidiú leis an gcuid is mó Comhaltaí Náisiúnta. I láthair na huaire, is ionchúisitheoirí nó breithiúna sinsearacha iad Comhaltaí Náisiúnta, Leas-Chomhaltaí agus Cúntóirí.

Ag deireadh 2013, bhí 65 ionadaí ag na Deasca Náisiúnta, agus 44 acu ag obair ag Eurojust. Bhí fiche is a cúig de na Comhaltaí Náisiúnta ag obair sa Háig, fad is a bhí 19 Leas-Chomhalta Náisiúnta agus 18 gCúntóir agus tacú leo, agus bhí 9 agus 11 acu ag obair ag Eurojust faoi seach. Bhí aon Saineolaí Náisiúnta déag ar iasacht ag na Ballstáit dá nDeasca Náisiúnta. Chláraigh na Deasca Náisiúnta iomlán 1,576 cás in 2013.

Cuimsíonn Coláiste Eurojust na Comhaltaí Náisiúnta, dream atá freagrach as eagrú agus oibriú Eurojust. Is é Michèle Coninsx, Comhalta Náisiúnta na Beilge, Uachtarán Eurojust. Ceapadh Francisco Jiménez-Villarejo, Comhalta Náisiúnta na Spáinne, agus Ladislav Hamran, Comhalta Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice, mar Leas-Uachtaráin.

Tacaítear le Eurojust le riarachán a bhfuil Stiúrthóir Riaracháin mar cheann air agus cuireann sé Rúnaíochtaí an Líonra Eorpaigh Bhreithiúnaigh, an Líonra JITanna agus an Líonra um Chinedhíothú i láthair.

Chomh maith leis sin, tá Ionchúisitheoir Idirchaidrimh ón Iorua ag obair ag Eurojust ó 2005. Tá Ionchúisitheoir Idirchaidrimh curtha ag obair ag SAM chuig Eurojust ó 2007; tá ceapachán nua ar feitheamh.

1.2.2. Inniúlachtaí, taisc agus cumhachtaí

Cuimsíonn inniúlachtaí Eurojust na cineálacha céanna coireachta agus cionta a bhfuil inniúlacht ag Europol ina leith, amhail sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí,

gáinneáil ar dhaoine, góchumadh, sciúradh airgid, cibearchoireacht, coireacht in aghaidh maoine nó earraí poiblí, lena n-áirítear calaois agus éillitheacht, cionta coiriúla a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais an AE, coireacht chomhshaoil agus rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil. Anuas air sin, ar iarratas údaráis inniúil náisiúnta, is féidir le Eurojust cabhrú le himscrúduithe agus ciontuithe maidir le cineál ciona eile ar bith. Is gnách go mbíonn Eurojust ag déileáil le hiarratais a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó, ach tá cead aige chomh maith cabhrú le cásanna nach mbaineann ach le Ballstát amháin agus tríú Stát, nó Ballstát amháin agus an tAontas Eorpach.

Is iad príomhthascanna Eurojust ná comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh sna Ballstáit a spreagadh agus a fheabhsú; comhoibriú a fheabhsú idir na húdaráis inniúla de na Ballstáit; agus tacú ar bhealach ar bith is féidir leis na húdaráis áitiúla ina n-imscrúduithe agus a n-ionchúisimh. Is féidir le Eurojust gníomhú trí cheann amháin nó níos mó de na Comhaltaí Náisiúnta nó mar Choláiste. Agus a thascanna á gcur i gcrích aige, tá cead ag Eurojust iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta:

- imscrúdú nó ionchúiseamh gníomhartha ar leith a dhéanamh;
- glacadh leis go bhfuil ceann amháin acu níos oiriúnaí ná an ceann eile chun imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh;
- comhordú a dhéanamh lena chéile m.sh. chun JIT a bhunú;
- eolas ar bith atá riachtanach do Eurojust a sholáthar do chur i gcrích a thasc; agus/nó
- bearta speisialta imscrúdaithe a dhéanamh, nó beart ar bith eile a bhfuil údar maith tugtha leo a dhéanamh le haghaidh an imscrúdaithe nó an ionchúisimh.

Chomh maith leis sin, ar iarratas na n-údarás inniúil náisiúnta, tá cead ag Eurojust cabhrú le easaontachtaí dlínse a réiteach i gcás ar leith agus diúltú nó deacrachtaí athfhillteacha a tharlaíonn i gcomhoibriú breithiúnach a shárú, trí thuairimí neamhcheangailteacha a chur in iúl do na húdaráis inniúla sna Ballstáit atá i gceist.

Cleachtann Comhaltaí Náisiúnta na cumhachtaí atá ar fáil dóibh chomh maith ina gcumas mar údaráis inniúla náisiúnta agus iad ag gníomhú i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta. Tá sé de chumhacht ag an gcuid is mó Comhaltaí Náisiúnta eolas forlíontach a fháil, a tharchur, a éascú, a athleanúint agus a sholáthar maidir le comhlíonadh na n-iarratas ar chúnamh. Ar na cumhachtaí eile is féidir a chleachtadh i gcomhaontú le húdarás náisiúnta, tá eisiúint agus cur i gcrích iarratas ar chomhoibriú breithiúnach, bearta imscrúdaithe a ordú sna Ballstáit a mheastar a bheith riachtanach i rith chruinnithe Eurojust ar chomhordú, chomh maith le húdarú agus comhordú ar sheachadadh rialaithe. I gcásanna práinneacha, tá teidlíocht dhíreach ag an gcuid is mó Comhaltaí Náisiúnta seachadadh rialaithe a údarú agus a chomhordú, agus iarratais ar chomhoibriú breithiúnach a chur i gcrích. Tá an chuid is mó Comhaltaí Náisiúnta i dteideal páirt a ghlacadh i JITanna.

OCC Bíonn deasca Náisiúnta Eurojust ar fáil 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine. I gcás iarratas práinneach agus i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh Eurojust, tá cead ag an OCC iarratais ar chúnamh ó údaráis áitiúla a fháil agus a phróiseáil taobh amuigh d'uaireanta rialta oibre. Faoi Mheitheamh 2011, bhí córas bainistíochta glaonna i bhfeidhm ag Eurojust a chuireann an glao ar aghaidh chuig an ionadaí ón OCC den Deasc Náisiúnta atá i gceist; ligeann sé seo do ghlaoiteoirí gnó a dhéanamh ina dteanga féin. Is féidir leis an ionadaí ón OCC an gníomh cuí a dhéanamh, amhail teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí ón OCC ó Dheasc Náisiúnta eile.

1.2.3. Rialachas agus modhanna oibre

Tá foirm hibrideach i gceist le rialachas Eurojust. Oibríonn Comhaltaí Náisiúnta, agus iad ceaptha ag údaráis náisiúnta lena stádas faoin dlí náisiúnta, oibríonn siad i gcomhar le foireann an AE agus iad ag obair faoi údarás Stiúrthóir Riaracháin. Tá gníomhaíochtaí Eurojust braislithe i dtrí phríomhchatagóir atá idirghaolmhar agus comhcheangailte:

- **Cásobair** Baineann sé seo leis na gníomhaíochtaí a bhíonn déanta ag na deasca Náisiúnta agus ag an gColáiste nuair a bhítear ag déileáil le hábhar cásanna, agus is é seo príomhchuspóir Eurojust, mar atá luaite in Airteagal 85(1) TFEU. Baineann an téarma le cásanna a bhaineann le himscrúduithe coiriúla a tugadh go Eurojust trí iarratais ó údaráis náisiúnta, agus le cásobair chomh maith a raibh eolas a fuarthas mar bhonn leis, go háirithe ó Bhallstáit, Europol agus OLAF.
- **Obair bheartais** déileálann sé le gníomhaíochtaí a bhfuil gá acu le cur chuige institiúideach nó cur chuige atá dírithe ar phróiseas ar fud na heagraíochta go léir. Tá dhá ghné i gceist le catagóir na hoibre beartais: cuimsíonn sí cruthú beartas agus treoirlínte atá beartaithe le rialáil a dhéanamh ar obair oibríochtúil Eurojust ar láimh amháin, agus ar tháirgí a fhorbairt ar an láimh eile, amhail tuarascálacha straitéiseacha, tuarascálacha staidéir a bhaineann le cásobair, páipéir bheartais, tuairimí ar dhréacht-ionstraimí reachtúla, cur i gcrích tionscadal straitéiseach a dhíríonn ar ghnéithe ar leith de chomhoibriú breithiúnach d'fhonn anailís a dhéanamh ar chásobair Eurojust, réimsí a aithint le haghaidh feabhsú agus cur chun cinn an chleachtais is fearr i gcomhoibriú breithiúnach.

- **Baineann obair riaracháin** le tascanna riaracháin amhail bainistíocht airgeadais, eagrú agus bainistíocht tacaíochta riaracháin agus seirbhísí eile a chuireann tacaíocht indíreach ar fáil do chásobair.

Feidhmeanna an choláiste Rinne an Coláiste bearta praiticiúla chun an méid ama a chaitheann siad ar obair oibríochtúil a mhéadú, fad is a laghdaítear an t-am a chaitear ar a rannpháirtíocht i gcúrsaí riaracháin. D'fheabhsaigh an Coláiste a obair ar chúrsaí oibriúcháin i rith chruinnithe iomlánacha an Choláiste in 2011. Rinne an Coláiste rialáil ar a mhodhanna oibre agus ar a fheidhmiú go mionsonraithe in 2012, rud a chiallaigh go raibh sé in ann obair a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla in 2013. Is é cleachtas reatha Eurojust ná an difreáil idir cruinnithe oibriúcháin agus Bord Bainistíocht an Choláiste.

Foirne an Choláiste Déanann naoi bhfoireann den Choláiste ullmhúchán agus cuidíonn siad leis an gColáiste ina obair agus a chinnteoireacht. Cuimsíonn na foirne comhaltaí den Choláiste atá mar oibrithe deonacha ar bhonn a saineolais i réimsí éagsúla. Léiríonn deighilt fhoirne an Choláiste príomhréimsí oibre an Choláiste.

Foireann na hUachtaránachta Tacaíonn Foireann na hUachtaránachta leis an Uachtarán i gcomhlíonadh a d(h) ualgas agus is ionann í agus beirt Leas-Uachtarán, agus an Stiúrthóir Riaracháin ag obair mar thaca. Déanann an tUachtarán monatóireacht ar an mbainistíocht laethúil a bhíonn cinnte ag an Stiúrthóir Riaracháin agus stiúrann sé/sí obair an Choláiste. I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta Eurojust, gairmeann an tUachtarán agus bíonn sé/sí mar chathaoirleach ar chruinnithe an Choláiste, déanann sé/sí ionadaíocht ar son Eurojust, agus síníonn sé/sí gach cumarsáid oifigiúil ar son an Choláiste. Déanann Foireann na hUachtaránachta comhordú agus cinntíonn siad cur chuige comhsheasmhach i leith obair an Choláiste ó dhearcthaí oibriúcháin, beartais agus bainistíochta.

1.2.4. Oiliúint

An Gréasán Oiliúna Breithiúnach Eorpach I gcomhréir le MoU 2008 idir Eurojust agus an EJTN, leanadh den chomhoibriú idir Eurojust agus an EJTN i réimse na hoiliúna breithiúnaí. Bhí ochtar ionchúisitheoirí/breithiúna ón Ostair, an Bhulgáir, an Iodáil, an Spáinn agus an Pholainn páirteach i gcúrsaí oiliúna fadtéarmacha ag Eurojust, agus bhí siad páirteach in obair laethúil Deasc Náisiúnta a dtíortha bunaidh. Chomh maith leis sin, bhí comhaltaí na nDeasc Náisiúnta páirteach go gníomhach in dhá sheimineár de chuid an EJTN. *Comhoibriú idirnáisiúnta breithiúnach i gcúrsaí coireachta á chleachtadh.*. Dhírigh na seimineáir seo ar MLA agus ar chur i gcrích EAWanna a bhaineann leis an bhFrainc, an Rómáin agus an Iodáil (Márta, Páras) agus an Fhionlainn, an tSualainn agus an Phortaingéil (Aibreán, Liospóin). Thacaigh Eurojust chomh maith leis an oiliúint JIT le haghaidh CEPOL/EJTN i mí Mheán Fómhair.

CEPOL I gcomhréir leis an MoU ó 2009 idir Eurojust agus CEPOL, feabhsaíodh an comhoibriú sa réimse oiliúna. Lean Eurojust dá rannpháirtíocht i gcúrsaí agus seimineáir ghréasáin CEPOL. Chomh maith leis sin, cuireadh bailchríoch ar an gComhchuraclam ar Eurojust agus seoladh é chuig Bord Bainistíochta CEPOL.

1.2.5. ENCS agus an *fiches suédoises*

ENCS Is é an cuspóir atá i gceist le ENCS a bhunú i ngach aon Bhallstát ná comhordú a dhéanamh ar an obair a bhíonn déanta ag na príomhpháirtithe náisiúnta atá freagrach as comhoibriú breithiúnach m.sh. comhfhreagraithe náisiúnta Eurojust agus don EJN, agus ionadaithe líonraí ionadaíocha eile, amhail na Líonraí JIT agus um Chinedhíothú. I measc na bpríomhthascanna atá aige, tacaíonn an ENCS le malartú eolais idir Eurojust agus na Ballstáit trína chinntiú go bhfaigheann CMS Eurojust eolas ar bhealach éifeachtúil agus iontaofa; go n-éascaíonn sé leithdháileadh cásanna idir Eurojust agus an EJN; agus go gcothaíonn sé dlúthchaidreamh le hAonaid Náisiúnta Europol. Tá leibhéil éagsúla feidhmiúcháin ENCS i gceist sna Ballstáit éagsúla, ach leanadh den dul chun cinn in 2013.

Fiches suédoises Tacaíonn Eurojust le cur chun feidhme an 28 ENCS trí thairiscint na *fiches suédoises*, rud ar uirlis eolais ar leith é faoin ENCS. Cuireann na *fiches suédoises* forbhreathnú ar fáil ar struchtúr agus comhdhéanamh an ENCS in aghaidh an Bhallstáit agus coinníonn Eurojust cothrom le dáta iad.

1.3. Riarachán Eurojust

Díríonn an rannán seo aird ar fhorbairtí riaracháin in 2013. Tacaíonn lucht riaracháin le hobair an Choláiste, dream a bhfuil an Stiúrthóir Riaracháin mar cheann orthu.

Faoi dheireadh 2013, bhí lucht oibre 230 ball foirne sa lucht riaracháin, a raibh 203 acu ina ngníomhairí sealadach agus 27 acu ina gníomhairí conartha.

Chomh maith leis sin, tá triúr saineolaithe ar iasacht le bheith ag obair i riarachán Eurojust. Is féidir eolas breise a fháil ar bhainistíocht agus forbairtí riaracháin a aimsiú i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaíochta 2013.

Ráta chur i gcrích an bhuiséid Méadaíodh cur i gcrích an bhuiséid in 2013 go 99.6 faoin gcéad (i.e.

EUR 32.2 milliún de EUR 32.4 milliún), an ráta is airde de chur i gcrích buiséid ag Eurojust; ba é an meán le ceithre bliana anuas ná 97.8 faoin gcéad. Bhí an ráta cur i gcrích íocaíochta, is é sin, 86.8 faoin gcéad, níos airde chomh maith in 2013 ná mar a bhí meán na gceithre bliana dheireanacha, is é sin, 82.8 faoin gcéad.

Tacaíocht airgeadais do JITanna Tháinig deireadh leis an dara tionscadal maoiniúcháin do JITanna in 2013 – bunaithe ar dheontas a bhí bronnta ag an gCoimisiún Eorpach faoin gClár um Chosc agus Comhrac in aghaidh Coireachta (ISEC). Ligeann an tionscadal seo do Eurojust tacú le 95 JIT éagsúil a bunaíodh idir 22 Ballstát, idir Deireadh Fómhair 2010 agus Meán Fómhair 2013. Thiomnaigh Eurojust é féin i Meán Fómhair 2013 do leanúnachas tacaíochta airgeadais a chinntiú do JITanna trí mhaoiniú a chur ar fáil óna bhuiséad rialta. Ar mhaithe le comhsheasmhacht a threisiú idir thionscadail éagsúla atá á reáchtáil ag an eagraíocht maidir le JITanna, tá bainistíocht deontais JITanna tar éis a bheith sannta do Rúnaíocht Líonra na JITanna.

Acmhainní Daonna Bhí an Plean Bunaithe le haghaidh 2013 curtha i bhfeidhm ar ráta 95.3 faoin gcéad. Tá an chuid atá fágtha sceidealta le bheith críochnaithe sa chéad ráithe de 2014. Ach mar gheall ar an ngá atá le líon na bpost a laghdú in 2014, agus ar mhaithe le cur chun feidhme na ngciorruithe buiséid a chosaint ag deireadh 2014, ní féidir gach post oscailte a líonadh. Seoladh tionscadal le cinntiú gur féidir na laghduithe riachtanacha ar líon na bpost a chur chun feidhme (rudaí atá mar thoradh ar chinneadh buiséadach d'institiúidí an AE) gan foirceannadh na gconarthaí atá ag foireann Eurojust.

Struchtúr an riaracháin Críochnaíodh athstructúrú an riaracháin in 2013, rud a chuimsigh úsáid nósanna imeachta athaicmithe agus earcaíochta iomaíche, rudaí a chuireann le ráta chur chun feidhme an Phlean Bunaithe, rud atá beagnach críochnaithe.

Áitreabh buan Eurojust Beidh áitreabh nua Eurojust suite sa 'chrios idirnáisiúnta' sa Háig ag Jan Willem Frisolaan, áit nach bhfuil i bhfad de shiúl na gcos ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus Europol. Bhí dearadh deiridh an áitribh nua ceadaithe in 2013 agus bhí na sonraíochtaí teicniúla curtha ar fáil i Nollaig 2013 le bheith measúnaithe ag an mBallstát aíochta agus ag Eurojust. D'fhaomh Bardas na Háige an cead tógála. Tá an tógáil beartaithe le tosú i samhradh 2014, agus tá sé i gceist go gcríochnófar é faoi Nollaig 2016, agus é réidh do theacht isteach Eurojust go luath in 2017.

Gníomhaireachtaí comhoibrithe JHA Bhí Eurojust páirteach i ngníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí JHA, rud a dhírigh in 2013 ar chaidreamh seachtrach, acmhainní daonna agus soghluaisteacht agus ar chomhordú oiliúna. Eagraíodh Ócáid Infheictheachta i mí na Samhna i gcomhar le Parlaimint na hEorpa mar thoradh ar Chumarsáid an Choimisiúin ar an Scéim Forfheidhmithe Dlí Eorpach, rud a bhfuil sé mar aidhm aige méadú a dhéanamh ar chumas an AE dul i ngleic le coireacht. Lean Eurojust dá chleachtas a chlár oibre a mhalartú leis na gníomhaireachtaí eile JHA.

Riarachán Eurojust © *Eurojust*

Cinn Aonaid agus Sheirbhísí Eurojust © *Eurojust*

Clé go Deas: Jacques Vos, Seirbhísí Corparáideacha; Mike Moulder, Buiséad, Airgeadas agus Soláthar; Vincent Jamin, Rúnaíocht Líonra na JITanna; Alinde Verhaag, Anailís Cásanna; Klaus Rackwitz, Stiúrthóir Riaracháin; Jon Broughton, Bainistíocht Faisnéise; Alfredo García Miravete, Tacaíocht Oibriúcháin; Diana Alonso Blas, Cosaint Sonraí; Matevž Pezdirc, Rúnaíocht an Líonra um Chinedhíothú; Carla Garcia Bello, Rúnaí Dlí an Choláiste; Claudia Trif, Acmhainní Daonna; Catherine Deboyser, An tSeirbhís Dlí.

1.4. Eurojust agus líonraí cleachtóirí

Cuireann Eurojust Rúnaíochtaí Líonraí an EJN, JITanna agus Líonraí um Chinedhíothú i láthair agus éascaíonn sé idirghníomhú idir na Deasca Náisiúnta agus na líonraí ina bpríomhghnó coiteann. Baineann na rúnaíochtaí leas as acmhainní riaracháin Eurojust chun seirbhísí a thairiscint do na líonraí. Chomh maith leis sin, tacaíonn Eurojust le gníomhaíochtaí Fóram Comhchomhairleach d'Ionchúisitheoirí Ginearálta agus Stiúrthóirí um Ionchúiseamh Poiblí Bhallstáit an AE (an Fóram Comhchomhairleach), rud a threisíonn an ghné bhreithiúnach de straitéis an AE ar shlándáil inmheánach.

1.4.1. An Gréasán Breithiúnach Eorpach

Bhí an EJN cruthaithe trí Chomhghníomh 98/428 JHA an 29 Meitheamh 1998, rud a ndeachaigh Cinneadh Comhairle 2008/976/JHA an 16 Nollaig 2008 ina áit, mar ghréasán pointí teagmhála náisiúnta ar mhaithe le comhoibriú breithiúnach a éascú i gcúrsaí coireachta. Tá Rúnaíocht an EJN freagrach as riarachán an EJN.

Comh-Thascfhórsa EJN-Eurojust Leanadh den obair ar an gcomhpháipéar, rud a chuireann síos ar na seirbhísí a chuireann an EJN agus Eurojust ar fáil, le cabhrú le cleachtóirí cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar chóir don EJN nó Eurojust déileáil le cásanna ar leith.

Uachtaránacht Thriúr EJN Ar 23 Deireadh Fómhair, bhuail Uachtaránacht Eurojust, an Stiúrthóir Riaracháin agus Uachtaránacht Thriúr EJN le chéile agus phléigh siad neartú ar chomhoibriú, Buiséad EJN, 2014-2015, agus an séú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha ar chur chun feidhme agus oibriú praiticiúil Chinneadh athmheasta Eurojust. Taobh istigh de chreat an tséú babhta leanúnach de mheasúnuithe frithpháirteacha, dírítear moltaí ar Rúnaíocht an EJN chomh maith. Spreag Eurojust an EJN le breithniú ar an ENCS mar scagaire le haghaidh comhoibriú breithiúnach.

Tairseach r-Chirt Beidh suíomh gréasáin an EJN comhtháite leis an Tairseach r-Chirt, rud atá beartaithe mar ionad ilfhreastail leictreonach don am amach anseo i réimse an chirt, agus mar uirlis úsáideach do chleachtóirí.

Cruinnithe iomlánacha agus réigiúnacha EJN Tharla dhá chruinniú iomlánacha, rudaí a chuir ardán ar fáil do

phointí teagmhála EJN chun taithí a roinnt agus fadhbanna praiticiúla agus dlíthiúla a bhíonn ag Ballstáit i réimse an chomhoibrithe bhreithiúnaigh idirnáisiúnta i gcúrsaí coireachta a phlé. Bhí ionadaíocht ag Eurojust ag na cruinnithe seo. Dhírigh 40ú cruinniú iomlánach EJN faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ar an gcomhrac in aghaidh calaoise agus cur chun feidhme praiticiúil orduithe calctha agus coigistíochta. Dhírigh an 41ú cruinniú iomlánach den EJN faoi Uachtaránacht na Liotuáine ar an AE ar chomhoibriú EJN le tríú Stáit, lena n-áirítear tíortha comhpháirtíochta oirthearacha an AE. Cuireann an EJN cruinnithe réigiúnacha chun cinn chomh maith le cabhrú le díriú ar fhadhbanna a bhfuil gné réigiúnach ar leith ag baint leo. Is minic a thugtar cuireadh d'ionadaithe ó Dheasca Náisiúnta ábhartha de chuid Eurojust freastal ar na cruinnithe réigiúnacha seo.

1.4.2. Líonra JITanna

Bunaíodh an Líonra Saineolaithe Náisiúnta ar JITanna in 2005 chun malartú eolais agus an chleachtais is fearr a chothú idir Ballstáit ar JITanna. Tá Rúnaíocht an Ghréasáin á cur i láthair ag Eurojust ó 2011, agus é ag aithint an ghá atá le hidirghníomhú agus comhlántacht idir an nGréasán agus Eurojust.

Limistéar srianta Seoladh limistéar srianta Ghréasán na JITanna go hoifigiúil ag imeall an 9ú cruinniú bliantúil (27 agus 28 Meitheamh). Tá an uirlis seo, rud ar féidir le Saineolaithe ceaptha Náisiúnta teacht air mar chuid de shuíomh gréasáin Eurojust – tá sé beartaithe le freastal mar ardán do chumarsáid idir na saineolaithe agus le tacú le roinnt an eolais, an cleachtais is fearr agus ceachtanna a foghlaimíodh. Nuair a bheidh sé ag obair go hiomlán, ba chóir go n-éascódh an uirlis seo teacht ag cleachtóirí ar eolas bainteach praiticiúil dlí, d'fhonn bunú agus reáchtáil éifeachtúil JITanna a éascú.

Foirm mheasúnachta I bhfianaise togra ó Rúnaíocht Gréasáin an JITanna, d'fhaomh na saineolaithe formáid agus ábhar teimpléad measúnaithe JIT. Tá an fhoirm beartaithe le cabhrú le hobair cleachtóirí atá páirteach sa mheasúnú ar an uirlis JIT ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an JIT agus na torthaí a baineadh amach (*féach* Caibidil 4, 'Fócas na bliana: JITanna a mheasúnú').

Maoiniú JIT Amhail ó 1 Meán Fómhair 2013, thiomnaigh Eurojust é féin do leanúint de mhaoiniú gníomhaíochtaí JIT óna bhuiséad rialta féin. Tá Rúnaíocht Gréasáin na JITanna freagrach as cur chun feidhme breise an mhaoinithe JIT (*féach* Rannán 2.4, 'Eurojust agus JITanna').

Cruinniú Bliantúil Chuir an cruinniú bliantúil, rud a thugann Saineolaithe Náisiúnta agus Comhaltaí Náisiúnta, Leas-Chomhaltaí agus Cúntóirí Eurojust le chéile, chuir sé deis ar fáil ábhair chomhleasa a phlé maidir le JITanna. Bhí an plé i gceardlanna i mbliana ar cheisteanna a bhain le nochtadh eolas oibriúcháin agus inghlacthacht fianaise, agus iad bunaithe ar fhíorchás a bhí tacaithe ag Eurojust.

1.4.3. Líonra Cinedhíothaithe

Bhí an Gréasán pointí teagmhála um imscrúdú agus ionchúiseamh maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (an Gréasán um Chinedhíothú) bunaithe ag Cinneadh Comhairle 2002/494/JHA, agus bhí sé athdhearbhaithe ag Cinneadh Comhairle 2003/335/JHA. Bunaíodh Rúnaíocht an Ghréasáin um Chinedhíothú in Iúil 2011 chun comhoibriú dlúth a chinntiú idir na húdaráis náisiúnta in imscrúdú agus ionchúiseamh na gcoireanna seo. Agus cruinnithe an Ghréasáin um Chinedhíothú agus Rúnaíocht an Ghréasáin um Chinedhíothú á gcur i láthair aige, cuireann Eurojust fóram ar leith ar fáil do chleachtóirí le bualadh le chéile, plé a dhéanamh agus eolas, an cleachtas is fearr agus taithí a roinnt, chomh maith le comhoibriú agus tacú lena chéile in imscrúdú agus ionchúiseamh.

Forbairtí straitéiseacha Chuimsigh gníomhaíochtaí san Aontas Eorpach plé sa Chomhairle chun éifeachtúlacht a fheabhsú i ndul i ngleic le saoirse ó phionós chomh maith le himscrúdú agus ionchúiseamh coireachta tromchúisí idirnáisiúnta a neartú, trí straitéis agus plean gníomhaíochtaí cuimsitheach d'institiúidí agus Ballstáit an AE.

Limistéar srianta Tá limistéar srianta an tsuímh ghréasáin tar éis a bheith seolta ag Rúnaíocht an Ghréasáin um Chinedhíothú, rud a ligfidh do chomhaltaí teacht ar eolas agus cumarsáid a dhéanamh i dtimpeallacht rúnda.

Cruinnithe bliantúla Reáchtáil Eurojust 14ú agus 15ú cruinniú an Líonra Cinedhíothaithe ag a áitreabh féin. Thug an dá chruinniú cleachtóirí le chéile ó gach Ballstát nach mór agus a gcomhghleacaithe ó Cheanada, an Iorua, an Eilvéis, SAM, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) agus binsí fiosraithe coiriúla idirnáisiúnta ad hoc, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Phléigh comhaltaí an Ghréasáin um Chinedhíothú tábhacht Choimisiún Fiosraithe na NA ag an dá chruinniú, agus an obair atá déanta acu sa chomhrac in aghaidh daoine a sháraíonn cearta daonna gan baol pionóis, agus rinne siad athbhreithniú ar cheisteanna saoirse feidhmiúla ó phionós, saoirse phearsanta ó phionós, agus saoirse misean speisialta ó phionós, rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht salach ar fhreagracht choiriúil aonair. Chomh maith leis sin, scrúdaigh an Gréasán um Chinedhíothú taithí chuimsitheach Chrótach ar choireanna cogaidh a ionchúiseamh agus a comhoibriú le tríú Stáit. Ábhar tábhachtach d'anailís an Ghréasáin um Chinedhíothú ná cuntasacht a chinntiú do ghníomhaithe corparáideacha a dhéanann, a thacaíonn le, a chuidíonn le, nó a bhaineann leas as coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta.

Seimineár Téamach Chuir Eurojust Seimineár i láthair dar teideal *Íospartaigh agus Finnéithe Coireanna Idirnáisiúnta a Nascadh le hÚdaráis Náisiúnta Ceartais Choiriúil*, rud a bhí eagraithe ag an tsochaí shibhialta agus Rúnaíocht an Ghréasáin um Chinedhíothú.

1.4.4. Fóram Comhchomhairleach

Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach in 2010 chun an ghné bhreithiúnach de Straitéis Slándála Inmheánaí an AE a threisiú, chomh maith le taithí agus an cleachtas is fearr i gcoireachta thromchúiseach agus eagraithe a roinnt, lena n-áirítear úsáid ionstraimí breithiúnacha comhoibrithe, agus le cur le tionscnaimh reachtúla ag leibhéil an AE. Cuireann Eurojust tacaíocht riaracháin agus airgeadais ar fáil, chomh maith le hionchur suntasach, d'ullmhú chruinnithe an Fhóraim Chomhchomhairligh.

Cruinnithe den Fhóram Comhchomhairleach Chuir Eurojust dhá chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach i láthair in 2013, i mí Aibreáin faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus i mí na Nollaig faoi Uachtaránacht na Liotuáine ar an AE.

Rinne an Fóram Comhchomhairleach plé i rith chruinniú an Aibreáin ar chonclúidí ceardlainne dar teideal *Oifig bheartaithe Ionchúisitheora Phoiblí na hEorpa: Conas a oibreoidh sé go praiticiúil?* Bhí an cheardlann roinnte i gceithre mheitheal, agus gach ceann acu ag díriú ar chéim nó gné bhainteach ar leith d'obair an EPPO. Rinne an Fóram Comhchomhairleach plé chomh maith agus roinn sé taithí ar ról na n-íospartach in imeachtaí coiriúla d'fhonn an Treoir ar Chearta Íospartach ó 25 Deireadh Fómhair 2012 a chur chun feidhme, lenar bunaíodh na caighdeáin íosta ar chearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh coireachta.

Phléigh an Fóram Comhchomhairleach an dréacht-rialachán nua ar Eurojust i rith chruinniú na Nollag, agus mhalartaigh na daoine a bhí ann tuairimí faoin gcaoi le feabhsú breise a dhéanamh ar obair Eurojust. Lean an Fóram Comhchomhairleach dá phlé chomh maith ar fheidhmiú agus bunú EPPO, lenar áiríodh caidreamh speisialta Eurojust leis an EPPO i gcúrsaí oibriúcháin. Mar fhocal scoir, rinne na rannpháirtithe plé ar fhorbairt an limistéir JHA amach anseo, agus cuireadh iad ar an eolas faoi Stráitéis Slándála Inmheánaí an AE agus faoi Thimrthriall Beartais an AE, 2014-2017, lenar áiríodh gníomhaíochtaí Eurojust sa réimse seo.

Tugadh conclúidí chruinniú an Fhóraim Chomhchomhairligh an 14 Nollaig 2012, achoimre ar na freagraí ar an gceistneoir maidir le cionta PIF (8151/13), conclúidí an chruinnithe an 26 Aibreán 2013, agus achoimre ar na freagraí ar an gceistneoir ar an EPPO (11628/13), tugadh iad d'institiúidí an AE agus foilsíodh iad mar dhoiciméid den Chomhairle.

Seolfar conclúidí chruinniú an Fhóraim Chomhchomhairligh an 13 Nollaig 2013 chuig Meithleacha na Comhairle go luath in 2014.

Conas a oibríonn Eurojust

2

2.1. Cruinnithe comhordaithe Eurojust

Bhí 206 cruinniú ar chomhordú ag Eurojust in 2013. Ba iad an Fhrainc (45), an Iodáil (23), an RA (15) agus an Ghearmáin (14) na príomheagraithe, agus ba iad an Ísiltír (56), an Ghearmáin (51), an Spáinn (45), an Bheilg (43), agus an RA (33) na tíortha is mó ar iarraidh orthu a bheith páirteach. Bhí Europol páirteach i 75 de na cruinnithe sin. As an 65 cruinniú ar chomhordú a chuimsigh tríú Stáit, bhain an chuid is mó cruinnithe leis an Eilvéis (15) agus an Iorua (12) agus SAM (9) ina dhiaidh sin. Bhí cúig chruinniú ar chomhordú ar siúl i dtríú Stáit (an Eilvéis (2), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (1), Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (1) agus sa Tuirc (1)).

Ba iad grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste) an príomhchineál coireachta ar díríodh air i rith cruinnithe comhordúcháin (66), agus ina dhiaidh sin bhí caimiléireacht agus calaois (60), gáinneáil ar dhrugaí (56), sciúradh airgid (49) agus THB (24).

Tugann cruinnithe comhordúcháin Eurojust údaráis forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha le chéile ó Bhallstáit agus ó thríú Stáit, agus ligeann sé d'oibríochtaí straitéiseacha, eolasacha agus spriocdhírithe tarlú i gcásanna coireachta trasteorann agus réiteach deacrachtaí dlí agus praiticiúla a bhíonn mar thoradh ar na difríochtaí sa 30 córas dlí atá san Aontas Eorpach faoi láthair tarlú chomh maith. Is comhordaitheoir forghníomhach é Eurojust agus tairgeann sé a áiseanna, chomh maith le cóiríocht agus aisíocaíocht chostais taistil do bheirt rannpháirtithe in aghaidh an Stáit, seirbhísí aistriúcháin, agus saineolas ar chomhoibriú breithiúnach i gcúrsaí coiriúla d'údaráis náisiúnta a bhíonn ag déileáil le cásanna coireachta tromchúisí trasteorann. Cuireann Eurojust roghanna físchomhdhála ar fáil, chomh maith le tionól cruinnithe comhordúcháin taobh amuigh de Eurojust ar mhaithe leis an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus freastal do riachtanais na gcleachtóirí.

Agus iad ag éascú malartú éifeachtach agus luath eolais trí chruinnithe comhordúcháin Eurojust, cuirtear ar chumas na mBallstát imscrúduithe a thionscnaimh, imeachtaí féideartha comhuaineacha a aithint, nó naisc a bhrath le cásanna i mBallstáit eile. Is féidir ceisteanna coitianta *ne bis in idem* a sheachaint, easaontachtaí dlínse a chosc agus aistriú imeachtaí a chomhaontú. Is féidir gníomhaíochtaí imscrúdaithe a phleanáil amhail bunú JIT nó ionad comhordúcháin, nó cur i gcrích iarratais MLA a athleanúint. Nuair a bhíonn cruinnithe comhordúcháin ar siúl, tá cead ag údaráis inniúla náisiúnta na dtíortha ábhartha riachtanais dlí agus ceisteanna nós imeachta a bhaineann le hábhar a a phlé go díreach, m.sh., le bearta imscrúdaithe agus comhéigneacha, calcadh agus coigistiú fáltais coireachta agus oibleagáidí nochta.

Cruinnithe comhordúcháin oibriúcháin - sampla



Sampla cás calaois CBL

Bhí fochuideachta Fhrancach de chuid comhlachta idirnáisiúnta, rud a bhí cláraithe in Oileáin Bhriotanacha na Maighdean agus suite in Dubai (cuid d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha - UAE), bhí sí páirteach i dtrádáil cearta astaíochtaí carbóin. Cheannaigh an comhlacht seo liúntais charbóin ó thrí sholáthraí Fhrancacha. Maidir le dhá cheann de na soláthraithe, íocadh na sonraisc – CBL san áireamh – ó chuntas i Hong Cong. Níor chuir ceann ar bith de na soláthraithe in iúl d'údaráis cánach na Fraince gur bailíodh CBL trí athdhíol na liúntas seo, rud a chiallaigh gur sháraigh siad a n-oibleagáidí dhlíthiúla agus fhioscacha. Bhain an fhochuideachta Fhrancach leas as creidmheas cánach in aghaidh an mhéid CBL a bhí le haisíoc leis na húdaráis cánach – agus é bunaithe ar shonraisc amhrasacha – agus rinne sí brabús calaoiseach mar sin ó asbhaintí cánach, rud a bhí chun dochair do Státchiste na Fraince. Agus aird ar an bhfianaise a bailíodh i rith an imscrúdaithe ar an gcomhlacht seo agus ar a ionadaithe, is dóchúil go raibh an pátrún cuimsitheach calaois CBL bunaithe ag an bhfochuideachta Fhrancach chun a leasa féin, nó ag an gcomhlacht idirnáisiúnta thuasluaite a rinne ionadaíocht ar son a leasa féin sa Fhrainc. Léirigh imscrúduithe chomhchosúla a rinneadh san Ísiltír maidir le trádálaí Ollannach cearta astaíochtaí carbóin go raibh an comhlacht seo mar chuid de thimpeallán CBL, agus go raibh cuid de na hamhrastaigh páirteach in eagraíocht choiriúil a bhí páirteach i gcalaois CBL i roinnt Ballstát éagsúil. Bhí an chuma air go raibh ceangal idir an dá imscrúdú.

Comhordú Eurojust Iarradh tacaíocht Eurojust agus bunaíodh JIT idir an Fhrainc agus an Ísiltír in 2011. Bhí cuid mhaith den chás curtha i gcrích faoi Dheireadh Fómhair 2013 agus tionóladh cruinniú comhordúcháin le teacht ar chomhaontú ar an gcaoi le leanúint de na hionchúisimh sa dá Bhallstát. Léirigh an fhianaise a fuarthas go raibh na príomh-amhrastaigh ag oibriú as Dubai agus gur tháinig deireadh le sruth an airgid in Dubai tar éis dó a bheith seolta trí chuntais idirmheánacha i Hong Cong. Nuair a tharla an cruinniú, bhí na hiarratais MLA go léir nach mór tar éis a bheith curtha i gcrích sa Spáinn, sa Ghearmáin, sa Phortaingéil agus i Hong Cong. Rinne údaráis na Fraince breithniú ar MLAnna a eisiúint chun an UAE ar mhaithe le hamhrastaigh a chur faoi agallamh agus sócmhainní a ceapadh a bheith ansin a ghabháil. Bhí go leor fianaise ag an bhFrainc agus ag an Ísiltír chun an príomh-amhrastach a ionchúiseamh.

Ionchúisimh chomhuaineacha Ba é an cheist a bhí ann ná an bhfanfadh an príomh-amhrastach i gcoimeád tar éis dó a bheith gafa. Bhí féidearthacht láidir sa Fhrainc go scaoilfí an príomh-amhrastach saor go dtí an triail. Bhí údaráis na hÍsiltíre muiníneach go gcuirfeadh an méid fianaise a bhí bailithe agus an dochar eacnamaíoch a bhí déanta ag an gcoir ina luí ar an gcúirt an t-amhrastach a choinneáil i gcoimeád, rud a ligfeadh d'ionchúisitheoirí an dá thír agallaimh a dhéanamh agus leanúint dá n-imeachtaí.

Tabhairt suas sealadach/agallamh a chur ar an amhrastach i gcoimeád sa Bhallstát eile Phléigh na húdaráis rannpháirteacha cibé an gceadódh reachtaíocht na mBallstát atá bainteach an t-amhrastach a thabhairt suas don pháirtí eile chun é/í a chur faoi agallamh agus triail nó cibé an bhféadfaí é/í a choinneáil i gcoimeád go dtí an triail. Chomhaontaigh na páirtithe go raibh an rogha seo ag eascairt as Creat-Chinneadh EAW a chur chun feidhme. Ina theannta sin, d'ardaigh na húdaráis rannpháirteacha ceist maidir le cibé an bhféadfadh breitheamh imscrúdúcháin na Fraince an t-amhrastach a chur faoi agallamh sa chás go raibh sé i gcoimeád san Ísiltír agus an díotáil fhoirmiúil a dhéanamh ag an suíomh sin.

Ne bis in idem De bhrí gur bheartaigh an Fhrainc agus an Ísiltír an príomh-amhrastach a ionchúiseamh maidir le cion bainteach le calaois CBL, phléigh na húdaráis rannpháirteacha cibé an ndéanfadh siad é a díotáil i ndáil leis an gcoireacht chéanna, agus chinn go raibh dhá chion calaoise dhifriúla déanta i gcoinne dhá íospartach dhifriúla i ndlínsí difriúla (riarachán cánach na Fraince agus na hÍsiltíre); dá réir sin, níor tabhaíodh riosca de chontúirt dhúbailte.

Aistriú imeachtaí Mheas na páirtithe go bhféadfadh an Fhrainc a cás a aistriú go foirmiúil chuig an Ísiltír lena ionchúiseamh. I bprionsabal, ní bheadh dlínse ag an Ísiltír ar an gcion sa Fhrainc, de bhrí go raibh tionchar ag an gcion ar íospartach Francach agus gur náisiúnach nach Ollannach a rinne an cion. D'fhéadfadh, áfach, go mbeadh ionchúiseamh i ndáil le rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil san áireamh

sa chás Ollannach. D'éiligh an fhéidearthacht seo breis staidéir ón dá thaobh agus ceadú ó Inchúisitheoir Ginearálta na Fraince.

Roinnt sócmhainní Faoi 2013, bhí thart ar USD 7 milliún calctha de thoradh an imscrúdaithe. Táthar ag súil le hurghabháil tuilleadh sócmhainní. Chomhaontaigh an dá Bhallstát go mbeadh na sócmhainní coigistithe i ndeireadh na dála á roinnt go cothrom.

Roinnt faisnéise á soláthar ag tríú páirtí Mheas baill JIT cibé an bhféadfaí nó nach bhféadfaí faisnéis arna soláthar ag tír nach bhfuil rannpháirteach sa JIT a mhalartú go dlíthiúil mar fhianaise bhailí de bhrí gur idir baill JIT a tharla an malartú. D'fhéadfadh go mbeadh dúshlán le sárú de bhrí gur chuig páirtí JIT amháin a tugadh an fhaisnéis agus ní chuig gach ball JIT. Chomhaontaigh na baill JIT gur cheart don pháirtí fála cead a lorg ón soláthróir faisnéis a roinnt go foirmiúil le páirtí eile an JIT.

Gabháil Faoi réir comhairliúcháin leis na húdaráis náisiúnta, chomhaontaigh na páirtithe gur cheart don Fhrainc leanúint leis an bpríomh-amhrastach a ghabháil, de bhrí gur cuairteoir rialta ba ea é. Socraíodh na bannaí an-ard. Ina dhiaidh sin, bheartaigh an Ísiltír EAW a eisiúint, an t-amhrastach a thógáil chun na hÍsiltíre agus iarraidh go bhfanfadh sé i gcoimeád. Bhí an dá thír le hionchúisimh chomhuaineacha a rith. Bhí údaráis na Fraince le húdarú a lorg chun an amhrasach a chur faoi agallamh san Ísiltír. Ní chuirfí aistriú imeachtaí chuig an Ísiltír san áireamh go dtí níos déanaí. Chomh maith leis, chomhaontaigh na páirtithe ar mhalartú comhad cáis agus fianaise bunaithe ar an gcomhaontú JIT.

Mar thoradh ar an gcomhar sa chás seo, gabhadh triúr amhrastach sa Fhrainc. Forghníomhaíodh na MLAanna a eisíodh do Hong Cong, don Eilbhéis, don Ríocht Aontaithe, don Ghearmáin, don Danmhairg, don Spáinn agus do SAM. Ceistíodh ochtar sa Fhrainc agus san Ísiltír, eisíodh EAW i gcoinne príomh-amhrastach nárbh eol cá raibh sé lonnaithe agus rinneadh cruinniú comhordúcháin a phleanáil chun obair leantach a dhéanamh ar an imscrúdú.

2.2. Ionaid chomhordúcháin Eurojust

In 2013, cuireadh seacht n-ionad comhordúcháin ar bun ag Eurojust, eagraithe ag na tíortha seo a leanas: an Fhrainc (4), an Iodáil (2) agus an Ísiltír (1). Is iad na cineálacha coireanna a ndearnadh imscrúdú orthu imirce neamhdhleathach (2), gáinneáil ar dhrugaí agus THB (1), coir mhótarfheithicle (1), earraí góchumtha (1), sciúradh airgid (1), agus calaois (1).

Cinntíonn infhaighteacht 24 uair sa lá, seacht lá na seachtaine Eurojust mar aon le bunú ionad comhordúcháin tarchur faisnéise agus comhordú beart i bhfíor-am idir údaráis náisiúnta i rith lá comhghníomhaíochta.

Cothaíonn ionaid chomhordúcháin Eurojust tacú le, comhordú agus obair leantach ar urghabhálacha láithreach baill, gabhálacha, cuardach tí/cuideachta, orduithe calctha agus agallaimh le finnéithe. Fachtóir tábhachtach i rath imeachtaí cúirte ina dhiaidh sin é inghlacthacht fianaise bailithe. Éascaíonn ionaid chomhordúcháin Eurojust gnóthachtáil torthaí inbhuanaithe i gcásanna coiriúla trasteorann.

Sampla de chás calaoise

Cuireadh tús le himscrúdú casta trasnáisiúnta calaoise ar scéim líomhnaithe 'Ponzi' a tosaíodh sa Fhrainc i bhFeabhra 2012. Bhí na hamhrastaigh agus na cuideachtaí i gceist bunaithe in ocht mBallstát mar aon leis an Eilbhéis agus na Séiséil. Aithníodh thart ar 400 íospartach ar fud na hEorpa. Measadh gurbh fhiú ar a laghad EUR 23 milliún an dochar. Cuireadh na fáltais i gcuntais bhainc sna Séiséil, i Málta agus sa Chipir, agus infheistíodh in eastát réadach, báid agus luaimh.

Iarradh ar Eurojust forghníomhú iarratais MLA a éascú chun na hamhrastaigh a aimsiú

agus fáltais ó choireacht mar aon le héisteachtaí iarratais, cuardaigh tí, urghabhálacha agus calcadh sócmhainní. Bunaíodh ionad comhordúcháin ag Eurojust le tacú le gníomhaíochtaí comhuaineacha ag leibhéal breithiúnach sna 10 dtír i gceist, an chéad uair ar ghlac an oiread sin tíortha páirt in ionad comhordúcháin agus an chéad uair a dhírigh na hoibríochtaí ar chalcadh sócmhainní go comhuaineach i sé ndlínse dhifriúla, na Séiséil san áireamh. Thug an t-ionad comhordúcháin, ina raibh línte teileafóin, seoltaí r-phoist agus áiseanna físchomhdhála tiomnaithe, deis do bhreitheamh imscrúdúcháin na Fraince monatóireacht a dhéanamh ar staid na himeartha le Deasca Náisiúnta Eurojust agus déileáil le saincheisteanna breithiúnacha a ardaíodh i rith an lae gníomhaíochta i bhfíor-am. Rinneadh breis is 200 oifigeach forfheidhmithe dlí a imlonnú don oibríocht seo, a raibh 16 duine a ghabháil, seisear amhrastach a chur faoi agallamh, thart ar EUR 700 000 a chalcadh i gcuntais bhainc, urghabhálacha suntasacha soitheach, tithe móra, carranna sóchais, obair ealaíne agus seodra mar thoradh leis.

Nó mar a dúirt ionadaí ó cheann de na Ballstáit rannpháirteacha, *'(...) Sholáthair Eurojust fóram d'ionchúisitheoirí agus d'oifigigh forfheidhmithe dlí oibriú i dteannta a chéile agus iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh chun sprioc choiteann a chur i gcrích – a chinntiú nach n-aistrítear Eoraip gan teorainneacha go limistéar inar féidir le gníomhaíocht choiriúil tarlú gan bhac. Sa chomhrac i gcoinne coireachta níl airm níos éifeachtaí ná réiteach diongbháilte na n-údarás breithiúnach agus póilíneachta. Comhlíonann comhar breithiúnach an cuspóir seo go beacht agus is ionann an oibríocht seo agus fianaise ar an méid sin.'*

2.3. Malartú faisnéise agus CMS

Is le Cinneadh Eurojust a bunaíodh an oibleagáid go n-aistreodh Ballstáit faisnéis áirithe chuig Eurojust ábhartha dá mhisean a chomhlíonadh, agus dá réir sin, ag cur ar chumas Eurojust tacaíocht níos réamhghníomhaí a sholáthar le linn a bheith ag déileáil le cásanna agus feiniméin choireachta. Rinne Eurojust a CMS a choigeartú chun breis cineálacha sonraí a phróiseáil mar aon leis na huirlisí teicniúla a fhorbairt chun tacú le haistriú struchtúrtha agus slán sonraí chuig Eurojust.

2.3.1. Forbairt an CMS

Tá dearadh agus forbairt an CMS bunaithe ar Chinneadh Eurojust agus rialacha cosanta sonraí Eurojust. Is é an CMS uirlis bogearraí Eurojust a éascaíonn stóráil agus próiseáil shlán sonraí a bhaineann le cásanna. Ó tharla gur bunachar sonraí saincheaptha é, éascaíonn sé obair Eurojust i ndáil le tacú le comhordú imscrúduithe agus ionchúiseamh trí chrostagairt faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis a chumasú d'imscrúduithe agus d'ionchúisimh leanúnacha do na páirtithe cuí. Tá monatóireacht ar dhlíthiúlacht próiseáil sonraí pearsanta i gcomhréir le treoirlínte cosanta sonraí ráthaithe ag Oifigeach Cosanta Sonraí Eurojust agus an JSB.

In 2013, rinneadh feabhas suntasach ar an CMS. Cuireadh feabhsuithe córais chun feidhme i raon leathan réimsí feidhmiúla CMS, feabhsuithe a d'eascair as na hathruithe a éilítear faoi Chinneadh athbhreithnithe Eurojust, agus ó iarratais ar athruithe ó úsáideoirí. Rinneadh feabhsuithe i bpríomhréimsí cosúil leis na feidhmeanna chun cásanna a chlárú agus a mhonatóiriú, iompórtáil agus anailís ar shonraí pearsanta, sainaithint naisc, cuardach agus tuairisciú. Rinneadh comhlíonadh le rialacha cosanta sonraí Eurojust a bharrfheabhsú trí na meicníochtaí logála, fógartha agus roinnte a fheabhsú agus trí shamhail nua slándála a bhunú a cheadaíonn cur chuige níos solúbtha a chur chun feidhme amach anseo i ndáil le rochtain CMS d'úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha (i.e. baill ENCS agus/nó Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh). Bhí breis athruithe riachtanach mar gheall ar aontachas na Cróite, chun rochtain a thabhairt do Bhall Náisiúnta na Cróite agus baill eile den Deasc Náisiúnta.

2.3.2. Foirm 'cliste' Airteagal 13

Uirlis Is teimpléad caighdeánach leictreonach é foirm 'cliste' Airteagal 13 forbartha ag Eurojust chun aistriú struchtúrtha faisnéise ó údaráis náisiúnta chuig Eurojust a chumasú de bhua Airteagal 13 de Chinneadh Eurojust. Tá an fhoirm seo ar fáil i 24 teanga oifigiúil an AE. Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun na sonraí curtha faoi bhráid CMS a iompórtáil. Glactar leis an bhfaisnéis a fhaightear de bhua Airteagal 13 mar fhaisnéis nua nó faisnéis a thagraíonn do chás leanúnach oibríochtúil ar thionscain an Deasc Náisiúnta fála é. I ndiaidh an chlárúcháin, féadfar naisc phoitéinsiúla le cásanna eile a bhunú tríd an bhfeidhm uathoibríoch braite naisc in CMS. Má aimsítear nasc nua, cuirfear an Deasc Náisiúnta ar an eolas. Ansin cuirfidh an Deasc Náisiúnta na torthaí in iúl don údarás tíolactha sa Bhallstát.

Measúnú Tá forbairt na huirlise leictreonaí don phróiseas aistrithe mar aon leis an gcumraíocht laistigh de CMS curtha chun feidhme agus mionchoigeartaithe ag Eurojust. Idir Iúil 2011 (spriocdháta trasuímh) agus Meitheamh 2013, ghlac Eurojust le 218 fógra faoi Airteagal 13, ar bhain 89 acu le cás cláraithe Eurojust. Go dtí seo, is ionann fógraí Airteagal 13 agus céatadán beag den fhaisnéis tuairiscithe chuig Eurojust trí údaráis náisiúnta le linn cásoibre (i rith na tréimhse céanna, cláraíodh 2 970 cás le Eurojust). Is é an bunús dlí is coitianta le tagairt d'fhaisnéis Airteagal 13 a chur faoi bhráid Eurojust mír 6 ('cásanna a mbaineann tromaíocht ar leith leo'), is é an dara bunús dlí is coitianta mír 5 ('JITanna'). Nuair a bheidh Airteagal 13 curtha chun feidhme ina iomláine i ngach Ballstát, bheadh Eurojust in ann, mar shampla, forbhreathnú a thabhairt ar gach JIT san Aontas Eorpach.

2.3.3. Naisc idir ENCS agus CMS

Taighde Rinneadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an naisc theicniúil idir baill ENCS sna Ballstáit agus CMS Eurojust in 2013. Ag cur le torthaí Thionscadal Nascacht Líonra EJ27, tionscadal inar dearnadh scrúdú ar an infreastruchtúr líonra a bhí ag teastáil, chuir Tionscadal Taighde ENCS catalóg d'Uirlisí poitéinsiúla ENCS le chéile (i.e. réitigh fhéideartha theicniúla do naisc ENCS le CMS) agus tásca ó Bhallstáit maidir lena roghanna tosaíochta. Chomh maith leis sin, mheas Tionscadal Taighde ENCS an impleacht theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ag úsáideoirí seachtracha a nascadh le CMS amach anseo, agus na feabhsuithe CMS a d'eascródh as an nasc seo, d'infreastruchtúr CMS agus d'infreastruchtúr eile Eurojust.

Módúlachtaí rochtana In Iúil 2013, chomhaontaigh an Coláiste ar chur chuige coiteann maidir le módúlachtaí rochtana CMS do bhaill de ENCS. Shainigh an Coláiste leibhéil dhifriúla d'infheictheacht sonraí agus de chearta bainistíochta i ndáil leis na sonraí atá le fáil i gComhaid Oibre Innéacs agus Sealadacha do chatagóirí difriúla úsáideoirí seachtracha CMS, agus ról rialaitheoir sonraí an Bhallstáit i gceist a chomhlíonadh, de réir riachtanas dlí agus rialacha cosanta sonraí Eurojust.

Cur Chun Feidhme Leanadh le cur chun feidhme teicniúil na nasc le gach Ballstát agus le CMS. Tá na naisc le Poblacht na Seice agus leis an Laitvia i bhfeidhm anois. Go dtí seo, tá naisc bunaithe le cúig Bhallstát (tá na naisc leis an mBulgáir agus leis an Rómáin bunaithe ó 2012). Bunaíodh naisc phíolótacha leis an bhFionlainn, an Ungáir agus an Pholainn agus shínigh gach Ballstát MoU chun úsáid an naisc sin a rialú. Táthar ag súil go mbeidh na naisc seo oibríochtúil ag tús 2014. Is mar Dhoiciméad 12582/13 ón gComhairle a foilsíodh tuarascáil Eurojust chuig an gComhairle agus Coimisiún ar an 19 Iúil 2013.

2.4. Eurojust agus JITanna

Ó tharla gurb ionann JITanna agus ionstraim shainiúil do chúnamh dlíthiúil trasteorann a cheadaíonn malartú díreach faisnéise agus fianaise laistigh d'fhoireann gan gá a bheith leis na cainéil thraidisiúnta d'iarratais MLA, is ionann na JITanna freisin agus ceann de na huirlisí oibríochtúla is tábhachtaí is féidir le cleachtóirí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha a úsáid.
Baineann ról sainiúil Eurojust i mbunú agus i bhfeidhmiú na JITanna leis na nithe seo a leanas den chuid is mó le linn 2013: (i) cásanna oiriúnach do JITanna a aithint; (ii) comhairle agus faisnéis a thairiscint maidir le córais dhifriúla nós imeachta; (iii) comhaontuithe nó síntí JIT do na comhaontuithe agus na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin sin a dhréachtú; (iv) comhordú maidir le laethanta gníomhaíochta a sholáthar; agus (v) tacú le JITanna trí chruinnithe comhordúcháin.

2.4.1. Cásobair Eurojust

Uirlis úsáideach ba ea na cruinnithe comhordúcháin a eagraíodh ag áitreabh Eurojust nó sna Ballstáit maidir le cinneadh agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna oibríochtúla JITanna, measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí comhbheartaithe imscrúdaitheacha, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile. I measc na gcéimeanna bhí: gabhálacha comhuaineacha a phleanáil, EAWanna nó iarratais MLA chuig tríú Stát a eisiúint agus a fhorghníomhnú, comhaontú maidir le bearta a bhaineann le coigistiú, agus gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích ag baill an JIT atá ar iasacht. Chomh maith leis sin, d'éascaigh Eurojust comhaontuithe maidir le straitéisí ionchúisimh idir comhpháirtithe JIT, nach mór iad a chur san áireamh a luaithe agus is féidir, de bhrí gur minic a bhíonn tionchar acu ar forbairt na n-imscrúduithe.

Le blianta beaga anuas, thacaigh Eurojust le bunú JITanna faoi Airteagal 13 de Choinbhinsiún MLA 2000 nó faoi Chreat-Chinneadh an 13 Meitheamh 2002 na Comhairle faoi JITanna. De bharr nádúr na n-imscrúduithe nó an gá go mbeadh baint ag tríú Stát le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, áfach, sholáthair Eurojust saineolas maidir le JITanna bunaithe faoi ionstraimí dlí eile, e.g. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gCoinne Coireacht Eagraithe, an Coinbhinsiún um chúnamh agus comhar frithpháirteach idir riaracháin chustam (Naples II), agus faoi chonarthaí déthaobhacha.

Fíricí agus figiúirí Ceann de na tascanna ar thug Eurojust tosaíocht dó in 2013 ba ea tacaíocht a sholáthar maidir le bunú agus rith JITanna. Sa tréimhse tuairiscithe, thacaigh Baill Náisiúnta le 102 JIT, arb ionann 42 acu agus JITanna nua a cruthaíodh in 2013. Bhí Baill Náisiúnta páirteach ina gcáil mar údaráis náisiúnta inniúla nó thar ceann Eurojust de réir Airteagal 9f de Chinneadh Eurojust.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, dhéileáil JITanna leis na cineálacha coiriúlachta is tromchúisí, dála gáinneáil ar dhrugaí, THB, calaois agus sciúradh airgid. Chomh maith leis sin, úsáideadh JITanna i líon níos mó cásanna cibearchoireachta. Ina theannta sin, fuair Eurojust 35 fógra ó Bhallstáit de réir Airteagal 13(5) de Chinneadh Eurojust, arb é an toradh a bhí le seacht gcinn de na fógraí gur bunaíodh JITanna le cúnamh Eurojust. Chomh maith leis sin, thacaigh Eurojust le trí JITanna a raibh tríú Stát páirteach iontu.

Bacainní athfhillteacha Is fianaise í an chásobair a rinne Eurojust i rith 2013 ar shaincheisteanna áirithe dlíthiúla agus praiticiúla a chuireann feidhmiú éifeachtach JIT i mbaol. Tarraingíodh aird ar na bacainní seo a leanas: riachtanais fhoirmiúla éagsúla maidir le comhaontú JIT a shíniú, difríochtaí i gcórais dlí, go háirithe i ndáil le rialacha a bhaineann le fianaise a bhailiú (ábhar idircheaptha san áireamh), rialacha maidir le hinghlacthacht fianaise, nochtadh faisnéise agus srianta ama do choimeád sonraí, easaontachtaí dlínse, agus aistriú imeachtaí coiriúla. Tá Eurojust ag leanúint le déileáil leis na bacainní athfhillteacha seo agus tá sé ag cabhrú le cleachtóirí déileáil lena leithéid.

Baineann na saincheisteanna ar déileáladh leo, mar shampla, le difríochtaí sna riachtanais a bhaineann le héisteacht finnéithe, difríochtaí a bhféadfadh deacrachtaí maidir le hinghlacthacht fianaise a bheith ag baint leo. Bhain saincheist choiteann eile le nochtadh faisnéise bainteach le cásanna. Ó tharla gur buntáiste suntasach JIT faisnéis a bheith á roinnt go pras, ní mór go dtuigfeadh na baill ón tús raon agus uainiú nochtadh ábhar íogair chuig abhcóide cosanta agus na cúirteanna faoi reachtaíocht náisiúnta sna Ballstáit i gceist.

Cearta abhcóide cosanta I gcás THB ar leith, d'éiligh an reachtaíocht i gceann de na Ballstáit i gceist go gcuirfí dlíodóirí cosanta na n-amhrastach ar an eolas agus go dtabharfaí deis dóibh a bheith i láthair i rith éisteacht na bhfinnéithe ionas go mbeadh fianaise dá leithéid inghlactha i gcúirt. Ní raibh ceanglas dá leithéid sa dlínse eile i gceist. Shoiléirigh an comhaontú JIT a síníodh le tacaíocht Eurojust na ceanglais mar aon le ceadú a thabhairt glacadh le fianaise na bhfinnéithe i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na bpáirtithe JIT.

Rúndacht/nochtadh Úsáideann roinnt Ballstát na hiarscríbhinní leis na comhaontuithe JIT chun coinníollacha maidir le malartú faisnéise agus rialacha rúndachta (nochtadh) a shoiléiriú. Cuireann an cleachtas seo ar chumas Ballstát comhoiriúnachtaí a aimsiú ina gceanglais dhifriúla dhlíthiúla. In JIT a bhain le cás dúnmharaithe, thángthas ar chomhaontú, i bprionsabal, gur cheart go mbeadh rochtain agus úsáid agus roinnt faisnéise neamhtheoranta i gceist mura bhfuil srian maidir le húsáid a leithéid forchurtha ag ceann de na páirtithe i gceist (mar fhianaise i gcúirt, mar shampla).

Gáinneáil ar dhaoine sampla cáis

In JIT a bhain le THB agus coigistiú réadmhaoin urghafa, dhírigh cúnamh Eurojust ar fhorbairt bhreithiúnach an cháis. Cuireadh íospartaigh an THB lonnaithe i mBallstát A faoi agallamh le cúnamh ó oifigigh phóilíneachta agus ionchúisitheoirí ó Bhallstát B de réir fhorálacha Choinbhinsiúin MLA 1959 agus 2000, ionas go bhféadfaí fianaise a bhfinné a úsáid in imscrúduithe an dá Bhallstát. Ar an tslí seo, d'fhéadfadh daoine ón tír chéanna na híospartaigh a chur faoi agallamh, daoine a raibh oiliúint speisialta faighte acu le déileáil le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha. Ansin d'fhéadfadh an dá Bhallstát an fhianaise faighte i gcreat an JIT a úsáid agus imscrúduithe á ndéanamh acu.

Laistigh de chreat an JIT seo, cinneadh go n-aistreofaí na himeachtaí chuig Ballstát B agus go n-eiseodh Ballstát B EAWanna, a bheadh á bhforghíomhú i mBallstát A ansin. Rinneadh déantóirí na coire i mBallstát A a thabhairt suas chuig Ballstát B agus tugadh chun trialach iad, i dteannta lena gcionpháirtithe a bhí gafa i mBallstát B cheana féin. Le tacaíocht ó Eurojust, a shocraigh dhá chruinniú comhordúcháin le cois dhá chruinniú Leibhéal II, rinneadh measúnú ar an bhfianaise, aistriú imeachtaí coiriúla agus forghníomhnú EAWanna laistigh de chreat an JIT. Ba é a bhí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí JIT ciontú deiridh i mBallstát B. Pléadh roinnt beart breise maidir le coigistiú réadmaoine i mBallstát A idir na comhpháirtithe JIT ag Eurojust agus, dá thoradh, rinneadh réadmhaoin a choigistiú i mBallstát A.

2.4.2. Cruinniú Bliantúil Saineolaithe JITanna

Mar chuid den chlár leantach chun úsáid uirlis JIT a chur chun cinn, reáchtáil agus d'eagraigh Eurojust, i gcomhar le Europol, Naoú Cruinniú Bliantúil na Saineolaithe Náisiúnta ar JITanna.

Chomhaontaigh saineolaithe maidir le hullmhú seicliosta saincheisteanna atá le plé roimh an JIT a bhunú, agus maidir leis na rialacha is infheidme maidir le nochtadh na mBallstát rannpháirteach a chur san áireamh mar iarscríbhinn leis an gcomhaontú JIT mar nós dea-chleachtais. Chomh maith leis sin, thug rannpháirtithe faoi deara gur chóir measúnuithe riosca maidir le féidearthacht agus éifeachtacht bhunú JITanna a dhéanamh go rialta, agus gur chóir go háirithe aird a thabhairt ar an reachtaíocht is infheidhme do shaincheisteanna nochta agus rúndachta. Foilseofar conclúidí an chruinnithe mar dhoiciméad Comhairle a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Glacann cleachtóirí leis go mbaineann fíorthábhacht le measúnú JITanna, sa mhéid is gur deis a leithéid de mheasúnú chun buntáistí nó easnaimh an JIT a chinneadh. Tuigeann agus tacaíonn Eurojust go gníomhach leis an luach breise a bhaineann le measúnú JITanna. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an ábhar le fáil i gCaibidil 4, 'Fócas na bliana: measúnú JITanna'.

2.4.3. Maoiniú/cúnamh airgeadais do JITanna

Idir 2010 agus 2013, thacaigh Eurojust le 95 JIT difriúil bunaithe i measc 22 Ballstát, mar aon le cur go suntasach le forbairt JITanna san Aontas Eorpach trí chéile.

Seoladh dhá ghlao bhreise ar thograí i gcomhthéacs an dara tionscadal maoinithe JIT, in Iúil agus Meán Fómhair, a chlúdaigh na riachtanais oibríochtúla a bheadh ann go dtí deireadh 2013; fuarthas 36 iarratas nua, deimhniú maidir leis na treochtaí a bhí tugtha faoi deara cheana féin agus maidir le rath an tionscadail. Tá faisnéis ábhartha le fáil ar láithreán gréasáin Eurojust nó ag an nasc seo a leanas: *http://www.eurojust.europa.eu/Practitioners/Eurojust-Support-JITs/JITS-Funding/Pages/jits-funding-project.aspx*.

In 2013, fuair 34 JIT tacaíocht airgeadais ó Eurojust, agus ba i gcaitheamh na bliana a bunaíodh 18 de na JIT sin. Leanfaidh Eurojust le tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghníomhaíochtaí JIT an bhliain seo chugainn. Ó 2014 anonn, tá tríú Stát atá páirteach in nó atá rannpháirteach i JIT a bhfuil baint ag Ballstát amháin nó níos mó leis incháilithe do mhaoiniú. Déanfar nós imeachta sruthlínithe a dhéanann cuntas de thaithí agus d'aiseolas atá faighte ó chleachtóirí a fhorbairt agus a chur chun feidhme in 2014.

Obair oibríochtúil Eurojust

3

3.1. Cásobair Eurojust i réimsí tosaíochta na coireachta

Tá Eurojust i mbun a réimsí tosaíochta na coireachta a ailíniú leis na tosaíochtaí coireachta atá bunaithe ag an gComhairle laistigh de Thimthriall Beartais 2014-2017 an AE sa chomhrac i gcoinne coireacht eagraithe agus coireacht thromchúiseach idirnáisiúnta. Cuireadh an timthriall beartais tosaigh agus laghdaithe chun feidhme idir 2011 agus 2013, agus rinne Eurojust a thosaíochtaí féin a oiriúnú don tréimhse seo in 2012 mar seo a leanas: gáinneáil ar dhrugaí, imirce neamhdhleathach agus THB, calaois, éillitheacht, cibearchoireacht – lena n-áirítear íomhánna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí, sciúradh airgid, cionta coiriúla a bhfuil tionchar acu ar leasa airgeadais an Aontais Eorpaigh, sceimhlitheoireacht agus MOCGanna. Tá eolas le fáil sna fo-ailt seo a leanas faoin mbaint atá ag Eurojust leis na limistéir choireachta seo.

In 2013, thug Eurojust tacaíocht ghníomhach do gach tionscadal EMPACT a bhfuil sé mar aidhm leo tosaíochtaí na Comhairle a fhorbairt.

Maidir le Timthriall Beartais 2014-2017 an AE, in 2013 ghlac Eurojust páirt ghníomhach in ullmhú MASPanna do gach ceann den naoi dtosaíocht ar ghlac an Chomhairle leo don tréimhse seo agus, i rith an phróisis, aistriú MASPanna go OAPanna laistigh de chreat thionscadail EMPACT. D'fhonn cur chuige comhsheasmhach maidir le tacú leis na tionscadail seo a chinntiú, i Meán Fómhair 2013 ghlac Eurojust comhsheasamh maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta agus an cineál tacaíochta a d'fhéadfadh sé a thairiscint do na gníomhaíochtaí sonracha sna OPAanna. Chomh maith leis sin, bunaithe ar an obair ullmhúcháin a rinneadh chuige seo in 2013, ghlac Eurojust le tosaíochtaí nua don tréimhse idir 2014 agus 2017 ar aon dul le tosaíochtaí na Comhairle.

3.1.1. Gáinneáil ar dhrugaí

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	263	239
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	59	56
Líon na JITanna	13	26

Is leis an gcoir seo amháin a dhéileálann formhór na gcásanna um gháinneáil ar dhrugaí (184), ainneoin nasc a bheith idir gáinneáil ar dhrugaí agus coireacht eagraithe i 47 cás agus gníomhaíochtaí sciúrtha airgid i 17 gcás. Ba iad an tSualainn, an Fhrainc agus an Iodáil na príomh-bhallstáit iarrthacha, agus ba iad an Spáinn, an Ísiltír agus an Ghearmáin na Ballstáit ba mhinice iarrtha do chomhar i gcásanna um gháinneáil ar dhrugaí. Is é cóicín an tsubstaint aindleathach is minice a bhíonn faoi réir imscrúdaithe (113), agus cannabas (62). Ainneoin na cásoibre sa limistéar seo a bheith laghdaithe go cainníochtúil, bunaithe ar dhearcadh cáilíochtúil ba mhó rannpháirtíocht Eurojust de bhrí gur fhan an líon cruinnithe comhordúcháin cobhsaí agus gur dhúbail an líon JITanna.

Déileáiltear le gáinneáil ar dhrugaí i dtosaíochtaí na Comhairle don chomhrac i gcoinne coireacht eagraithe idir 2011 agus 2013 ar bhealaí difriúla. Ainneoin an chuma ar an scéal gur tosaíocht é an comhrac i gcoinne gáinneáil ar dhrugaí sintéiseacha *per se,* áirítear drugaí eile i gcuspóirí níos ginearálta, dála OCGanna atá bunaithe san Afraic Thiar agus sna Balcáin Thiar, nó úsáid árthach do gháinneáil tráchtearraí neamhdhleathacha. Chuir Eurojust ar bhonn gníomhach le gach tionscadal EMPACT a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí. Go háirithe, i ndáil leis an tionscadal EMPACT ar dhrugaí sintéiseacha, ghlac Eurojust páirt i gcruinnithe EMPACT i mí Feabhra agus Meithimh, arb é an t-ábhar ba mhó phlé acu APAAN, réamhtheachtaí a úsáideadh chun drugaí sintéiseacha a tháirgeadh nach bhfuil rialaithe i ngach Ballstát go dtí seo.

Sampla de chás de gháinneáil ar dhrugaí

Dhírigh oibríocht phóilíneachta agus bhreithiúnach idir an Bheilg agus an Spáinn, oibríocht a raibh Eurojust agus Europol ag tacú léi, ar líonra um gháinneáil ar dhrugaí a bhí gníomhach sa Bheilg, sa Spáinn, sa Fhrainc, san Ísiltír agus i Maracó ó 2007. Ba é neodrú an ghrúpa in 2013 a bhí mar thoradh ar an oibríocht, a forghníomhaíodh idir 2012 agus 2013.

Sciúr baill an OCG, de bhunadh Mharacó den chuid is mó, thart ar EUR 50 milliún ó gháinneáil ar channabas. Bhí teagmhálacha ag an OCG san Afraic a shaothraigh agus a phróiseáil na drugaí, a d'aistrigh siad ó Mharacó go dtí an Spáinn ar bhád ina dhiaidh sin. Nuair a bhí na drugaí sa Spáinn, d'aistrigh baill an OCG na drugaí chuig feithiclí lena stóráil nó lena ndáileadh trasna na hEorpa. D'úsáid an lucht sciúrtha airgid siopa leathair i Málaga mar fhronta, agus úsáideadh cúiréirí chun an airgead tirim a iompar ón mBeilg go dtí an Fhrainc.
D'oibrigh Deasc Eurojust na Beilge agus na Spáinne i ndlúthchomhar agus d'éascaigh siad na MLAanna a sheol údaráis na Spáinne

agus na Beilge. D'fhonn malartú gasta fhaisnéis na bpóilíní a éascú i measc Phóilíní Feidearálacha na Beilge, Guardia Civil na Spáinne agus Eurojust, bunaíodh JIT trí Eurojust.

Sa Spáinn, bhí roinnt cásanna neamhspleácha tionscanta a bhain le hurghabhálacha drugaí agus airgid. I rith na gcruinnithe comhordúcháin a reáchtáladh ag Eurojust, chomhaontaigh na páirtithe na cásanna seo a choinneáil ar leithligh ón bpríomhchás ionas nach ndéanfaí an príomh-imscrúdú a chur i mbaol agus chun na cásanna drugaí níos lú a áireamh sa phríomh-imscrúdú dá mbeadh toradh an phríomh-imscrúdaithe dearfach. I gcás inar gá é, chomhaontaigh údaráis na Spáinne faisnéis a sholáthar d'údaráis na Beilge gan a leithéid d'iarratas a nascadh leis an bpríomh-imscrúdú. D'fhonn an t-imscrúdú a spriocdhíriú, chomhaontaigh na páirtithe freisin gan díriú ach ar na príomh-amhrastaigh sa Spáinn agus sa Bheilg. Le cúnamh ó Eurojust, d'éirigh leis na páirtithe bacainn a shárú a bhain le hidircheapadh leictreonach a d'eascair as difríochtaí i gCóid um Nós Imeachta Coiriúil sa dá Bhallstát. I ndeireadh na dála, aistríodh na himeachtaí a bhain leis an bpríomh-amhrastach ón Oifig um Ionchúiseamh Poiblí sa Bhruiséil go dtí an breitheamh scrúdúcháin in Torrevieja, sa Spáinn, a bhuíochas do chomhaontú ar thángthas air laistigh de chreat an JIT.

Thacaigh Europol leis an oibríocht trí thuarascálacha fóiréinseacha, crosmheaits agus anailíseacha eile nach iad a sholáthar. Gabhadh 46 ball amhrasta den OCG mar thoradh ar lá comhordúcháin gníomhaíochta. Lena chois sin, urghabhadh 5 301 kg de channabas, 2 bhád iascaireachta, 77 feithicil, 20 foirgneamh, 5 chuideachta agus EUR 225 230 in airgead tirim. Measadh gurbh fhiú EUR 13 750 000 na sócmhainní.

Maidir le Timthriall Beartais 2014-2017 an AE, i measc thosaíochtaí na Comhairle tá cuspóirí sonracha do gháinneáil ar dhrugaí sintéiseacha agus gáinneáil ar chóicín agus hearóin. I mí an Mheithimh, ghlac Eurojust páirt i gcruinniú MASP maidir le drugaí sintéiseacha agus cruinniú MASP maidir le cóicín agus hearóin. Chinntigh rannpháirtíocht Eurojust go raibh gné an chomhair bhreithiúnaigh san áireamh sna spriocanna straitéiseacha do na ceithre bliana amach romhainn. Chomh maith leis sin, ghlac Eurojust páirt sa chruinniú a bhain le dréachtú an OAP.

Leanadh le hidirbheartaíochtaí maidir le MoU idir Eurojust agus EMCDDA agus d'fhormheas an Coláiste agus Bord Bainistíochta EMCDDA an dréacht-théacs. Chuir Eurojust le tuarascáil margaí drugaí an AE, *Cásanna ardleibhéil gáinneála ar dhrugaí bunaithe ar chásobair Eurojust*, foilsithe ag EMCDDA i mí Eanáir. Chas Eurojust agus EMCDDA le chéile faoi dhó in 2013 chun smaointe a roinnt agus tionscadail chomhbheartaithe a phlé.

Ar iarratas ó Oifig na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí agus Coireacht Eagraithe (UNODC), thacaigh Eurojust le hathbhreithniú ardleibhéil ar chur chun feidhme *Dearbhú Polaitiúil agus Plean Gníomhaíochta maidir le Comhar Idirnáisiúnta i dtreo Straitéis chomhtháite chun Cur i gCoinne Fadhb Drugaí an Domhain* trí ábhar maidir le tionscadal straitéiseach Eurojust a sholáthar mar aon le seimineár maidir le gáinneáil ar dhrugaí agus JITanna a reáchtáil, mar aon le sonraí staitistiúla maidir le cásobair Eurojust a sholáthar.

3.1.2. Inimirce neamhdhleathach

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	29	25
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	18	5
Líon na JITanna	4	7

Íomhá saofa den staid iarbhír a eascraíonn as rannpháirtíocht Eurojust i gcásanna a bhaineann le himirce neamhdhleathach. Ar láimh amháin, tháinig laghdú ar chásanna cláraithe agus ar chruinnithe comhordúcháin i gcomparáid le 2012; ar an lámh eile, ba bheag nár dhúbail an líon JITanna. Ba iad an Ostair, an Ríocht Aontaithe agus an Iodáil na Ballstáit ba ghníomhaí i ndáil le cásanna a tionscnamh; agus ba iad an Bheilg, an Ghréig agus an Ríocht Aontaithe na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Bhí an cineál seo coireachta ar cheann de thosaíochtaí na Comhairle don tréimhse 2011-2013. Rinneadh ionadaíocht ar Eurojust ag na cruinnithe EMPACT maidir le himirce neamhdhleathach, ach ní raibh gá le haon rannpháirtíocht ar leith ó tharla gur cur chuige riaracháin a bhí ag an tionscadal seo seachas díriú ar imscrúduithe coiriúla.

Tá imirce neamhdhleathach i measc ceann de thosaíochtaí na Comhairle arís don tréimhse 2014-2017. Ghlac Eurojust páirt ghníomhach i gceardlann MASP ar imirce neamhdhleathach, don tréimhse 2014-2017, ceardlann a reáchtáladh i mí an Mheithimh. I mí Dheireadh Fómhair, ghlac Eurojust páirt sa chruinniú a bhain le dréachtú an OAP do 2014.

Sampla de cás d'imirce neamhdhleathach

Thionscain an Fhrainc cás in Iúil 2012 a bhain le OCG a raibh baint aige le smuigleáil neamhdhleathach. Ba sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Ríocht Aontaithe a bhí an OCG lonnaithe agus bhí naisc aige leis an nGréig agus leis an Tuirc agus leis an Ísiltír chomh maith céanna. Bhí eagraíocht lóistíochúil ardfhorbartha agus casta ag an OCG a raibh suíomh bunaidh na n-oibríochtaí ag athrú ón bhFrainc go dtí an Bheilg.

Chuir an OCG iallach ar inimircigh neamhdhleathacha Choirdíneacha thart ar EUR 2 000 an duine a íoc leis an Ríocht Aontaithe in airgead tirim nó trí aistriú bainc. Ina dhiaidh sin, bailíodh na hinimircigh neamhdhleathacha ó limistéir pháirceála sa Bheilg agus sa Fhrainc agus cuireadh ar thrucailí iad a d'iompar chuig báid farantóireachta iad a bhí ag seoladh ó Calais go dtí an Ríocht Aontaithe. Cuireadh an oibríocht seo i gcrích gach oíche. Creidtear go bhfuil an OCG freagrach as iarracht a dhéanamh idir 20 agus 30 inimirceach neamhdhleathach a smuigleáil isteach sa Ríocht Aontaithe gach lá, agus meastar go ndéantar deichniúr a smuigleáil gach lá, líon daoine arb ionann é agus thart ar 4 000 inimirceach neamhdhleathach gach bliain.

Thacaigh Eurojust le bainistíocht rathúil an cháis trí dhá chruinniú comhordúcháin a reáchtáil. I mí Dheireadh Fómhair 2012 i ndiaidh na gcruinnithe seo síníodh comhaontú JIT idir an Fhrainc agus an Bheilg. Tá an Ríocht Aontaithe páirteach sa JIT seo ó mhí Feabhra 2013. Bhí an JIT cómhaoinithe ag Eurojust trí Thionscadal Maoinithe JIT. I mí Lúnasa 2013, bunaíodh ionad comhordúcháin ag Eurojust a bhí á reáchtáil ag Deasca Eurojust na Fraince, na Beilge agus na Ríochta Aontaithe. Thacaigh Europol leis an gcás trí oifig thaistil a imlonnú chuig an bhFrainc chun anailís faisnéise ar an láthair a dhéanamh.

Chuir údaráis phóilíneachta sa Fhrainc, sa Bheilg agus sa Ríocht Aontaithe gníomhaíochtaí rathúla i gcrích a raibh gabháil 36 duine mar thoradh leo, mar aon le dhá EAW a eisiúint, agus 45 áitreabh a chuardach. Díchoimeáladh an OCG trí na gníomhaíochtaí comhpháirteacha seo.

3.1.3. Gáinneáil ar dhaoine

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	60	84
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	20	24
Líon na JITanna	6	15

In Eurojust déileáiltear leis an gcineál coireachta seo mar chion neamhspleách, ainneoin é a bheith nasctha le OCGanna i roinnt cásanna (21). Is é teacht i dtír gnéasach an phríomhchatagóir THB i gcásanna Eurojust (56). Dála gáinneáil ar dhrugaí agus imirce neamhdhleathach, tá méadú suntasach tagtha ar an tacaíocht atá Eurojust á soláthar do JITanna, agus ar an líon cásanna. Ba í an Rómáin agus an Ríocht Aontaithe a thionscain formhór na gcásanna (32), agus ba iad an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Rómáin, an Iodáil agus an Spáinn na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Bhí tosaíocht Comhairle luaite le THB don tréimhse 2011-2013. Bhí Eurojust páirteach i roinnt gníomhaíochtaí a bhain le THB. I mí Aibreáin, d'eagraigh Eurojust cuairt ón Uasal Myria Vassiliadou, Comhordaitheoir Frith-Gháinneála an AE, mar obair leantach ar an tionscadal straitéiseach, *gníomh Eurojust i gcoinne gáinneáil ar dhaoine:* agus glacadh le *Plean Gníomhaíochta i gcoinne gáinneáil ar dhaoine 2012-2016.* Ba é cuspóir na cuairte plé a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhain le comhar idir Eurojust agus Comhordaitheoir Frith-Gháinneála an AE a mhéadú sa chomhrac i gcoinne THB.

D'fhan an líon cásanna THB ag Eurojust cobhsaí le blianta beaga anuas, ach in 2013 tugadh méadú 40% i gcomparáid le 2012 faoi deara.

Bhí ionadaíocht ag Eurojust ag na cruinnithe EMPACT maidir le THB. Tugadh léargas soiléir ar thábhacht an imscrúdaithe agus an ionchúisimh i spriocanna straitéiseacha thimthriall beartais 2011-2013.

Mar fhorbairt dhearfach oibríochtúil, thionscain an Ísiltír cás laistigh den tionscadal EMPACT seo. Reáchtáladh dhá chruinniú oibríochtúla ag Eurojust agus ina dhiaidh sin reáchtáil Eurojust trí chruinniú comhordúcháin agus bunaíodh JIT. Is comhpháirtí chomhlachaithe é Eurojust in dhá fho-thionscadal EMPACT - *ETUTU* (íospartaigh THB ón Nigéir a aithint agus faisnéis a fháil uathu) agus *THB ón tSín* (ag díriú ar choireacht sa tSín atá nasctha le THB).

Sampla de chás THB

Lorg an Oifig Ionchúiseamh Frith-Mhaifia i bhFlórans cúnamh Eurojust le cás a bhain le gáinneáil idirnáisiúnta ar dhrugaí agus THB do striapachas. Ba de bhunadh na hAlbáine formhór de na hamhrastaigh OCG. Bhí siad lonnaithe san Iodáil, sa Bheilg, san Ísiltír, sa Fhrainc, san Eilbhéis agus san Albáin.

Reáchtáil Eurojust dhá chruinniú comhordúcháin, ar ghlac toscaireachtaí ón Iodáil, ón mBeilg, ón Ísiltír, ón bhFrainc, ón Eilbhéis, ón Albáin agus Europol páirt iontu. I rith an chéad chruinniú comhordúcháin i Márta 2012, phléigh na rannpháirtithe forghníomhú iarratais MLA seolta ag an Iodáil agus cuireadh liosta pointí teagmhála le chéile sna tíortha éagsúla chun comhar a éascú. I rith an chruinnithe tarraingíodh aird ar roinnt imscrúduithe comhuaineacha a bhí ar siúl nó a bhí beartaithe a reáchtáil sna tíortha rannpháirteacha. Ag an dara cruinniú comhordúcháin bliain ina dhiaidh sin, beartaíodh lá comhghníomhaíochta a reáchtáil agus cinneadh ionad comhordúcháin a bhunú ag Eurojust. Chuir Europol an tuarascáil chrosmheaits a bhí ullmhaithe aige maidir leis an gcás i láthair agus mhínigh sé an cineál tacaíochta a d'fhéadfadh sé a sholáthar d'ionaid chomhordúcháin ag Eurojust.
D'fhonn a gcomhghníomhaíocht a éascú, chomhaontaigh na rannpháirtithe suíomh na n-amhrastach a aithint roimh an lá gníomhaíochta agus cuardaigh agus urghabhálacha comhuaineacha a dhéanamh. Ba é a bhí mar thoradh leis na cruinnithe seo gur bunaíodh ionad comhordúcháin ag Eurojust in Aibreán 2013. Ba iad na tíortha a bhí san áireamh an Iodáil, an Albáin, an Bheilg, an Fhrainc agus an Ísiltír.

D'éascaigh Eurojust comhordú agus aistriú éifeachtach iarratais éagsúil MLA trí na Deasca Náisiúnta ag Eurojust. D'imlonnaigh Eurojust a oifig thaistil chun tacaíocht oibríochtúil fíor-ama a sholáthar.

Sular bunaíodh an t-ionad comhordúcháin, rinneadh dhá ghabháil san Ísiltír agus sa Bheilg. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a rinneadh i rith an ionaid chomhordúcháin, gabhadh 19 duine breise ar fud na hAlbáine, na Fraince agus na hIodáile, rud ba chúis leis an OCG a dhíchóimeáil.

Tá THB i measc ceann de thosaíochtaí na Comhairle arís don tréimhse 2014-2017. Ghlac Eurojust páirt ghníomhach i gcruinniú MASP faoi THB agus sa chruinniú a reáchtáladh i mí na Samhna chun an OAP do 2014 a fhorbairt.

3.1.4. Calaois

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	382	449
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	33	60
Líon na JITanna	11	21

Tá méadú suntasach tagtha ar chásobair calaoise (17.5%) i gcomparáid le 2012; tá an rud céanna fíor freisin maidir le dearcadh cáilíochtúil bunaithe ar chruinnithe comhordúcháin agus rannpháirtíocht in JITanna. Is mar bhriseadh dlí den chuid is mó a bhíonn calaois le tabhairt faoi deara (314 cás) agus mar chatagóir neamhshonraithe ('cineálacha eile calaoise' - 173 cás); déantar é a áireamh sa chatagóir caimiléireachta in 124 cás agus mar chalaois CBL in 89 cás; tuairiscítear baint le sciúradh airgid in 59 cás agus rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil in 45 cás. Ba iad Poblacht na Seice, an Phortaingéil agus an Ungáir na príomh-Bhallstáit iarrthacha, agus ba iad an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Spáinn na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Ní raibh calaois sainithe mar thosaíocht Comhairle don tréimhse 2011-2013, ach tá calaois san áireamh i measc ceann de na bagairtí coireachta in SOCTA.

Maidir leis an tréimhse 2014-2017, tá calaois cánach agus calaois MTIC san áireamh i dtosaíochtaí coireachta na Comhairle. Ainneoin iad a bheith luaite sa tosaíocht chéanna is mar fho-thosaíochtaí neamhspleácha atá siad forbartha, lena ngrúpaí sonracha saineolaithe agus lena gcruinnithe difreáilte féin. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail Eurojust ar chruinnithe MASP agus ar dhréacht-chruinnithe OAP maidir leis na fo-thosaíochtaí faoi seach.

Bhí baint ghníomhach ag Eurojust le céad Fhóram Eorpach na Foirne ATM um Choireacht agus Slándáil Airgeadais a reáchtáladh sa Háig ar an 13 agus 14 Meitheamh, tráth ar pléadh éagsúlacht ábhar a bhain le scimeáil chártaí agus le calaois. Rinne Eurojust cur i láthair a bhí dírithe ar shaincheisteanna aisghabhála sócmhainní ina chuid oibre ag comhdháil Europol faoi *Dhul i nGleic le Coireanna Tromchúiseacha agus Eagraithe Cánach: Mí-Úsáid Choiriúil Feithiclí Eischósta*, ar an 27 agus 28 Samhain.

Sampla de chás calaoise

Thug údaráis na hUngáire faoi deara gur ann do OCG a bhí i mbun trádáil aindleathach i gcógas góchumtha a chur i gcrích mar aon le dáileadh aindleathach drugaí cógaisíochta neamhchláraithe. Bhí na drugaí cógaisíochta á n-iompórtáil ón India agus ón tSín agus á ndáileadh ag an OCG chuig 76 tír tríd an Idirlíon, lena n-áirítear na Ballstáit ar fad, an Iorua agus an Eilbhéis. Ba é EUR 3.7 milliún an luach a bhí luaite leis na táirgí góchumtha.

Bhí na drugaí cógaisíochta á dtairiscint ag an OCG do thomhaltóirí ar láithreáin ghréasáin speisialta a bhí deartha ar shlí a thabharfadh le fios gur fíor-chógaslanna ba ea iad agus bhí na táirgí á dtairiscint mar dhrugaí dlisteanacha. Bhí an-éileamh ar na drugaí cógaisíochta mar nárbh éigean don tomhaltóir scrúdú dochtúra a dhéanamh roimh úsáid a bhaint astu. Seoladh na hearraí chuig an gceannaitheoir ar líne tríd an bpost.

Le cois an chúnaimh a thairg Europol trí chruinniú oibríochtúil a reáchtáil i Márta 2013, d'iarr údaráis na hUngáire cúnamh Eurojust le faisnéis faoin gcás a scaipeadh ar na Ballstáit ar fad agus chun faisnéis maidir le himscrúduithe comhuaineacha a bhí á reáchtáil sna Ballstáit a fháil. Dá thoradh sin, nascadh an cás le himscrúduithe leanúnacha a bhí ar siúl san Eastóin trí dhuine de na hamhrastaigh. Cruthaíodh naisc eile fós le nósanna imeachta i bPoblacht na Seice, sa Fhrainc, sa Pholainn agus sa Chróit. Rinne údaráis na hEastóine suíomh a aithníodh i gcomhad tuairim shaineolach phóilíní na hÚngáire a chuardach, d'aithin siad agus d'urghabh siad na mílte piollaire bréagach agus rinne siad an t-athdháileoir a ghabháil. Bhí sé indéanta freisin cuntais bhainc sa Chipir a chalcadh mar thoradh ar an gcúnamh a thug Eurojust leis an gcás.

I ndiaidh díotáil duine de na hamhrastaigh, cuireadh tús le céim trialach an nós imeachta coiriúil san Ungáir agus dúnadh cás Eurojust.

3.1.5. Éillitheacht

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	30	52
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	7	16
Líon na JITanna	3	3

Tugadh méadú as cuimse sa líon cásanna faoi deara in 2013 (méadú 73%), agus sa líon cruinnithe comhordúcháin (dhúbail an líon cruinnithe). As an iomlán, is leis an gcoir seo amháin a dhéileálann 23 cás, agus déileálann 22 cás le sciúradh airgid a imscrúdú freisin. Ba iad na príomh-Bhallstáit iarrthacha Poblacht na Seice, an Ríocht Aontaithe agus an Laitvia; ba iad an Ghearmáin, an Ostair, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Ní raibh éillitheacht luaite mar thosaíocht Comhairle don tréimhse 2011-2013 ná don tréimhse 2014-2017, ach tá éillitheacht fós san áireamh i measc ceann de na bagairtí coireachta in SOCTA. Bhain íogaireacht le cásanna éillitheachta agus, chuige sin, níl sampla de chás á sholáthar.

I mí Feabhra chuir Eurojust le chéad Tuarascáil Frith-Éillitheachta an Choimisiúin Eorpaigh. San áireamh i dtasc Eurojust bhí faisnéis maidir le hiarrachtaí Eurojust sa chomhrac i gcoinne éillitheachta, a chásobair éillitheachta, lena n-áirítear sonraíochtaí cáis agus rannpháirtíocht tríú Stát, mar aon le gníomhaíochtaí coiriúla bainteach le héillitheacht agus cásanna éillitheachta cláraithe chun críche JIT a chruthú. D'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil Frith-Éillitheachta an AE ar an 3 Feabhra 2014.

3.1.6. Cibearchoireacht

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	42	29
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	5	10
Líon na JITanna	2	9

Tá laghdú tagtha ar an líon cásanna cibearchoireachta i gcomparáid le 2012; ach tá méadú tagtha, áfach, ar chruinnithe comhordúcháin agus ar rannpháirtíocht i JITanna. Déileálann leath de na cásanna le cibearchoireacht mar choir aonair agus tá 11 cás nasctha le calaois. Tugadh ocht gcás a bhain le 'íomhánna mí-úsáide gnéasaí leanaí'

agus ocht gcás a bhain le 'fioscaireacht' faoi deara. Ba iad an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe na príomh-Bhallstáit iarrthacha; ba iad an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin agus an Ísiltír na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

I dtimthriall beartais 2011-2013, tá cibearchoireacht le sonrú mar thosaíocht Comhairle agus tá béim á leagan ar mhí-úsáid choiriúil an Idirlín. Ghlac Eurojust páirt ghníomhach i dtionscadal gaolmhar EMPACT, trí fhreastal ar na cruinnithe ar fad.

Déileálann tosaíochtaí na Comhairle do 2014-2017 le cibearchoireacht trí 3 fho-réimse thosaíochta (teacht i dtír gnéasach a dhéanamh ar leanaí, cibear-ionsuithe, agus calaois chárta), agus tá a ghrúpa saineolaithe féin agus cruinnithe difriúla ag gach limistéar.

Beidh Eurojust in ann a chásanna a rangú faoi chineálacha sonracha coireachta laistigh den chatagóir ghinearálta cibearchoireacht. I Meitheamh, ghlac Eurojust páirt i ngach cruinniú MASP agus i ndréachtú na OAPanna do 2014.

Is limistéar coireachta atá ag forbairt go tapa é cibearchoireacht, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le cur chuige comhtháite i measc gach tír a bhfuil baint aici leis an gcomhrac i gcoinne cibearchoireachta. Is ardán é Eurojust do chomhar agus do chomhordú breithiúnach idir imscrúdaitheoirí agus ionchúisitheoirí i gcásanna cibearchoireachta. Baineann fíorthábhacht le rannpháirtíocht na n-údarás breithiúnach difriúil go luath sna himscrúduithe cibearchoireachta chun cosc a chur ar bhacainní dlíthiúla a eascraíonn as creataí difriúla dlí. Baineann fíorthábhacht le comhordú imscrúduithe agus bailiú fianaise (leictreonach) i gcásanna dá leithéid chun ionchúisimh rathúla a chinntiú.

Le haghaidh faisnéise maidir le rannpháirtíocht Eurojust in EC3, *féach* fo-alt 3.3.2, 'Comhar le Europol and OLAF', thíos.

Sampla de chás cibearchoireachta

D'aistrigh nó rinne OCG iarracht airgead a aistriú go mídhleathach ó chuntais custaiméirí banc Eorpach den chuid is mó trí thairbhe a bhaint as ríomhairí éillithe. Bhí tionchar ag an OCG ar chustaiméirí i sé thír: an Ostair, an Fhionlainn, an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an Iorua agus an Ísiltír. Ar iarratas údaráis na hOstaire, chabhraigh Eurojust le comhordú an imscrúdaithe sna tíortha i gceist.

Rinne an OCG ionsaithe fioscaireachta i gcoinne banc náisiúnta éagsúil trí bhogearraí mailíseacha a scaipeadh ar an Idirlíon agus is ar an tslí sin a rinne siad ionsaí ar chustaiméirí na mbanc. Nuair a logáil sealbhóirí cuntas bainc isteach ina gcuntais bhainc, cuireadh idirbhearta i gcrích trí úsáid a bhaint as bogearraí mailíseacha. Trí nasc gníomhach Idirlín an íospartaigh, fuair bogearraí mailíseacha rochtain ar an gcuntas, rinneadh an t-aistriú sa chúlra agus cruthaíodh mír aníos a lorg go n-iontrálfaí uimhir aitheantais idirbhirt (cód TAN). Tríd an gcód TAN a iontráil, d'údaraigh an t-íospartach an t-aistriú agus aistríodh an t-airgead chuig miúileanna airgid ar fud na hEorpa, a d'aistarraing an t-airgead láithreach baill agus a d'aistrigh chuig tríú Stát é.

I ndiaidh cruinniú oibriúcháin a reáchtáladh ag Europol i Meán Fómhair 2012, reáchtáil Eurojust a chéad chruinniú comhordúcháin i mí na Nollag 2012. Ag an gcruinniú seo, mhalartaigh na tíortha i gceist na torthaí imscrúdaitheacha is déanaí, agus pléadh an comhar a bheadh ann amach anseo agus forghníomhú iarratais reatha MLA. Chinn na rannpháirtithe JIT a bhunú idir na tíortha i gceist, Eurojust agus Europol chun cur isteach ar an OCG. Ba é cuspóir an JIT fianaise a bhailiú, faisnéis chuí a roinnt, na daoine freagracha a aithint agus an fhaisnéis bailithe a úsáid chun críche ionchúisimh agus srianadh agus coigistiú ar na fáltais ó choireacht.

Reáchtáladh an dara cruinniú comhordúcháin i mí an Mhárta chun dréacht-chomhaontú JIT a phlé. Ar deireadh, i mí Lúnasa, reáchtáladh an tríú cruinniú comhordúcháin a mhair dhá lá. I rith an chruinnithe seo, mhalartaigh na tíortha i gceist faisnéis maidir le dul chun cinn na n-imscrúduithe agus rinneadh plé ar thuilleadh comhair agus ar shonraí an chomhaontaithe JIT, ar chomhaontaigh an Ísiltír páirt a ghlacadh ann freisin.

D'éascaigh Eurojust dréachtú an chomhaontaithe JIT i measc sé thír. Maoiníodh an JIT le cúnamh ó Eurojust. Chomh maith leis sin, thairg Eurojust a shaineolas maidir le forghníomhú iarratais MLA agus comhordú an imscrúdaithe trí chruinnithe comhordúcháin. Tríd an imscrúdú a chomhordú, cruthaíodh nasc idir na hionsaithe fioscaireachta éagsúla, rianadh cuid de na miúileanna airgid, agus aithníodh roinnt amhrastach.

Sampla de chás cibearchoireachta

Léirigh imscrúduithe a rinne údaráis na Spáinne ar theagmhais chalaoise agus ghóchumtha le modhanna íocaíochta neamhairgid, go háirithe trí chártaí creidmheasa a chlónáil trí ghléasanna leictreonacha léimh a chur ar ATManna banc, go raibh líonra coiriúil ón mBulgáir, ag díriú go speisialta ar an gcineál seo calaoise, líonra a bhí ag feidhmiú ón Spáinn agus ón mBulgáir. Ba é *modus operandi* an ghrúpa choiriúil agus a chleamhnaithe sonraí airgeadais a bhailiú ó ATManna sa Spáinn agus i mBallstáit eile chun cártaí bréagacha creidmheasa nó dochair a chruthú. Ansin úsáideadh na cártaí seo chun suimeanna móra airgid a aistarraingt ó ATManna laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach.

I ndiaidh iarratais ar chúnamh a fháil ó údaráis na Spáinne, reáchtáil Eurojust cruinniú comhordúcháin in Aibreán 2013, cruinniú ar tugadh cuireadh d'údaráis na Spáinne agus na Bulgáire agus do Europol freastal air. D'fhonn comhar agus malartú fianaise i measc na bpáirtithe i gceist a éascú, chinn na toscaireachtaí JIT a bhunú i measc na Bulgáire, na Spáinne, Eurojust agus Europol. Sholáthair Eurojust comhairle dlí mar aon le maoiniú agus trealamh lóistíochúil riachtanach trína Thionscadal Maoinithe JIT. Thacaigh Europol leis an imscrúdú trí anailís oibríochtúil ón tús.

Ba é a bhí mar thoradh ar lá comhghníomhaíochta a reáchtáladh in oirthear na Spáinne i nDeireadh Fómhair 2013 gur gabhadh seisear agus go ndearnadh trí chuardach tí. D'urghabh údaráis forfheidhmithe dlí 15 gléas a úsáideadh chun PINanna a chóipeáil, níos mó ná 10 ngléas leis an bhfaisnéis a thaifeadadh ar stiallacha maighnéadacha cártaí creidmheasa/dochair, roinnt ríomhairí glúine, agus doiciméid a raibh suímh ATM á mbreacadh iontu. Bhí an JIT fós gníomhach ag deireadh 2013 agus táthar ag súil le tuilleadh torthaí maidir leis an gcomhar idir na baill JIT in 2014.

3.1.7. Sciúradh airgid

Is léir bunaithe ar na staitisticí cáis méadú a bheith le tabhairt faoi deara sa limistéar coireachta seo. Glactar le sciúradh airgid mar chion cothrománach atá nasctha le formhór de thosaíochtaí coireachta Eurojust, go háirithe calaois, rannpháirtíocht OCGanna, éillitheacht agus gáinneáil ar dhrugaí; is ionann é agus cion neamhspleách i líon suntasach cásanna freisin (68). I measc na bpríomh-Bhallstát iarrthacha bhí an tSualainn, an Iodáil agus an Pholainn, agus ba iad na príomh-Bhallstáit iarrtha an Spáinn, an Iodáil agus an Ghearmáin.

Ainneoin nach tosaíocht choiriúil é sciúradh airgid *per se* i dtosaíochtaí na Comhairle don tréimhse 2011-2013 nó i dTimthriall Beartais 2014-2017 an AE, tá sé luaite go follas mar shaincheist chothrománach nach mór a mheas le linn a bheith ag déileáil le gach tosaíocht coireachta. Tá an líon cásanna ag Eurojust fós ard, mar a bhí i mblianta roimhe seo.

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí sa réimse sciúrtha airgid, d'fhreastail Eurojust ar chruinniú *Ghrúpa Oibre ar Shreafaí Airgeadais an Ghrúpa Teagmhála ar Phíoráideacht amach ó Chósta na Somáile*, tráth ar pléadh an rian airgid agus ról na nAonad Faisnéise Airgeadais i gcásanna de phíoráideacht mhuirí.

Bunaíodh an grúpa seo in 2009 de bhua réiteach UN an plé agus comhordú gníomhaíochtaí i measc Stát agus eagraíochtaí chun píoráideacht amach ó chósta na Somáile a éascú.

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	144	193
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	34	49
Líon na JITanna	8	13

Sampla de chás sciúrtha airgid

I Márta 2013, d'iarr Deasc na hOllainne cúnamh Eurojust le cás a bhain le himscrúdú fada ar sciúradh airgid fáltas coireachta, gáinneáil ar dhrugaí san áireamh. I lár na 1990idí, sheol údaráis na hOllainne iarratas MLA chuig na húdaráis in Andóra maidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha roinnt amhrastach ón Ollann. Ó rinneadh an t-iarratas sin, tá imscrúduithe ar na daoine sin déanta san Ísiltír agus in Andóra. In 2013, seoladh iarratais MLA chuig údaráis na Spáinne in Alicante agus Málaga, ag lorg faisnéise

maidir le húinéirí réadmhaoin ar leith sa Spáinn agus áiteanna cónaithe roinnt amhrastach.

Bhí gníomhaíochtaí na bpríomhamhrastach nasctha le hamhrastaigh agus le cuideachtaí eile trí na hidirbhearta airgid éagsúla. Creideadh freisin gur infheistigh roinnt amhrastach i dtionscadail forbartha eastát réadach in Andóra.

Ba é croílár na hoibríochta sciúrtha airgid cuideachta tógála in Andóra a d'infheistigh i dtionscadail tógála mórscála agus a chuir EUR 16 mhilliún i dtaisce i gcuntais bhainc in Andóra.

Reáchtáladh cruinniú comhordúcháin ag Eurojust i Meán Fómhair 2013 chun faisnéis a mhalartú maidir le gníomhaíocht a raibh géarghá léi d'fhorghníomhú iarratais reatha MLA. Bhí sé riachtanach ionchúiseamh a thionscnamh go tapa, de bhrí go raibh na coireanna faoi réir saintreorach (faoi urchosc) amhail an 1 Eanáir 2014.

I rith an chruinnithe chomhordaithe, comhaontaíodh ar lá comhghníomhaíochta, a raibh ionad comhordúcháin ag Eurojust ag tacú leis. Reáchtáladh an lá comhghníomhaíochta i mí na Samhna 2013.

Ón ionad comhordúcháin, chabhraigh Deasc na Spáinne agus na hOllainne le gníomhaíochtaí na n-údarás breithiúnach agus forfheidhmithe dlí a rinneadh in Andóra, sa Spáinn agus san Ísiltír. Bunaíodh bonn maith do chomhar leis na húdaráis in Andóra, tríú Stát, i rith an chruinnithe comhordúcháin. Ar an lá comhghníomhaíochta, leanadh leis an gcomhar dearfach idir Andóra agus Eurojust.

I rith an lae gníomhaíochta, gabhadh triúr amhrastach agus rinneadh roinnt cuardach. Urghabhadh EUR 60 000 in airgead agus roinnt feithiclí sóchais agus tithe – lena n-áirítear teach mór ar fiú breis agus EUR 6 mhilliún é – agus calcadh cuntais bhainc. Bhí na hamhrastaigh le triail san Ísiltír.

3.1.8. Sceimhlitheoireacht

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	32	17
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	3	3
Líon na JITanna	0	1

Laghdaigh an líon cásanna sceimhlitheoireachta ach d'fhan an líon cruinnithe comhordúcháin cobhsaí. Thacaigh Eurojust le JIT amháin a tionscnaíodh in 2013. Is iondúil go mbíonn na cásanna seo cláraithe ag Eurojust mar chionta neamhspleácha (14 as an 17 gcás). Thionscain an Spáinn trí chás agus d'oscail an Fhrainc trí chás. Ba iad an Fhrainc le cúig chás agus an Ghearmáin, an Spáinn, an Pholainn agus an Ríocht Aontaithe a raibh ceithre chás ag gach ceann acu, na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Ag leibhéal Comhairle, déantar sceimhlitheoireacht a mheas ar leithligh ó nithe a bhaineann le coireacht eagraithe agus, dá réir sin, ní áirítear é laistigh de shainordú an timthrialla beartais. Is tosaíocht Eurojust atá ann, bunaithe ar impleacht shochaíoch na gcásanna sceimhlitheoireachta seachas ar an líon cásanna cláraithe. Reáchtáladh cruinniú oirbheartaíoch maidir le sceimhlitheoireacht Pháirtí Oibrithe na Cordastáine (PKK), dar teideal *Frith-Sceimhlitheoireacht PKK*, ag Eurojust ar an 31 Eanáir. Bhí ábhar mórán mar an gcéanna pléite roimhe sin i rith cruinniú oirbheartaíoch a reáchtáladh ag Eurojust ar 29 Márta 2007. De bhrí go raibh a lán imscrúduithe agus ionchúiseamh a bhain le PKK fós ar siúl in 2013, ag an gcruinniú pléadh conas sceimhlitheoireacht PKK a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí agus tugadh deis do rannpháirtithe a dtaithí a roinnt le cleachtóirí eile.

Reáchtáladh cruinnithe straitéiseacha agus oirbheartaíocha maidir le sceimhlitheoireacht ag Eurojust ar an 19 agus 20 Meitheamh. Ba é teideal an chruinnithe straitéisigh *Creat-Chinneadh 2008/919/JHA na Comhairle an 28 Samhain 2008: luach breise agus impleacht*, agus dhírigh sé ar chur i láthair thuarascáil TE-SAT 2013, eagrán 16 de TCM agus Lámhleabhar nuashonraithe CBRNE Eurojust. Chomh maith leis sin, thacaigh Eurojust le staidéar measúnaithe an Choimisiúin ar an gcreat dlí is infheidhme do chomhrac sceimhlitheoireachta sna Ballstáit, Creat-Chinneadh 2008/919/JHA na Comhairle. Sa chomhthéacs seo, dhréachtaigh Eurojust tuarascáil a bhí dírithe ar na himeachtaí cúirte tugtha chun críche sa tréimhse 2010-2012 agus ar na cionta dá dtagraítear dóibh in Airteagal 3 den Chreat-Chinneadh: briogadh phoiblí, earcaíocht, oiliúint, tromghoid, sracadh agus falsú doiciméad riaracháin.

Dhírigh cruinniú oirbheartaíoch a reáchtáladh ar an 20 Meitheamh, dar teideal *Trodairí Eachtracha (Aspiring), sa tSiria* ar throdairí a bhí ag taisteal chun na Siria a thugann an taithí a fhaigheann siad ag troid ar ais chun

na hEorpa, mar aon le taithí na n-údarás breithiúnach agus ionchúisimh sna Ballstáit. Dréachtaíodh tuarascáil bunaithe ar cheistneoir agus ar thorthaí an chruinnithe oirbheartaigh, tuarascáil a bhí dírithe ar leordhóthanacht an chreata dlí sna Ballstáit, freagairt an bheartais choiriúil don bhfeiniméan seo, úsáid smachtbhannaí riaracháin, agus neartú malartú faisnéise i gcomhthéacs imscrúduithe agus ionchúiseamh. Seoladh an tuarascáil seo chuig comhordúcháinoir Frith-Sceimhlitheoireachta an AE i mí na Samhna 2013.

Ina theannta sin, tugadh cuireadh do Eurojust freastal ar chruinniú Chomhairle JHA ar 5 Nollaig 2013, cruinniú ag a pléadh an comhrac i gcoinne sceimhlitheoireachta: *Trodairí eachtracha agus teifigh fhillte bunaithe ar pheirspictíocht frith-sceimhlitheoireachta, i ndáil leis an tSiria go háirithe.*

Reáchtáil Eurojust staidéir fhéidearthachta i bhfianaise chomhpháirtíocht phoitéinsiúil Eurojust le dhá Phointe Fócais laistigh de Chomhad Oibre le haghaidh Anailíse (AWF) um Frith-Sceimhlitheoireacht Europol. Cuireadh na staidéir seo faoi bhráid Europol i mí Feabhra 2013. Tá Europol ag bailiú na bhfreagairtí ó na Ballstáit; ach tá roinnt freagairtí fós ar iarraidh ag deireadh na bliana. Chuir Eurojust trí heagrán de TCM i dtoll a chéile arís mar aon le cur le himleabhar in eagar de shraith páipéar oibre an Ionaid um Dhlí an Chaidrimh Eachtraigh. Ó mhí Iúil 2009, is Breathnóir FATF é Eurojust; d'fhreastail Eurojust ar chruinnithe iomlánacha FATF i Meitheamh agus i nDeireadh Fómhair.

An **Lámhleabhar CBRNE Eurojust** soláthraíonn sé saintacaíocht ilearnála dlí do chleachtóirí AE le himscrúduithe agus le hionchúisimh a bhaineann le coireanna trasnáisiúnta 'ceimiceach, bitheolaíoch, raideolaíoch, núicléach agus pléascach' (CBRNE) Tá forbhreathnú le fáil ann ar an reachtaíocht bhunúsach Eorpach agus idirnáisiúnta riaracháin agus choiriúil infheidhme do shubstaintí CBRE, dramhaíl san áireamh. Déantar Lámhleabhar CBRNE Eurojust a nuashonrú gach bliain agus a roinnt le gníomhaithe tábhachtacha seachtracha.

Is tuarascáil inmheánach é an **Monatóir Ciontuithe Sceimhlitheoireachta (TCM)** atá bunaithe ar fhaisnéis foinse oscailte agus a bhfuil sonraí ann atá á soláthar ag na húdaráis náisiúnta agus Cinneadh 2005/671/JHA na Comhairle á chur chun feidhme acu.
Tá forbhreathnú le fáil ann ar na ciontuithe agus ar na héigiontuithe sceimhlitheoireacht-gaolmhara ar fud an Aontais Eorpaigh mar aon le faisnéis anailíseach agus staitistiúil. Ba in 2008 a foilsíodh an chéad eagrán den doiciméad poiblí ráithiúil seo.

Is comhlacht idir-rialtasach ceapadh beartais a bunaíodh in 1989 an **Tascfhórsa Gnímh Airgeadais (FATF).** Is iad cuspóirí FATF caighdeáin a bhunú agus bearta éifeachtúla dlí, rialála agus oibríochtúla a chur chun feidhme chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí a chosc. Tá 40+9 Moladh forbartha ag FATF atá ag teacht leis an gcaighdeán idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le glacadh agus le cur chun feidhme na moltaí sin ar fud an domhain.

3.1.9. Grúpaí coiriúla eagraithe (soghluaiste)

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	231	257
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	43	66
Líon na JITanna	5	8

Dála sciúradh airgid, is catagóir chothrománach é rannpháirtíocht MOCGanna agus is cosúil go bhfuil dlúthnasc aige le tosaíochtaí coiriúla eile Eurojust, go háirithe gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid agus calaois. Tá méadú tagtha ar an líon cásanna agus tá an líon cruinnithe comhordúcháin beagnach dúbailte. Ba iad an Fhrainc, an Rómáin agus an Íodáil na príomh-Bhallstáit iarrthacha; ba iad an Iodáil, an Spáinn agus an Ísiltír na Ballstáit ba mhinice iarrtha.

Ba thosaíocht Comhairle do 2011-2013 MOCGanna agus, dá réir sin, chuir Eurojust ar bhonn gníomhach leis an tionscadal bainteach EMPACT. Léirigh na spriocanna straitéiseacha go háirithe don tréimhse 2011-2013 an tábhacht a bhain le cur chun cinn ionchúiseamh i gcoinne MOCGanna, mar aon le himscrúduithe airgeadais chun fáltais a gcoireanna a urghabháil agus choigistiú. Ghlac Eurojust páirt i gcruinniú EMPACT faoi MOCGanna a reáchtáladh i mí an Mheithimh, tráth a ndearna ionadaí Eurojust cur i láthair maidir le comhar breithiúnach in imscrúduithe agus in ionchúisimh MOCG. I rith an chur i láthair seo, déileáladh le roinnt dúshlán coiteann do MOCGanna agus tugadh samplaí de chomhar breithiúnach i gcásanna a bhain le MOCGanna. Chomh maith leis sin, cuid den chur i láthair ba ea forbhreathnú ar chásobair Eurojust a bhain le MOCGanna agus úsáid JITanna.

Sampla de chás OCG

Tugadh ceann de na himscrúduithe comhpháirteacha is mó agus is faide bunaithe i réigiún Mhuir Bhailt (Aibreán 2009 go dtí Aibreán 2012) chun críche nuair a rinneadh OCG a bhí dírithe ar charranna sóchais a ghoid a dhíchóimeáil. Ba bhunaithe agus ba ag feidhmiú sa Liotuáin a bhí an OCG a ghoid 99 carr sóchais, 56 carr san Eastóin agus 43 carr sa Laitvia. D'fheidhmigh Eurojust agus Europol mar éascaitheoirí i rith an imscrúdaithe.

Seoladh JIT ag Eurojust faoi Thionscadal Maoinithe JIT le húdaráis na hEastóine,

na Laitvia agus na Liotuáine. I dteannta le maoiniú, sholáthair Eurojust tacaíocht maidir le comhordú breithiúnach don JIT.

I nDeireadh Fómhair 2013, rinne na trí údarás náisiúnta feidhmiú an JIT, torthaí an phróisis bhreithiúnaigh agus an taithí faighte a mheas ag cruinniú comhordúcháin a reáchtáladh ag Eurojust. Chuir ceannaire JIT na hEastóine in iúl gur éirigh thar cionn leis an oibríocht, oibríocht ina bhfuarthas taithí luachmhar agus inar thángthas ar réitigh i ndáil le comhar idirnáisiúnta. D'eascair 11 cinneadh cúirte agus 25 ciontú as toradh breithiúnach an ionchúisimh. Lena chois, deonaíodh cúiteamh de thart ar EUR 550 000 d'íospartaigh. Ar deireadh, chuir gníomhaíocht póilíneachta isteach ar oibríochtaí coiriúla ceithre OCG gaolmhar - gadaithe ón Liotuáin ag feidhmiú san Eastóin agus sa Laitvia.

Sampla de chás OCG

In Aibreán, thionscain an Liotuáin cás a bhí dírithe ar OCG a raibh baint aige le goid idirnáisiúnta feithiclí. Is ón Liotuáin a bhí an OCG ag feidhmiú agus bhíothas in amhras go raibh carranna sóchais agus trucailí á ngoid sa tSualainn, sa Ghearmáin, sa Bheilg agus sa Fhrainc agus go raibh siad á seachadadh chun na Liotuáine.
Thacaigh Eurojust leis an gcás trí chruinniú Leibhéal II agus cruinniú comhordúcháin a reáchtáil. Chuir Europol sonraí anailíseacha i láthair, sonraí a úsáideadh i rith an chruinnithe chomhordúcháin chun tuilleadh gníomhaíochtaí a phleanáil. San áireamh sna sonraí anailíseacha bhí, inter alia, anailís ar an tslí ar tionscnaíodh an cás, struchtúr an líonra choiriúil agus an tslí inar eagraíodh na heachtraí gadaíochta.
Ba é a bhí mar thoradh ar an gcruinniú comhordúcháin comhaontú idir na tíortha rannpháirteacha go nglacfadh an Fhrainc freagracht as na himeachtaí breithiúnacha a luaithe a bheadh EAW eisithe. Gheall an Liotuáin iarratais MLA na Fraince agus na Sualainne a fhorghníomhú mar aon le gealltanas a thabhairt an méid fianaise agus ab fhéidir a bhailiú.

Chuir Eurojust le tionscnaimh eile laistigh de chreat an tionscadail EMPACT seo. D'fhreastail sé ar chomhdháil maidir le goideadh miotal i mí Aibreáin, comhdháil a eagraíodh laistigh de chreat an tionscadail EMPACT. Chomh maith leis sin, reáchtáil Eurojust seimineár maidir le himscrúduithe airgeadais a bhain le MOCGanna a réachtáladh i nDeireadh Fómhair 2013.

Aithníodh MOCGanna mar thosaíocht arís don tréimhse 2014-2017, ach an uair seo leagadh béim níos sonraí ar choireacht eagraithe réadmhaoine. Comhaontaíodh spriocanna straitéiseacha nua do 2014-2017 ag cruinniú MASP a reáchtáladh i mí an Mheithimh, spriocanna arb ionann iad agus léargas ar a riachtanaí is atá rannpháirtíocht Eurojust le tacú le bogadh ó ghníomhaíochtaí faisnéise póilíneachta go dtí ionchúiseamh foirmiúil.

Seimineár maidir le Calaois Cánach Thrasteorann: bagairtí éiritheacha san Aontas Eorpach

Ar 14 agus 15 Samhain, reáchtáil Eurojust, i gcomhpháirt le hUachtaránacht na Liotuáine ar an AE seimineár straitéiseach dar teideal *Calaois Cánach Trasteorann: bagairtí éiritheacha san Aontas Eorpach.* D'oibrigh oifigigh ó ranna beartas agus oibríochtaí cánach agus custam na mBallstát le hionchúisitheoirí, breithiúna agus ionadaithe institiúidí agus gníomhaireachtaí AE chun tuairimí maidir le scála na faidhbe mar aon le réitigh phoitéinsiúla agus dea-chleachtas a roinnt. Phléigh rannpháirtithe an tseimineáir cásanna casta ag eascairt as calaois cánach a bhain le toitíní, alcól agus breosla agus léirigh siad go gciallaíonn an cineál seo coireachta go gcailleann gach Ballstát na milliúin euro d'ioncam cánach ar tháirgí tobac, alcóil agus fuinnimh.

Phléigh na rannpháirtithe nádúr casta agus athraitheach scéimeanna calaois cánach, trína mbaineann OCGanna tairbhe as difríochtaí agus laigí i reachtaíocht AE agus náisiúnta, cánach, custam agus aisghabháil sócmhainní. Ó tharla breis comhchuibhithe reachtaigh gan a bheith le sonrú, d'aithin rannpháirtithe roinnt dea-chleachtas a d'fhéadfadh comhar idir údaráis sna Ballstáit a éascú, lena n-áirítear Pointí Fócais tiomnaithe ag Europol a úsáid chun faisnéis a thiomsú agus a anailís a dhéanamh uirthi, cúnamh OLAF le hoibríochtaí comhpháirteacha custam a bhunú agus faisnéis a mhalartú trí chruinnithe comhordúcháin agus JITanna a bhunú le tacaíocht Eurojust.

Tá gá le cur chuige ildisciplíneach, a áiríonn comhar treisithe idir institiúidí agus gníomhaireachtaí AE mar aon le húdaráis chánach, chustam, phóilíneachta agus bhreithiúnacha ar an talamh sna Ballstáit, chun déileáil go héifeachtach le calaois chánach thrasteorann. Ó tharla calaois cánach a bheith aitheanta mar cheann de thosaíochtaí an AE don chomhrac i gcoinne coireacht thromchúiseach agus eagraithe i dTimthriall Beartais 2014-2017 an AE, is éard a bheidh sa seimineár seo bunús do thuilleadh gníomhaíochta sa réimse seo.

Cuirfear conclúidí an tseimineáir straitéisigh seo faoi bhráid Mheithleacha na Comhairle agus foilseofar eagrán de *Eurojust News* ar Chalaois MTIC go luath in 2014.

3.2. Cúnamh Eurojust i réimsí eile de ghníomhaíocht choiriúil

3.2.1. Cionta coiriúla a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais an AE (cionta PIF)

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	27	31
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	5	8
Líon na JITanna	1	1

D'fhan an líon cásanna cobhsaí in 2013 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mar atá mínithe anseo thíos, grúpálann cionta PIF trí chineál coireachta ar annamh gurb ionann iad agus cionta neamhspleácha, cionta a bhaineann go hiondúil le calaois, coireacht eagraithe agus falsú doiciméad riaracháin. Ba iad Málta agus an Chróit na Ballstáit a thionscain an líon is mó cásanna (ceithre chás i ngach tír); agus ba iad an Iodáil agus an Bheilg na Ballstáit ba mhinice iarrtha (cúig chás i ngach tír).

Is tosaíocht choiriúil nua in Eurojust cionta PIF. Dhéileáil Eurojust le cásanna a bhain le cionta a thuairiscítear go hinmheánach in Eurojust mar choireanna PIF roimhe seo, áfach.

I mí na Bealtaine, rinne Eurojust cur i láthair maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ag Euro Thoir Thuaidh IV – Cruinniú na Saineolaithe um Ghóchumadh Airgeadra Eorpach in Ríge, sa Laitvia. Is ar thogra do Threoir maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile i gcoinne góchumadh trí dhlí coiriúil, ag teacht in ionad Creat-Chinneadh 2000/383/JHA na Comhairle a bhí an cur i láthair dírithe.

Chomh maith leis sin, ghlac Eurojust páirt i Seimineár Pericles, a reáchtáladh ag an Oifig Frith-Chalaoise Lárnach um Modhanna Íocaíochta in Rabat, Maracó, i mí Mheán Fómhair. Phléigh na rannpháirtithe Straitéis Pobail chun an Euro a Chosaint i Limistéar na Meánmhara, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le taithí agus eolas a roinnt i measc na mBallstát agus tíortha na Meánmhara agus na hAfraice mar aon leis na fachtóirí a chuireann bac nó toirmeasc ar chomhar éifeachtach dlí agus póilíneachta laistigh d'imscrúduithe trasteorann.

Sampla de chás de chionta coiriúla a bhfuil tionchar acu ar leasa airgeadais an AE

I bhFeabhra 2010, ghabh údaráis na Fraince seacht dtona de thoitíní góchumtha i dtrádstóras cuideachta sa Normainn. Léirigh anailís a rinneadh ar shampla de na toitíní go raibh cosúlacht eatarthu agus toitíní a gabhadh san Ungáir, sa Pholainn agus sa Úcráin in 2009 agus 2010. Mar thoradh ar imscrúdú na Fraince, nochtadh ainmneacha na gcuideachtaí a raibh baint acu le góchumadh toitíní, agus bunaíodh nasc féideartha idir an Ríocht Aontaithe agus an Ghearmáin. I ndiaidh amhrastaigh áirithe a ghabháil, nochtadh OCG Úcránach a bhí ag feidhmiú cóngarach do roinnt Ballstát comharsanach. Aithníodh bealach samhailteach tráchtála a bunaíodh chun an smuigleáil eagraithe agus iompórtáil toitíní góchumtha idir an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe a cheilt. Aimsíodh go raibh daoine aonair agus cuideachtaí i bPoblacht na Seice, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil agus Poblacht na Slóvaice nasctha leis na gníomhaíochtaí smuigleála.

Iarradh ar Eurojust comhordú imscrúduithe idir na Ballstáit rannpháirteacha agus forghníomhú roinnt iarratais MLA a chomhordú. Reáchtáladh an chéad chruinniú comhordúcháin i mBealtaine 2011, tráth ar pléadh forghníomhú iarratais MLA a eisíodh roimhe seo agus na céimeanna a nglacfaí maidir le comhar amach anseo. I ndiaidh ghabháil an phríomh-amhrastaigh, reáchtáladh ionad comhordúcháin, faoi stiúir Dheasc na Fraince. I rith an lá comhghníomhaíochta, gabhadh seisear amhrastach bhreise agus rinneadh roinnt cuardach tí agus cuideachta comhuaineach sa Ghearmáin, san Iodáil, i bPoblacht na Seice agus i bPoblacht na Slóváice. I mí na Samhna 2011, reáchtáladh an dara cruinniú comhordúcháin chun fairsinge fhorghíomhú na n-iarratas MLA a mheas. Ag an tríú cruinniú comhordúcháin, a reáchtáladh i Meitheamh 2012, pléadh na riachtanais fanta comhair. An lá dár gcionn, reáchtáil údaráis na Fraince cruinniú

comhordúcháin déthaobhach leis an Úcráin, tráth ar thug an Úcráin dearbhú maidir leis an bhféidearthacht a bhain le calcadh faoi choimeád shócmhainní an phríomh-amhrastaigh.

Trí shonraí ina CMS a phróiseáil, bhunaigh Eurojust nasc le cás Francach eile, cás nach raibh na húdaráis náisiúnta ar an eolas faoi. Thairg Europol tacaíocht oibríochtúil sa chás seo freisin. Ciontú 11 amhrastach i Lúnasa 2013 a bhí mar thoradh ar chomhordú rathúil an imscrúdaithe. Gearradh téarma príosúnachta 10 mbliana ar cheannaire an ghrúpa. Ina theannta sin, calcadh agus gabhadh líon suntasach sócmhainní sa Fhrainc, i bPoblacht an Seice agus sa Úcráin agus d'fhógair an chúirt fíneáil chustam de bheagnach EUR 2 mhilliún, a bhí le híoc ag an gcúigear amhrastach i gcomhpháirt. Rinne an príomh-amhrastach achomharc i gcoinne an chinnidh rialaithe ag Cúirt Rennes. Bhí an cás sin ar feitheamh in 2013.

3.2.2. Coireacht chomhshaoil

Staitisticí coireachta	2012	2013
Líon na gcásanna cláraithe	3	8
Líon na gcruinnithe comhordúcháin	-	-
Líon na JITanna	-	-

Ní dhéileáiltear ach ar éigean le coireacht chomhshaoil i gcásobair Eurojust. Ainneoin gur tháinig méadú suntasach ar an líon cásanna i rith 2012, tá sé fós réasúnta íseal. Rinneadh cásanna maidir le coireacht chomhshaoil agus gáinneáil aindleathach speiceas ainmhithe i mbaol a mheas mar chuid den chineál seo coire, ar coir dá samhail í. Ba iad an Bhulgáir, an Ungáir, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSualainn agus an tSlóivéin a chláraigh na cásanna.

D'aithin SOCTA 2013 coireacht chomhshaoil mar bhagairt éiritheach san Aontas Eorpach. Is minic go mbíonn gné thrasteorann le coireacht chomhshaoil, agus d'fhéadfadh sé a bheith tromchúiseach agus eagraithe, ach, ainneoin níos mó tábhachta a bheith leis san Aontas Eorpach, fianaise iad na staitisticí nach i gcónaí a bhíonn ionchúisimh nó ciontuithe i mBallstáit mar thoradh ar na cásanna seo.

Sheol Eurojust tionscadal straitéiseach maidir le coireacht chomhshaoil in earrach 2013. Déanfaidh an tionscadal straitéiseach seo stádas an chomhair bhreithiúnaigh i réimse na coireachta comhshaoil a mheas mar aon le riachtanais chleachtóirí sa sainréimse seo, chomh maith le bacainní ar choireacht chomhshaoil a ionchúiseamh, agus dea-chleachtas agus réitigh a aithint chun úsáid éifeachtach ionstraimí dlí reatha a fheabhsú.

Mar chuid den tionscadal straitéiseach, seoladh ceistneoir maidir leis na bacainní ar ionchúiseamh coireacht chomhshaoil, gáinneáil aindleathach ar dhramhaíl agus speiceas i mbaol go háirithe, chuig na Ballstáit, SAM agus an Iorua. Bunaithe ar 27 freagairt, tugadh faoi anailís chríochnúil ar dhul chun cinn ar fud na hEorpa.

Sampla de chás de choireacht chomhshaoil

Bhíothas in amhras go raibh uibheacha éanlaithe fiáine á dtrádáil go neamhdhleathach ar mórscála ag OCG a bhí ag feidhmiú sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe agus san Fhionlainn. Aimsíodh breis is 200 ubh éanlaithe fiáine ag áit chónaithe duine de na daoine a cúisíodh. Sa Ríocht Aontaithe, cúisíodh duine i ndáil le roinnt cionta: uibheacha a cheannach, a dhíol agus a thairiscint le díol, agus uibheacha éanlaithe a bheith ina s(h)eilbh ar shlí a chiallaigh go raibh reachtaíocht náisiúnta fiadhúlra na Ríochta Aontaithe á sárú. Phléadáil an duine seo ciontach agus gearradh 220 uair seirbhís pobail air/uirthi as trádáil neamhdhleathach uibheacha éanlaithe fiáine agus neamhchoitianta.

Sa tSualainn, eisíodh díotáil maidir le cionta sealgaireachta, fáltais sealgaireachta a fháil, agus cionta i gcoinne cosaint speiceas i mbaol. Creidtear gur idir 2003 agus 2010 a tharla na gníomhaíochtaí coiriúla. Tá go leor de na huibheacha bailithe agus trádáilte go neamhdhleathach á gcosaint faoi reachtaíocht AE a bhfuil an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (Coinbhinsiún CITES) á chur chun feidhme i ndlí AE aige (Rialachán 338/97 na Comhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le cosaint speiceas fauna agus flora fiáin trí thrádáil iontu a rialú).

Bhí ról lárnach ag Eurojust sa chás, idir cabhrú le bunú agus le rannpháirtíocht i JIT idir an Fhionlainn agus an tSualainn, agus maoiniú riachtanach a sholáthar. Anuas ar ról comhordúcháin Eurojust, sa chás gur éascaigh sé cumarsáid faisnéis íogaireach, sholáthair maoiniú Eurojust den JIT luach soiléir breise trí shaineolaí seachtrach – éaneolaí – a fhostú le páirt a ghlacadh san imscrúdú.

I dtreo comhordú feabhsaithe ionchúiseamh coireacht chomhshaoil ar fud an AE:

Ról Eurojust

Cruinniú straitéiseach Eurojust dar teideal I dtreo comhordú feabhsaithe ionchúiseamh coireacht chomhshaoil ar fud an AE: *Reáchtáladh ról Eurojust, eagraithe i gcomhpháirt le Líonra Ionchúisitheoirí Comhshaoil na hEorpa (ENPE), ag Eurojust ar an 27 agus 28 Samhain 2013.* Leagadh béim ar bhreisluach poitéinsiúil Eurojust sna réimsí seo a leanas: éascú agus comhordú iarratais MLA, dea-chleachtas a bhailiú agus a roinnt, feasacht maidir le coireacht chomhshaoil a fheabhsú agus comhar breithiúnach le tríú Stát a éascú. Ba chóir imscrúduithe agus ionchúisimh a chomhordú ar bhonn níos rialta trí luath-rannpháirtíocht Eurojust.

Chuir an cruinniú straitéiseach leis an gceistneoir a chuir Eurojust chuig cleachtóirí ag déileáil le saincheisteanna ar leibhéal náisiúnta a bhain le himscrúdú agus ionchúiseamh coireacht chomhshaoil, gáinneáil neamhdhleathach ar dhramhaíl agus gáinneáil ar speicis i mbaol. Cuirfear tuarascáil ina mbeidh, inter alia, achoimre ar chonclúidí an chruinnithe straitéisigh sin faoi bhráid Rúnaíocht na Comhairle go luath in 2014 agus foilsíodh eagrán de Eurojust News faoin ábhar seo i mí na Nollag, eagrán atá ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Bunaithe ar na saincheisteanna aitheanta agus ar an taithí faighte, in 2014 leanfaidh an tionscadal straitéiseach seo le scrúdú a dhéanamh ar mholtaí féideartha do na páirtithe leasmhara ábhartha.

3.2.3. Píoráideacht mhuirí

Ó 2009 anonn, tá cruinnithe comhordúcháin rialta dírithe ar fheiniméan na píoráideachta muirí agus ar a iarmhairtí ar na Ballstáit i gceist reáchtáilte ag Eurojust. D'fhonn tacú leis na cruinnithe comhordúcháin seo, arb ionann iad agus ardán do chleachtóirí a bhfuil baint acu le himscrúduithe agus le hionchúisimh leanúnacha, tugadh an tionscadal a bhí dírithe ar *Mhonatóir Breithiúnach do Phíoráideacht Mhuirí*, tionscadal a thionscain Eurojust in 2012, chun críche i Meán Fómhair 2013 tráth ar foilsíodh an chéad eagrán de MPJM. Bunaíodh MPJM chun malartú faisnéise idir ionchúisitheoirí atá ag déileáil le cásanna de phíoráideacht mhuirí a éascú.

Is bunaithe, tríd is tríd, ar fhaisnéis iarrtha agus soláthartha ag na húdaráis náisiúnta trí na Deasca Náisiúnta atá MPJM, agus is roinnte i sé chaibidil atá sé. Is sa trí phríomhchaibidil atá an creat dlí maidir le píoráideacht mhuirí, ceachtanna foghlamtha agus anailís ar chinntí breithiúnacha le fáil.

Cuireadh an MPJM i láthair rannpháirtithe ag an gcruinniú comhordúcháin a eagraíodh faoin gcás oibríochtúil ar phíoráideacht mhuirí a reáchtáladh ar 12 Meán Fómhair. Nuashonrófar an MPJM gach 18 mí.

3.2.4. Pointe Teagmhála Eurojust le haghaidh Cosaint Leanaí

Mar thoradh ar chruinniú neamhfhoirmiúil Airí JHA in 2007, arb é cosaint leanaí ceann de na príomhábhair phlé, cheap Eurojust Comhalta Náisiúnta d'fhonn feidhmiú mar Phointe Teagmhála do Chosaint Leanaí i ndáil le nithe cosúil le leanaí ar iarraidh, mí-úsáid ghnéasach leanaí, gáinneáil ar leanaí agus mí-úsáid leanaí.

Comhoibríonn an Pointe Teagmhála do Chosaint Leanaí leis an gComhghuaillíocht Airgeadais Eorpach i gcoinne teacht i dtír tráchtála ar leanaí ar líne (EFC) agus an Comhaontas Domhanda chun Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí Ar Líne a Chomhrac, agus tá dlúthnaisc aige leis na húdaráis náisiúnta i SAM trí Ghrúpa Oibre um Chosaint Leanaí an AE-SA.

I gcásobair Eurojust, ba iad na cineálacha coireachta ba choitianta a raibh tionchar acu ar leanaí mí-úsáid ghnéasach, THB agus íomhánna mí-úsáide gnéasaí leanaí. Dhéileáil Eurojust le 40 cás de choireanna i gcoinne leanaí, lena n-áirítear dhá chás cláraithe ag an Iorua. Ó 2004 anonn, tá 235 cás a bhaineann le híospartaigh ar leanaí iad cláraithe ag Eurojust. Chomh maith leis sin, bhí baint ag Eurojust le JIT amháin a bhain le coireanna i gcoinne leanaí agus reáchtáladh trí chruinniú comhordúcháin.

Aithníodh an gá a bhí le cibearchoireachtaí a mbíonn dochar tromchúiseach dá n-íospartaigh dá thoradh, cosúil le teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne mar thosaíocht i gConclúidí na Comhairle maidir le tosaíochtaí an AE a shocrú don chomhrac i gcoinne coireacht thromchúiseach agus eagraithe idir 2014 agus 2017. Sa chomhthéacs seo, seoladh staidéar in 2013 maidir le húsáid forálacha roghnaithe de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí-Úsáid Ghnéasach sna Ballstáit. Tá an staidéar seo ábhartha do ghníomhaíochtaí monatóireachta Chomhairle na hEorpa agus tá sé tráthúil chomh maith céanna ó tharla gurb é an 18 Nollaig 2013, an spriocdháta do chur chun feidhme phríomh-ionstraim an AE sa réimse seo, Treoir

2011/92/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac. Tá an staidéar dírithe ar úsáid oibríochtaí follasacha, na cosaintí nós imeachta a bhíonn ar fáil d'íospartaigh agus na pionóis a fhorchuirtear i ngach Ballstát maidir le coireanna a bhaineann le táirgeadh agus scaipeadh íomhánna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne.

3.3. Caidreamh Eurojust

3.3.1. Caidreamh le tríú Stáit agus eagraíochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach

Comhaontuithe comhair In 2013, thug Eurojust comhaontú comhair le Prionsacht Lichtinstéin, comhaontú a tháinig i bhfeidhm ar an 19 Samhain, i gcrích. I mí na Nollag, chuir Eurojust dréach-chomhaontú comhair idir Poblacht na Moldóive agus Eurojust faoi bhráid na Comhairle.

Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust Brostaíonn agus éascaíonn láithreacht Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ag Eurojust comhar breithiúnach idir údaráis inniúla Ballstát agus tríú Stát, trí chabhrú leo teagmháil dhíreach a bhunú nó feidhmiú mar nasc idir údaráis náisiúnta. Bhí triúr Ionchúistheoirí Idirchaidrimh ar iasacht ag Eurojust ó thríú Stát (an Chróit, an Iorua agus SAM). Roimh aontachas na Cróite, chláraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Chróit ceithre chás ag Eurojust. Chláraigh an tIonchúisitheoir Idirchaidrimh don Iorua 51 cás, cásanna a bhaineann den chuid is mó le gáinneáil ar dhrugaí agus coireanna i gcoinne saol duine, i gcoinne na saoirse ó dhíobháil choirp agus na saoirse pearsanta.

Cásobair a raibh tríú Stát páirteach inti Sholáthair Eurojust cúnamh ar 249 ócáid a raibh baint ag tríú Stát leo. Ba iad na príomhchineálacha coireanna a bhain leis na cásanna seo caimiléireacht agus calaois, sciúradh airgid agus cionta coiriúla gaolmhara eile, gáinneáil ar dhrugaí agus cásanna a bhain le OCGanna. Ba iad na tríú Stát ba mhinice i gceist an Eilbhéis (48 ócáid), an Iorua (33), SAM (23) agus an Chróit (21), mar aon leis an tSeirbia (15) agus an Tuirc (12). Rinneadh ionadaíocht ar thríú Stát ag 47 cruinniú comhordúcháin. Ba iad na tríú Stát ba mhinice páirteach i gcruinnithe comhordúcháin an Eilbhéis (15), an Iorua (12), SAM (9) agus an Chróit (6).

Ba mhinic gur lorg údaráis inniúla Ballstát cúnamh Eurojust chun forghníomhú iarratais MLA a éascú agus chun sonraí teagmhála údarás inniúil i dtríú Stát a aithint. D'eascair deacrachtaí le comhar breithiúnach as bacainní teanga agus forghníomhú am-íditheach iarratais MLA i dtríú Stát.

Pointe teagmhála Eurojust i dtríú Stát Cuireadh an tSeoirsia agus an Téaváin le líonra pointí teagmhála Eurojust i dtríú Stát. Chomh maith leis sin, lean Eurojust ag tacú le tionscnaimh leanúnacha sna Balcáin Thiar, tionscnamh an Choimisiúin maidir le Comhrac i gcoinne coireacht agus éillitheacht eagraithe go háirithe: *Líonra na nIonchúisitheoirí a Neartú.*. Measadh go raibh an cúnamh a sholáthair pointí teagmhála Eurojust i dtríú Stát úsáideach agus éifeachtach, go háirithe na pointí teagmhála ó na Balcáin Thiar.

I mí na Nollag, rinne Eurojust roinnt cur i láthair ag ceardlann a bhí eagraithe ag Aire Inmheánach na Slóivéine maidir le húsáid JITanna chun THB a chomhrac ag leibhéal áitiúil sna Balcáin Thiar. I measc na nithe a pléadh sna cur i láthair bhí an bunús dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta d'úsáid JITanna, ról Eurojust i bhfoirmiú agus in oibriú JIT, mar aon le taithí Eurojust i ndáil le cásanna THB inar bunaíodh JIT.

D'éascaigh an MoU le IberRed comhar le tíortha as Meiriceá Laidinigh. Bhí ról gníomhach ag Deasca Spáinneacha agus Portaingéalacha Eurojust mar chaineál do chásobair Eurojust. Sa chás go bhfuil oifigigh ar phostú i dtríú Stát ag Ballstáit, d'aithin Eurojust an acmhainn seo mar acmhainn atá úsáid chun dlús a chur faoi chásanna.

D'fhreastail Eurojust ar chruinniú aireachta JHA maidir le comhar le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar an 7 agus 8 Deireadh Fómhair, eadhon an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin, mar aon le cur i láthair a dhéanamh bunaithe ar na saincheisteanna dlí ábhartha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh, deacrachtaí praiticiúla agus dea-chleachtas bunaithe ar chásobair Eurojust.

Chomh maith leis sin, i mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil Eurojust cuairt staidéir do ghairmithe ceartas coiriúil ón Moldóiv, eagraithe ag UNODC. Bhain an chuairt staidéir seo leis an tionscadal bunaithe ar an bhfreagairt ceartas coiriúil do THB atá á cur chun feidhme ag UNODC sa Mholdóiv. Bhí an chuairt chuig an Ísiltír dírithe go príomha ar pheirspictíocht institiúidí ceartas coiriúil an AE ar chibearchoireacht, imscrúduithe réamhghníomhacha agus JITanna chun THB a chomhrac.

3.3.2. Comhar le Europol agus OLAF

Europol

Ar aon dul le Comhaontú 2009 idir Eurojust agus Europol chun comhar agus malartú faisnéise a fheabhsú, rinneadh breis iarrachtaí chun comhar straitéiseach agus oibríochtúil a fheabhsú. Is comhpháirtí suntasach é Europol, mar is léir ó thagairt Chonradh Liospóin do ról comhordúcháin Eurojust a bheith bunaithe ar 'fhaisnéis soláthartha ag Ballstáit agus ag Europol' agus mar is léir bunaithe ar chásobair Eurojust. Cuirtear tuarascáil bhliantúil chomhpháirteach maidir le Eurojust agus Europol faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin; cuireadh an tuarascáil do 2012 faoina mbráid in Aibreán 2013.

Comhar oibríochtúil Bhain cásobair Eurojust tairbhe as rannpháirtíocht Europol in 53 cás agus 75 cruinniú comhordúcháin i rith 2013. Is léir bunaithe ar an gcomhar cásoibre le Europol buntáiste a bheith ag baint le luath-mhalartú faisnéise.

Chuir Eurojust le tuarascálacha SOCTA agus TE-SAT. Lena chois sin, d'eagraigh Eurojust cruinniú i mí Iúil idir Bainisteoirí Tionscadail agus Gnó Phointí Fócais Europol agus ionadaí Phointí Fócais Eurojust chun taithí a roinnt agus comhar i gcleachtas a phlé. Shínigh Eurojust trí chomhlachas nua le Pointí Fócais laistigh den AWF ar Choireacht Thromchúiseach Eagraithe agus ar Fhrith-Sceimhlitheoireacht sa bhreis ar na 17 gcomhlachas a bunaíodh cheana féin.

Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa (EC3) Ar an 1 Eanáir 2013, cuireadh tús le gníomhaíochtaí oibríochtúla EC3 agus thacaigh Eurojust, de réir na Cumarsáide ón gCoimisiún ar an 28 Márta 2012, *Dul i nGleic le Coireacht sa Ré Dhigiteach: Lárionad Cibearchoireachta na hEorpa* a bhunú, le hobair EC3 trí Bhall Náisiúnta a cheapadh ar Bhord an Chláir agus ball foirne a chur ag obair ar EC3 go sealadach, chun malartú láithreach faisnéise agus tacaíocht Eurojust d'imscrúduithe a mbíonn obair leantach breithiúnach ag teastáil ina leith a éascú.

Comhar straitéiseach Reáchtáladh cruinnithe rialta ag leibhéal oibre agus bainistíochta ar mhaithe le comhar idir na heagraíochtaí a neartú. Anuas air sin, bhí baint ag an dá eagraíocht leis na himeachtaí a bhí á n-eagrú acu beirt, go háirithe seimineáir straitéiseacha Eurojust agus cruinnithe Cheannairí Aonaid Náisiúnta Europol. Leanadh leis na cláir mhalairtaithe foirne a bhfuil ag éirí go maith leo. Reáchtáladh na cláir seo ar bhonn cómhalartach ag Eurojust agus Europol, rud a chinntigh gur cuireadh leis an bhfeasacht ar sheirbhísí agus ar fheidhmiú an dá eagraíocht.

Sampla de chás cibearchoireachta

I gcás amháin a bhain le goid faisnéis cárta creidmheasa nó 'scimeáil', síníodh comhaontú JIT in Aibreán 2013 agus soláthraíodh maoiniú Eurojust. Eagraíodh cruinniú oibríochtúil ag Europol agus an lá dár gcionn, reáchtáladh cruinniú comhordúcháin ag Eurojust. Ba í an aidhm a bhí leis an gcéad lá den chruinniú oibríochtúil ag Europol faisnéis a threorú agus a mhalartú, agus ar an dara lá, rinneadh cuspóirí, imscrúduithe agus ionchúisimh oibríochtúla a chomhordú ag Eurojust. D'oibrigh Eurojust le Teirmineál Pointe Fócais Europol. Is sampla de dhea-chleachtas an cás seo bunaithe ar chomhar iontach a bheith le tabhairt faoi deara idir an dá eagraíocht agus iontaoibh fhrithpháirteach.

Bhain cás eile le ceann de na cibear-ionsuithe is mó a reáchtáladh go dtí seo. Is ar sheirbhís um chosc turscair agus ar ghnólacht slándála Idirlín a rinneadh na hionsuithe. Mar thoradh ar scála ollmhór na n-ionsuithe cuireadh isteach ar sheirbhís idirlín na milliún úsáideoirí ar fud an domhain. D'éascaigh iarrachtaí comhordúcháin Eurojust gabháil an amhrastaigh agus cuardach tí a dhéanamh gan mórán moille agus glacadh buíochas freisin le comhar tapa agus éifeachtach an Bhiúró Idirchaidrimh ábhartha ag Europol.

OLAF

D'fhonn an comhrac i gcoinne calaois, éillitheacht agus coireanna eile a bhfuil tionchar acu ar leasa airgeadais an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, rinneadh idirbheartaíocht ar Chomhaontú Praiticiúil 2008 maidir le socruithe do chomhar idir Eurojust agus OLAF.

Comhar oibríochtúil D'oibrigh Eurojust agus OLAF i gcomhpháirt ar cheithre chás in 2013; dhá chás a rabhthas ag leanúint leo ó bhlianta roimhe sin, agus chláraigh Eurojust dhá chás nua in 2013 le rannpháirtíocht OLAF. D'fhreastail OLAF ar chruinniú comhordúcháin amháin. Fianaise é cásobair Eurojust gur chabhraigh freastal Eurojust agus OLAF ar chruinnithe comhordúcháin chun naisc a thabhairt faoi deara, ar bhealach níos éifeachtaí, idir cásanna i mBallstáit eile agus léargas níos fearr a fháil ar choireanna casta trasteorann PIF.

I ndiaidh grinnscrúdú níos mine, ba léir gur cásanna PIF 'Ballstát iolrach' (Airteagal 3(1) Cinneadh Eurojust) seachas cásanna PIF 'Ballstát Amháin' (Airteagal 3(3) Cinneadh Eurojust) a bhí i gceist. Dá réir sin, bhí i bhfad níos mó Ballstát i gceist ná a síleadh ar dtús.

Tá rannpháirtíocht Eurojust agus/nó OLAF i gcás PIF faoi réir measúnú cáis ar chás agus ní mór roinnt paraiméadar a mheas go cúramach. I measc na bparaiméadar seo tá breisluach a rannpháirtíochta sa chás i gceist agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an imscrúdú leanúnach. Baineann fíorthábhacht le cumarsáid mhaith idir Eurojust, OLAF agus na húdaráis náisiúnta chun neamh-rannpháirtíocht Eurojust nó OLAF i gcásanna ina bhféadfaí a mhaíomh a rannpháirtíocht a bheith ábhartha a thuiscint agus a mhíniú.

Comhar straitéiseach In 2013 lean an fhoireann rialta idirchaidrimh le béim a leagan ar shlite chun tuilleadh cásanna comhpháirteacha agus comhar níos dlúithe a fhorbairt. Reáchtáil Eurojust an chéad seisiún oiliúna d'imscrúdaitheoirí OLAF i mí na Nollag. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí chun treoirlínte agus critéir maidir le comhar a chruthú, malartú achoimrí cáis san áireamh.

3.4. Dúshláin agus dea-chleachtas i dtaca le cásobair

Saincheisteanna ginearálta Tá éagsúlacht ag baint le cásobair Eurojust, rud a chiallaíonn go mbaineann deacracht fiú le haird a tharraingt ar roinnt ainmneoirí suntasacha coitianta. Baineann formhór na gcásanna le hiarratais ar chúnamh dlíthiúil déanta ag údaráis ionchúisimh agus bhreithiúnacha laistigh den Aontas Eorpach, atá á rialú den chuid is mó ag Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cúnamh Frithpháirteach i ndáil le Ceisteanna Coiriúla idir Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Coinbhinsiúin MLA). Baineann tascanna tábhachtacha eile le forghníomhú EAWanna údaráis inniúla sna Ballstáit. Tá an obair agus na saincheisteanna a bhaineann le cineálacha sonracha coireachta, cruinnithe comhordúcháin agus ionaid chomhordúcháin agus JITanna, sonraithe in áit eile; dá réir sin, déileáiltear sa roinn seo le ceisteanna ginearálta a bhaineann le MLA agus EAWanna. Bunaithe ar an gcur chuige ginearálta seo, is fianaise iad roinnt cásanna ar dheacrachtaí a bhaineann le cumarsáid chuí agus éifeachtach a bhunú idir na húdaráis náisiúnta i gceist. Glacann agus ghlac Eurojust riamh leis gur saincheist thábhachtach í seo, agus baineann tábhacht ar leith le hidirghabháil Eurojust. Eascraíonn deacrachtaí a gcabhraíonn Eurojust lena sárú as míthuiscintí agus easpa eolais maidir le córais eachtracha dlí agus a rialacha agus struchtúir. Ní cuid de ghnó laethúil breithiúna agus ionchúisitheoirí ar fud na hEorpa iad MLA agus EAWanna go fóill.

Féadfaidh Eurojust cabhair a thabhairt le gach gné de MLA. Tuigeann na Deasca Náisiúnta sainghnéithe a gcóras náisiúnta agus tá líonraí láidre acu sa bhaile ar féidir leo tairbhe a bhaint astu. Féadfaidh na líonraí comhairle a thabhairt maidir le hiarratais MLA a dhréachtú, conas an Coinbhinsiún MLA a léamh bunaithe ar fhorálacha náisiúnta agus cabhrú le dlús a chur faoi iarratais shonracha MLA. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le fios a bheith acu gur déileáladh le hiarratas agus spriocdháta a fháil maidir lena fhorghníomhú. Is léir gur cainéal tábhachtach é Eurojust sa chás nár éirigh le teagmháil dhíreach idir údaráis náisiúnta bhreithiúnacha - an nós imeachta ginearálta i gcásanna MLA. Mar chuid dá idirghabhálacha, leag Eurojust béim ar an tábhacht a bhaineann le dea-chumarsáid. Réitíonn éascú Eurojust de réamhchomhairliúchán agus comhairliúchán réamhghníomhach idir údaráis bhreithiúnacha iarrthacha agus iarrtha fadhbanna dlí agus praiticiúla níos tapa agus níos éifeachtaí. D'fhéadfadh tábhacht shuntasach a bheith ag baint freisin le hobair leantach ar fhorghníomhnú MLA i ndáil comhar rathúil.

Chomh maith leis sin, cabhraíonn Eurojust le húdaráis náisiúnta deacrachtaí atá ag eascairt as easpa comhchuibhithe i rialacha náisiúnta a réiteach, mar shampla maidir le faireachas leictreonach agus bearta speisialta imscrúdaitheacha. Tá éagsúlacht fós le sonrú i rialacha nós imeachta ar fud na hEorpa agus d'fhéadfadh éagsúlacht shuntasach a bheith le sonrú sna bearta atá ceadaithe. Nuair a bhíonn fianaise á bailiú ó chóras dlí eile, ba chóir go mbeadh an fhianaise bailí ina dhiaidh sin os comhair chúirteanna an Bhallstáit iarrthaigh.

I ndáil le hAirteagal 7(3) de Chinneadh Eurojust, bhí deis ag Coláiste Eurojust i gcás ar leith na focail 'diúltuithe athfhillteacha nó deacrachtaí athfillteacha a bhaineann le forghníomhú iarratas ar, agus cinntí maidir le, comhar breithiúnach' a léamh. Níor aimsigh an Coláiste gur staid shonrach a bhí i gceist sa chás clúdaithe ag an bhfoclaíocht sin. Is léir bunaithe ar thaithí Eurojust go bhfuil deacrachtaí ag baint lena ndéanamh amach an dtagraíonn na 'diúltuithe nó deacrachtaí athfhillteacha' seo do (i) iarratas amháin, (ii) níos mó ná iarratas amháin nó (iii) cibé ar cheart an measúnú seo a dhéanamh ar bhonn cáis ar chás, beag beann ar an líon iarratas. Dá réir sin, molann Eurojust go ndéanfar an fhoclaíocht seo a shoiléiriú sa dréacht-Rialachán nua maidir le Eurojust.

Barántais Ghabhála Eorpacha In 2013, cláraíodh 217 cás a bhain le forghníomhú EAWanna ag Eurojust. Ba é Deasc na Polainne a rinne an líon is mó iarratas ar chúnamh maidir le forghníomhú EAWanna, ach ní raibh

Deasca na hOstaire, na Beilge agus na Bulgáire mórán ar gcúl. Ba faoi bhráid Dheasc na hIodáile a cuireadh an líon is mó iarratas ar fhorghníomhú EAWanna, ach ní raibh Deasca na Spáinne ná na Ríochta Aontaithe mórán ar gcúl.

Cabhraíonn Eurojust le húdaráis inniúla na mBallstát le forghníomhú tapa EAWanna, trí chinntiú, mar shampla, nach féidir forghníomhú a dhiúltú de bhua Airteagal 4(2) de Chreat-Chinneadh 2002/584/JHA maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpaí mar thoradh ar easaontachtaí dlínse. I gcás maidir le gáinneáil ar dhrugaí mar shampla a bhfuil údaráis in dhá Bhallstát i mbun imscrúdú a dhéanamh air, féadfar roinnt amhrasatach a ghabháil i gceann de na Ballstáit agus féadfaidh údaráis an Bhallstáit eile cead a lorg EAWanna a eisiúint do na hamhrastaigh chéanna. Féadfaidh Eurojust cabhrú leis an easaontacht phoitéinsiúil dlínse a réiteach sula ndéantar na EAWanna a fhorghníomhú trí na Ballstáit a thabhairt le chéile chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát is fearr chun imeachtaí a thionscnamh.

In 2013, tionscnaíodh sé chás ag Eurojust mar thoradh ar eisiúint EAWanna easaontacha de bhua Airteagal 16 den Chreat-Chinneadh ar an mBarántas Gabhála Eorpaí. Tugadh na cásanna seo ar fad chun críche go sásúil i ndiaidh *Threoirlínte 2011 Eurojust d'imeachtaí inmheánacha maidir le soláthar thuairim Eurojust i gcás Bharántas iomaíoch Gabhála Eorpaí*. San áireamh i ról Eurojust sna cásanna seo bhí faisnéis a sholáthar maidir leis na rialacha dlí i bhfeidhm i mBallstáit eile agus úsáid uirlisí malartacha breithiúnacha comhair a mholadh i gcásanna cuí, cosúil le tabhairt suas sealadach an duine iarrtha nó iarratas MLA a eisiúint ionas gur féidir ráitis a ghlacadh nó finnéithe a chur faoi agallamh trí fhíschomhdháil.

Baineann ceann de na príomhdhúshláin phraiticiúla atá le sárú ag údaráis náisiúnta le riachtanais teanga an EAW. Foráiltear in Airteagal 8(2) den Chreat-Chinneadh ar an mBarántas Gabhála Eorpaí nach mór EAWanna a aistriú go teanga an Bhallstáit fhorghníomhaithe. Tá fianaise le fáil i gcásobair Eurojust ar a lán deacrachtaí i ndáil leis na doiciméid aistrithe faighte a thuiscint mar aon le fadhbanna leis na costais a bhaineann le haistriúchán tráthúil EAWanna a chinntiú sula n-eisítear iad.

Orduithe calctha, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní Ainneoin gur ann do Chreat-Chinntí sa réimse seo, tá éagsúlacht shuntasach le sonrú sa reachtaíocht náisiúnta agus sna rialacha nós imeachta atá i bhfeidhm maidir le horduithe calctha, coigistiú agus aisghabháil sócmhainní. Ciallaíonn na deacrachtaí seo go bhféadfadh ionchúiseamh rathúil a leithéid de chásanna a bheith dúshlánach, ó tharla, i gcleachtas, nach bhfuil formhór na mBallstát in ann iarratais ar MLAanna chun fáltais choireachta a aithint agus a chalcadh a fhorghníomhú ná orduithe coigistithe eisithe ag cúirteanna Ballstát eile a aithint má tá difríocht shuntasach sna rialacha i bhfeidhm sna Ballstáit eile.

Tá Eurojust ag leanúint le cabhrú le cuid de na deacrachtaí seo a réiteach, trí rannpháirtíocht sa chásobair agus trí ghníomhaíochtaí ardaithe feasachta. In 2013, bhí cásobair Eurojust sa réimse seo dírithe ar chomhairle a chur ar údaráis náisiúnta maidir leis na riachtanais dhifriúla dlí agus nós imeachta i bhfeidhm agus cabhrú leis na húdaráis imscrúdúcháin agus ionchúisithe feidhmiú go comhuaineach i ndáil le forghníomhú orduithe calctha. I mí an Mhárta, d'eisigh Eurojust tuarascáil maidir le coigistiú nach bhfuil bunaithe ar chiontú agus d'fhreagair sé ceistneoir ón gCoimisiún a bheidh mar bhonn le *staidéar Comparáideach dlí maidir le haitheantas fhrithpháirteach orduithe chun sócmhainní coiriúla san Aontas Eorpach a chalcadh agus a choigistiú a chur chun feidhme.*

Sampla de tháirgí Eurojust





Focás Eurojust na Bliana: measúnú JITanna

4

Tionscadal maidir le measúnú JIT

- Conas a aithnítear cásanna oiriúnach do JIT?
- Conas a éascaítear tionscnamh imscrúduithe comhuaineacha sna tíortha éagsúla i gceist roimh an JIT a bhunú?
- Nuair a bhíonn an JIT i bhfeidhm, conas a dhéantar faisnéis agus fianaise a mhalartú?
- Conas a dhéantar bearta imscrúdaitheacha a chomhordú agus a chur i gcrích?
- Conad a chinntítear inghlacthacht fianaise sna tíortha difriúla?
- Cén bhreisluach a thugann an JIT don imscrúdú agus d'ionchúiseamh an cháis?

Áirítear iad sin i measc cuid de na ceisteanna a bhfuil sé beartaithe ag an tionscadal ar mheasúnú JIT a fhreagairt, tionscadal a thionscain an Líonra Saineolaithe Náisiúnta ar JITanna in 2013. I mí Dheireadh Fómhair 2012, mar chuid de chonclúidí a n-ochtú gCruinniú Bliantúil, d'iarr na Saineolaithe Náisiúnta ar Rúnaíocht Líonra na JITanna forbairt foirm chaighdeánach a thionscnamh agus tacú leis an bhforbairt sin d'fhonn cabhrú le measúnú JITanna ar leibhéal náisiúnta.

Tá dhá chuspóir luaite leis an tionscadal:

Ar an gcéad dul síos, ba chóir go gcabhródh sé le cleachtóirí feidhmiú na JITanna a mheas bunaithe ar na torthaí faighte. Deich mbliana i ndiaidh dháta cur chun feidhme an Chreat-Chinnidh ar JITanna, 2002/465/JHA an 13 Meitheamh 2002, is uirlis comhair réasúnta nua iad go fóill; is minic go léiríonn údaráis forfheidhmiúcháin bhreithiúnacha agus dlí spéis i bplé a dhéanamh ar an mbreisluach agus ar na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith luaite 'lena' JIT i ndiaidh é a thabhairt chun críche. 'Seicliosta' úsáideach chuige seo a bheidh i bhfoirm mheasúnaithe na JITanna.

Ar an dara dul síos, cuireann bailiú sonraí measúnaithe lena bhfuil ar eolas ag JITanna trí na príomhdhúshláin dlí agus phraiticiúla a bhí le sárú a aithint mar aon le haird a tharraingt ar na réitigh ar thángthas orthu. Chuige seo, d'fhéadfadh eolas úsáideach a bheith le fáil sa mheasúnú ag an Líonra JITanna agus ag na páirtithe leasmhara seachtracha. Ag leibhéal an AE, níl aon mheasúnú cuimsitheach déanta fós ar éifeachtacht na JITanna. Dá réir sin, d'fhéadfadh tairbhe a bheith ag baint le haiseolas faighte ó chleachtóirí trí na foirmeacha measúnaithe.

Ba í Rúnaíocht Líonra na JITanna a dhréachtaigh an fhoirm seo i gcomhar le haonaid inniúla eile Eurojust agus i gcomhairle le Europol. D'fhonn a chinntiú go bhfuil ionchais chleachtóirí á gcomhlíonadh, tá ionchur ann freisin ó Dheasca Náisiúnta Eurojust agus ó bhaill de Líonra na JITanna. Ghlac na Saineolaithe Náisiúnta le foirm mheasúnaithe na JITanna ag a naoú gCruinniú Bliantúil i Meitheamh 2013.

Is uirlis cháilíochtúil í foirm mheasúnaithe na JITanna agus nuair a bheidh an fhoirm tugtha chun críche ní bheidh sonraí pearsanta ann; éascaíonn easpa sonraí pearsanta breis úsáide a bhaint as faisnéise faighte. Ó tharla gur cleachtadh comhpháirteach iad JITanna, moltar do cheannairí JIT an fhoirm a chomhlánú i dteannta a chéile nuair is féidir. Ní mór an measúnú a dhéanamh i ndiaidh dhúnadh an JIT agus ní mór cur leis i ndiaidh na céime trialaí chun sonraí ábhartha a bhailiú maidir leis na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú roimh chúirteanna náisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí agus le ciontuithe JIT.

Chun an measúnú a dhéanamh, i bhformhór na gcásanna, eagrófar cruinniú deiridh idir na comhpháirtithe JIT i ndiaidh dheireadh an imscrúdaithe. Féadfaidh Eurojust tacú leis an bpróiseas seo trí ionad a thairiscint don chruinniú nó trí airgead a sholáthar trí dheontas JIT.

I ndiaidh do na Saineolaithe Náisiúnta glacadh leis an bhfoirm, thionscain Rúnaíocht Líonra na JITanna próiseas oibre ina sonraítear na céimeanna riachtanach chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar JITanna. Tá leagan 'idirghníomhach' den fhoirm forbartha i gcomhar leis an Aonad Bainistíochta Faisnéise agus tá sé tástáilte ag roinnt Saineolaithe Náisiúnta. Ceadóidh úsáid an leagain seo den fhoirm sonraí a iompórtáil go huathoibríoch chuig bunachar sonraí a bheidh á bhainistiú ag Rúnaíocht Líonra na JITanna. Úsáidfear an uirlis sna blianta amach romhainn le tacú le tuarascálacha cáilíochtúla agus cainníochtúla maidir le JITanna a chruthú.

Rinneadh measúnú ar JITanna ar dhá ócáid ar leith ag Eurojust. I Meitheamh 2013, réachtáladh dhá chruinniú measúnaithe maidir le JITanna a raibh Eurojust ag tacú leo, a chiallaigh go bhféadfaí an fhoirm a thástáil agus ábhar na foirme a choigeartú bunaithe ar riachtanais oibríochtúla.

Tá eolas luachmhar tagtha as torthaí na measúnuithe seo cheana féin. I gcás amháin a bhain le gáinneáil ar dhrugaí mar shampla, tarraingíodh aird ar an ngá atá le malartú leanúnach faisnéise idir na comhpháirtithe JIT chun comhordú maith gníomhaíochtaí imscrúdúcháin a chinntiú agus cuireadh in iúl gur príomhfhachtóir i rath na ngníomhaíochtaí gléasanna cumarsáide a bheith á dtabhairt ar iasacht ag Eurojust trí mhaoiniú JITanna. I láthair imscrúduithe comhuaineacha nach gá gurb é an patrún céanna a bheadh á leanúint acu, mheas comhpháirtithe JIT é a bheith riachtanach plé a

dhéanamh ar easaontachtaí féideartha dlínse a luaithe agus ab fhéidir, an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag an tsaincheist seo ar fhorghníomhú EAWanna á cur san áireamh.

Féadfar úsáid a bhaint as measúnú freisin chun deachleachtas a aithint. I ndáil le smuigleáil imirceach mar shampla, chinn na comhpháirtithe JIT úsáid a bhaint as a n-iarrachtaí d'fhonn oibriú i gcomhar le tír bhunaidh na n-imirceach.

Dá réir sin, rinneadh na hiarratais MLA eisithe ag na comhpháirtithe JIT a chomhordú agus a sheoladh go comhuaineach ar mhaithe le béim a leagan ar an gcur chuige coiteann.

I bhformhór na gcásanna go dtí seo, taithí dhearfach ba ea bunú agus reáchtáil JIT. Déantar cur síos ar JITanna mar uirlis éifeachtach comhair agus mar bhealach chun foghlaim ó chórais dlí, modhanna oibre agus cultúir ghairmiúla eile.

Téama

Forbairtí reachtaíochta

Cinneadh na Comhairle a Chur Chun Feidhme: Meastóireacht

Creatlach dlíthiúil Rinneadh athbhreithniú ar chreat dlí Eurojust in 2008, mar thoradh ar thionscnamh 14 Ballstát agus an Choimisiúin Eorpaigh, chun Eurojust a threisiú agus a éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú.

Príomhchuspóirí *Cinneadh 2009/426/JHA na Comhairle maidir le treisiú Eurojust, ag leasú Cinneadh 2002/187/JHA na Comhairle chun Eurojust a bhunú agus é mar aidhm an comhrac i gcoinne tromchoireacht a neartú*, mar seo a leanas:

- Stádas na gComhaltaí Naisiúnta agus acmhainn oibríochtúil na nDeasc Náisiúnta a neartú;
- Cumhacht na gComhaltaí Náisiúnta agus ról an Choláiste a neartú;
- Comhordú a chothú idir pointí teagmhála do Eurojust/Sceimhlitheoireacht/EJN/JITanna/coireanna cogaidh Aisghabháilsócmhainní/éillitheacht ar leibhéal náisiúnta;
- Méadú a dhéanamh ar mhalartú eolais idir Eurojust agus údaráis náisiúnta; agus
- Neartú a dhéanamh ar chaidreamh oibre Eurojust le tríú Stáit agus comhpháirtithe amhail Frontex.

An chéim mheasúnachta – an rud a oibríonn agus an áit a bhfuil gá le feabhsú? Tá cur chun feidhme agus oibriú praiticiúil chinntí na Comhairle ar Eurojust agus an EJN sna Ballstáit faoi réir an tséú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha. Tá measúnuithe piaraí á ndéanamh sna Ballstáit i rith chúrsa trí bliana (2012-2014). Rinneadh measúnú in 2013 sna tíortha seo a leanas: An Fhrainc, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an RA, an Iodáil, an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Rómáin agus Laitvia. I gcomhréir lena chreat dlíthiúil, chuir Coláiste Eurojust tús le hullmhú measúnaithe neamhspleáiche seachtraí ar chur chun feidhme chinneadh na Comhairle agus a thionchar ar fheidhmíocht Eurojust i gcur i gcrích a chuspóirí.

Eurojust a athchóiriú: Peirspeictíochtaí amach anseo

Eurojust a nuachóiriú I bhfianaise Chonradh Liospóin agus Airteagal 85 TFEU, lean an Tascfhórsa ar Thodhchaí Eurojust dá mhachnamh ar leasú Eurojust, go háirithe a mhisean agus a chreat. Cuireadh cion oibre an Choláiste faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh sa chéim ullmhúcháin le haghaidh an chreata athmheasta dlí ar struchtúr, measúnú, cumhachtaí agus JITanna Eurojust, caidreamh le Europol, OLAF, an EJN agus EPPO amach anseo, comhoibriú le tríú Stáit, teacht ar dhoiciméid agus cosaint sonraí. Glacfar leis an gcreat nua dlíthiúil do Eurojust trí rialachán, agus beidh a fhorálacha ceangailteach mar sin agus iad infheidhmithe go díreach sna Ballstáit.

Caidreamh Eurojust leis an EPPO Cuireann Conradh Liospóin acmhainn athraithe ar fáil leis na roghanna atá ann do ról feabhsaithe Eurojust i ndul i ngleic le coireanna a théann i bhfeidhm go díobhálach ar shainleasanna airgeadais an AE ar bhealach níos éifeachtaí, agus maidir le bunú EPPO 'ó Eurojust' ar bhonn Airteagal 86 TFEU. Dhírigh gníomhaíochtaí an Táscfhórsa ar Thodhchaí Eurojust ar shineirgí féideartha feidhmiúla agus riaracháin a fhormhíniú idir Eurojust agus EPPO amach anseo, d'fhonn comhlántacht inniúlachtaí a chinntiú, rudaí a chumasódh idirghníomhú oibriúcháin agus éifeachtúlacht costais.

Seimineár Eurojust – An dréacht-rialachán nua ar Eurojust: Feabhsú ar an gcomhrac in aghaidh coireacht thrasteorann?

Bhí seimineár Eurojust ar siúl sa Háig ar 14 agus 15 Deireadh Fómhair, rud a d'úsáid cur chuige ildisciplíneach a chomhcheangail peirspeictíochtaí agus tuairimí acadóirí, cleachtóirí agus ionadaithe náisiúnta ón 28 Ballstát.

Bhí breis is 153 ionadaí páirteach ó údaráis náisiúnta na mBallstát, institiúidí an AE, lenar áiríodh an Coimisiún Eorpach, OLAF, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, JSB Eurojust, an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí, ionadaithe ó Europol agus Comhaltaí Náisiúnta agus riarachán Eurojust.

Ba iad na hábhair phlé ná:

Struchtúr agus rialachas Eurojust Mhol an togra le haghaidh Rialacháin ar Eurojust deighilt idir róil mhaoirseachta agus feidhmiúcháin a bhaineann le bainistíocht agus róil oibriúcháin i bhfeidhmeanna tacaíochta breithiúnacha. Rinne na rannpháirtithe plé ar scóip, riachtanais agus luach breise na ról seo.

Tascanna, inniúlachtaí agus cumhachtaí Cé nár baineadh leas iomlán as an bhféidearthacht atá in Airteagal 85 TFEU cumhachtaí breise a bhronnadh ar Eurojust, bhraith na rannpháirtithe go mbeidh tionchar cinntitheach ag na hathruithe atá beartaithe i bhfoirm Rialacháin. Tacaíodh leis an ngné fhorghníomhach de shainordú Eurojust.

Caidreamh le tríú Stáit agus comhpháirtithe an AE Chuir rannpháirtithe in iúl gur mheas siad gur gá go mbreathnófaí ar Eurojust mar ghníomhaí domhanda sa cheartas idirnáisiúnta coiriúil; gur chóir go mbeadh sé mar ionad ilfhreastail idir na Ballstáit agus tríú Stáit i gcomhoibriú breithiúnach i gcásanna a bhfuil naisc acu le háiteanna taobh amuigh de theorainneacha an AE. Tá Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh agus pointí teagmhála deimnithe mar dhroichid thábhachtacha le tríú Stáit. Measadh go raibh sé riachtanach go ndéanfaí forálacha ar mhalartú eolais i ndréacht-rialacháin Eurojust agus Europol a scáthánú ar mhaithe le héifeachtacht i gcomhoibriú oibriúcháin, i gcomhréir leis an dá shainordú chomhlántacha. Ní phléann an Togra le haghaidh Rialacháin ar Eurojust sruthlíniú iarratas idir Eurojust agus an EJN. Sa chomhthéacs seo, luaigh rannpháirtithe úsáid fhéideartha na feidhme scagaire san ENCS.

Caidreamh idir Eurojust agus an EPPO Leagadh béim ar an ngá atá le meas a léiriú ar chomhlántacht shainordú Eurojust mar aonad breithiúnach comhoibrithe an Aontais Eorpaigh. Tá dearadh EPPO amach anseo mar phríomhábhar na hidirbheartaíochta agus beidh sna míonna amach romhainn, agus beidh gá le haird chúramach a dhíriú ar chumas tacaíochta oibriúcháin agus riaracháin Eurojust.

Chuir Uachtarán Eurojust críoch leis an seimineár agus é ag rá: *'B'fhéidir nach céim réabhlóideach chun tosaigh é an togra ar Eurojust, ach táimid ag dul i dtreo éabhlóide dearfaí. Tá deireadh tagtha leis an gcomhdháil spreagúil seo, ach níl ach tús curtha leis an bplé fíorshuimiúil. Tá Eurojust spreagtha go mór agus é réidh le páirt ghníomhach a ghlacadh, agus a thaithí a chur ar fáil mar chleachtóir i múnla a thodhchaí féin.'*

Tá tuarascáil an tseimineáir foilsithe mar dhoiciméad Comhairle 17188/1/13 REV1 de Nollaig 2013. Tá an t-eagrán de *Nuacht Eurojust* ar an EPPO, rud a foilsíodh i mí na Bealtaine, tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurojust.

Moltaí an Choimisiúin mar phacáiste: an rud ar a dtugtar an 'caidreamh speisialta' Thapaigh an Coimisiún Eorpach an deis a bhí curtha ar fáil ag Conradh Liospóin Togra a eisiúint ar 17 Iúil le haghaidh Rialachán de chuid Eurojust chun Eurojust a nuachóiriú, agus Togra le haghaidh Rialachán Comhairle ar bhunú EPPO a mbeadh freagracht air as imscrúduithe agus ionchúisimh maidir le cionta in aghaidh shainleasanna airgeadais an AE. Beidh an idirbheartaíocht sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa ar an dá thogra ag leanúint nósanna imeachta difriúla reachtúla. Cé go leanfaidh an Rialachán ar Eurojust an gnáthnós imeachta comhchinnidh, tá gá ag an Rialachán a bhunaíonn an EPPO le nós imeachta speisialta reachtúil.

EUROJUST
The European Union's
Judicial Cooperation Un

Aguisín 1: Rochtain phoiblí ar dhoiciméid

De bhun Airteagal 15 den Chinneadh Glacadh le Rialacha maidir le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust (rudaí ar ghlac an Coláiste leo ar 13 Iúil 2004), is gá do Eurojust eolas a chur san áireamh ar líon na n-iarratas ar theacht ar dhoiciméid a dhiúltaíonn sé, agus na fáthanna lena leithéid de dhiúltú, ina thuarascáil bhliantúil. Chuir an tOmbudsman Eorpach fáilte roimh chuimsiú an eolais seo i rannán tiomnaithe de thuarascáil ghinearálta bhliantúil Eurojust, seachas i dtuarascáil ar leith maidir le teacht ar dhoiciméid, i bhfianaise líon réasúnta beag na n-iarratas a fuarthas, chuir sé fáilte roimhe seo ina thuarascáil tar éis dó cuairt a thabhairt ar Eurojust i Meitheamh 2012 (OI/8/2012/OV mír 22).

Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid Eurojust in 2013, méid arbh ionann é agus 26 iarratas tosaigh agus dhá iarratais deimhniúcháin (bhí 17 n-iarratas tosaigh in 2012, chomh maith le hiarratas deimhniúcháin amháin). As na hiarratais tosaigh seo, bhí 24 acu faighte go díreach ag Eurojust. Rinne comhairliúchán le Eurojust mar thríú páirtí sa dá chás breise tar éis d'iarratais a bheith faighte ag institiúidí Eorpacha eile.

Níor bhain 22 de na 26 iarratas le cásanna. Tugadh teacht iomlán maidir le 7 gcinn den 22 iarratas. I gcás iarratais amháin ar dhá dhoiciméad, ceadaíodh teacht páirteach ar dhoiciméad amháin, ach diúltaíodh é maidir leis an dara ceann, ó ba rud é gur measadh go mbainfí an bonn de phróiseas cinnteoireachta Eurojust dá nochtfaí é (Airteagal 4(3) 2ú fleasc de Chinneadh Choláiste Eurojust Glacadh le Rialacha maidir le Rochtain Phoiblí ar Dhoiciméid Eurojust de 2004, rudaí ar a dtugtar 'na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid' anseo). As na 14 chás a bhí fágtha, ní raibh na doiciméid a iarradh ag Eurojust (ocht n-iarratas) nó bhí gá le deimhniú breise chun an doiciméad a aithint (sé iarratas). D'iarr Eurojust deimhniú (Airteagal 6(2) de na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid) maidir le gach ceann de na sé iarratas seo, ach ní dhearna na hiarratasóirí athleanúint ar a bhfiosruithe.

Maidir leis an gceithre iarratas ar theacht ar dhoiciméid a bhain le cásanna, ceadaíodh iarratas amháin go páirteach tar éis atheagrú an doiciméid chun sonraí pearsanta tríú páirtithe a scriosadh i gcur chun feidhme Airteagal 4(1)(b) de na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid. In iarratas eile, tugadh cead teacht ar phreasráitis agus staidreamh maidir le cásanna Eurojust, ó ba rud é go raibh na doiciméid seo ar fáil go poiblí cheana ar shuíomh gréasáin Eurojust. Diúltaíodh teacht sa dá iarratas a bhí fágtha, toisc gur measadh go mbainfeadh eisiúint na ndoiciméad an bonn de chosaint leas an phobail maidir le cur i gcrích thascanna Eurojust in atreisiú na troda in aghaidh coireacht thromchúiseach, imscrúduithe agus ionchúisimh náisiúnta ina mbíonn Eurojust ag cabhrú, comhlíonadh rúndachta gairmiúla (Airteagal 4(1)(a), an 5ú, 6ú agus 7ú fleasc de na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid), ionracas na ndaoine aonair (Airteagal 4(1)(b) de na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid) agus/nó cosaint imeachtaí cúirte agus comhairle dhlíthiúil (Airteagal 4(2) 2ú fleasc de na Rialacha um Theacht ar Dhoiciméid).

Aguisín 2: Bearta mar gheall ar Chonclúidí na Comhairle

Ar 15 Samhain, ghlac Comhairle CGB le Conclúidí maidir le 11ú Tuarascáil Bhliantúil Eurojust (14919/13). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tuairiscíonn Eurojust ar chur chun feidhme na gconclúidí seo. Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa tábla thíos maidir leis na réimsí sin ina ndearna an Chomhairle moltaí ina leith.

Moltaí na Comhairle	Athleanúint
Glacadh le huirlisí imleora agus oibiachtúla chun measúnú a dhéanamh ar Eurojust in 2014.	Tá measúnú neamhspleách seachtrach ar Eurojust á ullmhú ag Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 41a de Chinneadh Eurojust. Rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis na téarmaí tagartha.
Ar mhaithe le leanúint de thacú le cruthú, cur chun feidhme, agus measúnú JITanna, le tacaíocht airgeadais san áireamh, agus le leanúint de na cleachtais is fearr a fhorbairt agus eolas a roinnt ar thaithí bhreithiúnach agus torthaí cásanna.	Thacaigh Eurojust le 102 JIT agus mhaoinigh sé 34 JIT in 2013. Leanfaidh Eurojust de JITanna a mhaoiniú, agus is gá dó a leithéid a dhéanamh óna bhuiséad rialta, ós rud é gur tháinig deireadh leis na deontais a fhaightear ón gCoimisiún. *Féach* rannáin 1.3 agus 2.4 agus Caibidil 4: 'Fócas na bliana'.
Leanúint dá chleachtas baint a bheith aige le Europol, pé áit ar caoi, sa phróiseas comhordúcháin maidir le cásanna a seoladh chuig Eurojust agus chun comhlántacht a lorg ina n-obair faoi seach agus iad ag tacú le húdaráis náisiúnta.	Bhí Europol páirteach i 53 cás agus bhí sé páirteach i 75 cruinniú comhordúcháin ag Eurojust. *Féach* rannán 3.3.2 agus na samplaí cáis.
Comhoibriú a neartú le OLAF ar chásanna maidir le calaois, éillitheacht agus coireanna eile a théann i bhfeidhm ar shainleasanna airgeadais an AE.	D'oibrigh OLAF agus Eurojust le chéile ar cheithre chás. *Féach* cuid 3.3.2.
Tacú go gníomhach leis an gcleachtas is fearr agus é a scaipeadh maidir le cur chun feidhme EAWanna, agus pé áit ar cuí, cruinnithe a thionól i measc na n-údarás inniúil agus iad dírithe ar réitigh ar cheisteanna athfhillteacha a aimsiú.	Beidh seimineár straitéiseach á reáchtáil ag Uachtaránacht na Gréige ar an AE agus ag Eurojust in 2014 ar an EAW. Díreoidh an Fóram Comhchomhairleach ar an ábhar seo chomh maith.
Measúnú a dhéanamh ar cé acu ar chóir nó nár chóir cruinnithe breise de na Comhfhreagraithe Náisiúnta do Eurojust a eagrú.	Cuirfidh Eurojust dara cruinniú i láthair de na Comhfhreagraithe Náisiúnta do Eurojust in 2014.
Tuairisciú a dhéanamh ar athleanúint a dhéantar ar eolas a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Eurojust agus an t-aiseolas a chuirtear ar fáil do chleachtóirí i gcomhréir le hAirteagal 13a de Chinneadh Eurojust.	*Féach* cuid 2.3. Déanfar measúnú breise i rith chúrsa na measúnachta atá le coimisiúnú in 2014, agus toradh na measúnuithe frithpháirteacha sna Ballstáit a gcur san áireamh.
Cur chun feidhme nasc slán a chur chun cinn, rud a ligeann do theacht ar an CMS tarlú ar leibhéal náisiúnta do na Ballstáit go léir.	Rinne Eurojust tuairisciú ar an dul chun cinn a baineadh amach don Chomhairle agus don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16b de Chinneadh Eurojust. *Féach* rannán 2.3 agus Doiciméad Comhairle 12582/13 an 19 Iúil 2013.
Measúnú a dhéanamh ar bhunú an Chomhordaithe ar Glao-Dhualgas i gcásanna práinneacha faoi Airteagal 5a de Chinneadh Eurojust.	*Féach* alt 1.2.2. Déanfar measúnú i rith na measúnachta a bheidh coimisiúnaithe in 2014.

Aguisín 3: Staidreamh cásanna Eurojust

Figiúr 1 - Cásobair 2009 go 2013



Figiúr 2 - Cásanna déthaobhacha agus iltaobhacha ó 2009 go 2013



Figiúr 3 - Cásanna déthaobhacha/iltaobhacha tionscanta ag Ballstát

	Déthaobhach	Iltaobhach
BE	37	16
BG	65	5
CZ	58	18
DK	37	5
DE	32	21
EE	34	6
IE	22	3
EL	31	2
ES	40	19
FR	35	45
HR	4	5
IT	78	23
CY	17	0
LV	33	8
LT	31	7
LU	31	5
HU	57	10
MT	25	2
NL	32	10
AT	80	14
PL	83	7
PT	80	9
RO	55	10
SI	72	19
SK	20	4
FI	37	4
SE	58	14
RA	81	16

Figiúr 4 - Ballstáit iarrthacha/iarrtha

	Iarrthach	Iarrtha
BE	53	123
BG	70	63
CZ	76	71
DK	42	57
DE	53	222
EE	40	40
IE	25	45
EL	33	64
ES	59	237
FR	80	172
HR	9	33
IT	101	194
CY	17	76
LV	41	48
LT	38	43
LU	36	52
HU	67	86
MT	27	33
NL	42	188
AT	94	99
PL	90	101
PT	89	71
RO	65	121
SI	91	44
SK	24	77
FI	41	44
SE	72	63
RA	97	186

Figiúr 5 - Cásanna de réir Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh ó 2009 go dtí 2013



Figiúr 6 - cineálacha coireachta tosaíochta Eurojust



Figiúr 7 - Tríú Stáit i gcásobair Eurojust



Faisnéis ghinearálta	Líon na gcásanna
Líon iomlán na gcásanna le tríú Stáit	188
Líon iomlán na dtríú Stát a bhí i gceist	47

Figiúr 8 - Rannpháirtíocht tíortha nach Ballstáit iad, comhpháirtithe an AE & eagraíochtaí idirnáisiúnta i gcásobair Eurojust



Figiúr 9 - Príomhchineálacha coireachta a bhain le tríú Stáit



Figiúr 10 - Cruinnithe comhordanáidithe: Ballstáit



	Déthaobhach	Iltaobhach
BE	12	43
BG	7	12
CZ	7	13
DK	7	10
DE	14	51
EE	5	3
IE	0	2
EL	2	4
ES	13	45
FR	45	21
HR	0	2
IT	23	20
CY	0	10
LV	8	6
LT	11	6
LU	0	8
HU	1	16
MT	0	6
NL	9	56
AT	9	13
PL	3	12
PT	2	9
RO	1	20
SI	8	5
SK	1	3
FI	2	10
SE	8	12
RA	15	33

Figiúr 11 - Cruinnithe comhordúcháin: tíortha nach Ballstáit iad, comhpháirtithe an AE agus eagraíochtaíidirnáisiúnta



Figiúr 12 - Tarlú cineálacha coireachta i gcruinnithe comhordúcháin*



* Is féidir le haon chruinniú comhordúcháin déileáil le breis agus cineál amháin cion

Figiúr 13 - Ionaid chomhordúcháin



Figiúr 14 - Eurojust agus JITanna



Figiúr 15 - Líon cásanna Airteagal 13



Airteagal 13		Líon na gcásanna
Airteagal 13(5)	JITanna	35
Airteagal 13(6)(a)	Coireanna tromchúiseacha	103
Airteagal 13(6)(b)	Eagras coiriúil a bheith rannpháirteach	48
Airteagal 13(6)(c)	Iarmhairtí ag leibhéal an AE	22
Airteagal 13(7)(a)	Easaontacht dlínse	20
Airteagal 13(7)(b)	Seachadtaí rialaithe	9
Airteagal 13(7)(c)	Deachrachtaí leantacha maidir le hiarratas a chur i gcrích	14

Figiúr 16 - EAWanna a chur i gcrích: Ballstát iarrthach/iarrtha



© Eurojust, 2014

Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán a atáirgeadh nó a úsáid trí mheáin ar bith, grafach, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil, nó córais chun faisnéis a stóráil nó a aistharrainge, gan cead ó Eurojust.

Buíochas leis na haonaid ar fad as a gcabhair.

Grianghraif: Jakov Minić, Michel Mees, Leen De Zutter

978-92-95084-58-2
9 789295 084582
ISSN: 1831-4279
DOI: 10.2812/5714

EUROJUST

Maanweg 174, 2516 AB The Hague, Netherlands
Guthán: +31 70 412 5000 - R-phost: info@eurojust.europa.eu - Suíomh Gréasáin: www.eurojust.europa.eu